

2021

Tuarascáil Bhliantúil

Revenue



Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Tuarascáil Bhliantúil 2021

An naoú Tuarascáil Bhliantúil is nócha de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021, lena n-áirítear dul chun cinn maidir le feidhmiú Ráiteas Straitéise na gCoimisinéirí Ioncaim, i gcomhréir leis an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, curtha faoi bhráid an Aire Airgeadais.

Bealtaine 2022

Ár Misean

Freastal ar an bpobal trí chánacha agus trí dhleachtanna a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach agus trí rialuithe custam a chur i bhfeidhm

Ár bhFís

Chun bheith ar cheann de na córais riartha chánach agus custam is mó chun tosaigh le muinín an phobail agus a bheith ar an rogha fostóra

Ár gCroíluachanna

Meas



Gairmiúil



Comhoibriú



Sofhreagrúlacht



Macántacht



Clár na nÁbhar

Athbhreithniú an Bhoird ar 2021	5
Struchtúr na hEagraíochta 2021	11
Príomhthorthaí 2021	14
Bailiú Cánacha agus Dleachtanna	17
Soláthar na dTacaíochtaí Criticiúla Covid-19	19
Seirbhís den Scoth a Sholáthar le haghaidh Comhlíontachta	25
Leibhéil Arda Comhlíontachta Saorálaí a Éascú	25
Soláthar Seirbhísí	27
Riachtanais Cáiníochóirí a Thuiscint	29
Tacú le Beartas Cánach	30
Imeacht na Ríochta Aontaithe ón AE	35
Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht	41
Cláir Chomhlíontachta	41
Úsáid Sonraí, Faisnéise agus Anailísíocht	43
Díriú agus Cur Isteach ar Ghníomhaíochtaí sa Scáthgheilleagar	44
Cothromaíocht, Trédhearcacht agus Éifeachtacht a Chinntiú	50
Fiachais a Bhailiú	51
Comhoibriú	52
Ag Dul i mBun na hOibre: Ár nDaoine agus ár Struchtúir	55
Ár nDaoine	55
Ár gCultúr	63
Nuálaíocht	65
Rúndacht an Cháiníochóra	66
Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí & Athnuachan na Státseirbhíse	68
Rialachas	69
Coiste Bainistíochta na gCoimisinéirí Ioncaim ag Leibhéal an Rúnaí Chúnta	73
Bainistíocht Airgeadais	75
Cuntas ar Fháiltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021	77
Innéacs Tábla 2021	96
Aguisín 1 - Míreanna Oidhreacht a Thabhairt	109

Athbhreithniú an Bhoird ar 2021

Ba bhliain fíor-eisceachtúil í 2021 do na Coimisinéirí Ioncaim. Ní hamháin gur bhailigheamar an líon is airde cánach agus dleachta don bhliain, rinneamar amhlaidh i gcomhthéacs timpeallacht trádála a bhí athraithe ó bhonn idir Éire agus an Bhreatain Mhór agus an cur isteach suntasach leanúnach eacnamaíoch agus sóisialta a bhaineann leis an bpaindéim Covid-19. Agus sláinte agus sábháilteacht ár muintire mar thosaíocht i gcónaí, chuireamar ár bpríomhghnó i gcrích agus muid ag leanúint orainn ag oibriú i dtimpeallacht chianoibre den chuid is mó. I bhfráma ama réasúnta gearr, tar éis reachtaíocht a bheith achtaithe a thug uasdátú, tar éis seacht mbliana, ar oibriú na Cánach Maoine Áitiúil (CMÁ), chuireamar na bearta riachtanacha go léir i bhfeidhm chun na hathruithe a riar go héifeachtach roimh an tréimhse luachála nua a thosaigh ar an 1 Samhain seo caite. Leanamar freisin le ról suntasach a bheith againn maidir le príomhthacaí Rialtais a sholáthar do ghnólachtaí mar chuid den fhreagairt náisiúnta ar Phaindéim Covid-19.

Bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim iomlán de €96.6 billiún i bhfáltais chomhlána, lena n-áirítear €17.5 billiún i bhFáltais neamh-Státchiste a bailíodh thar ceann Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais. B'ionann glanfháltais an Státchiste i ndiaidh aisíocaíochtaí agus €67.5 billiún, méadú 20% nó €11.3 billiún ar 2020.

D'ainneoin na timpeallachta gnó dúshlánaí, athraitheacha agus éiginnte ag eascairt as an bpaindéim leanúnach, d'fhan rátaí comhlíontachta tráthúla foriomlána do 2021 láidir i gcónaí. Is fianaise é seo ar an tábhacht aitheanta a bhaineann le comhlíonadh tráthúil cánach agus dleachta don tsochaí i gcoitinne, agus léiríonn sé freisin an rannpháirtíocht dhearfach ag gnólachtaí, cáiníocóirí aonair agus cleachtóirí cánach i rith na bliana agus a n-iarrachtaí cultúr comhlíonta láidir deonach a chaomhnú, in ainneoin na ndeacrachtaí a bhí ag go leor daoine.

Bhí forbairt, éabhlóid agus mionchoigeartú leanúnach ár struchtúir ríthábhachtach dár gcumas chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhí romhainn in 2021. Ní hamháin go n-uasmhéadaíonn sé seo ár n-éifeachtacht mar riarachán cánach agus custaim ach cuireann sé ar ár gcumas freisin oiriúnú go tapa don timpeallacht ina n-oibrímid atá ag athrú de shíor. Mar shampla, in 2021, bhunaíomar Rannóg nua, Rannóg Imscrúdaithe, Ionchúisimh agus Bainistíochta Teorainneacha, a thug le chéile ár bhfeidhmeanna oibríochtúla túslíne agus forfheidhmithe agus ár ngníomhaíochtaí imscrúdaithe agus ionchúisimh choiriúla, rud a d'éascaigh slógadh comhtháite acmhainne an-suntasach agus sruthlíniú na hoibre.

Tá ár gcroíluachanna de aclaíocht, ionracas, meas, comhoibriú agus gairmiúlacht fite fuaite inár gcultúr. Cuireann sé seo ar ár gcumas leanúint ar aghaidh ag tabhairt faoi na dúshláin atá romhainn in 2022 agus ina dhiaidh sin.

Imeacht na Ríochta Aontaithe ón AE

D'athraigh imeacht na Ríochta Aontaithe ón AE an timpeallacht trádála idir Éire agus an Bhreatain Mhór go bunúsach. Tá earraí a d'aistrigh go saor idir an dá dhlínse tráth anois faoi réir fhoirmiúlachtaí Custam. Ag tógáil ar an rannpháirtíocht fairsing a bhí againn le trádáil agus gnó le linn 2019 agus 2020, in 2021, leanamar ar aghaidh ag tacú le trádáil agus gnó, i dteannta a chéile agus go haonarach, chun oiriúnú a dhéanamh do na ceanglais agus na foirmiúlachtaí nua agus chun ceistanna sonracha a réiteach a eascraíonn as an timpeallacht trádála nua. Bhí an tacaíocht leanúnach seo ríthábhachtach i bhfianaise na héiginnteachta ar leith a bhí i réim maidir le cur i bhfeidhm na dtaraifí agus na gcuótaí go dtí gur comhaontaíodh comhaontú trádála nua go dtí an 1 Eanáir 2021.

D'oibríomar freisin le comhghleacaithe sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun sreabhadh éifeachtúil earraí a éascú tríd ár gcalafoirt agus ár n-aerfoirt. Ar an eolas ónár rannpháirtíocht dhian agus an-dearfach le

gnólachtaí agus comhlachtaí ionadaíocha trádála, rinneamar próisis áirithe a chuíchóiriú agus tógamar ar an gcur chuige comhoibríoch Gníomhaireachta tras-Stáit atá ann cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán phraiticiúla ‘ar an talamh’ de réir mar a tháinig siad chun cinn nó chomh tapa agus is féidir ina dhiaidh sin.

Ó thús an-mhall, tháinig méadú de réir a chéile ar mhéideanna trádála leis an Ríocht Aontaithe le linn 2021 agus tháinig feabhas ar chomhlíonadh na gceanglas de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh. I rith na bliana, rinneamar próiseáil ar 29.8 milliún dearbhú custaim a sáraíodh riamh, agus ba dhearbhuíthe iompórtála 27.1 milliún díobh. Bhí sé sin i gcomparáid le díreach os cionn 1 mhiliún dearbhuithe iompórtála a próiseáladh in 2020. Ag féachaint ar ghluaiseachtaí feithiclí lastais ón mBreatain Mhór isteach go hÉirinn thar an mbliain iomlán, tugadh an bealach glas do 86% díobh, rud a chiallaíonn gur ghluais siad go saor tríd an gcalafort ábhartha gan gá le haon idirghníomhaíocht bhreise leis na Coimisinéirí Ioncaim ná le haon Ghníomhaireacht Stáit eile, tugadh an bealach oráiste do 11% díobh rud a chiallaíonn go raibh seiceáil doiciméadach nó rialú comhchosúil de dhíth ar na hearraí agus tugadh an bealach dearg do 3% díobh a chiallaíonn go raibh gá le scrúdú fisiceach nó cigireacht ar na hearraí.

Tá tuilleadh athruithe ar an timpeallacht trádála idir Éirinn agus an Bhreatain Mhór le teacht. Chuir Rialtas na Ríochta Aontaithe fionraí shealadach ar thabhairt isteach ceanglais iompórtála nua a bheadh i bhfeidhm ar thrádáil idir Éirinn agus an Bhreatain Mhór ón 1 Eanáir 2021. Táimid ag leanúint ar aghaidh ag cabhrú le gnólachtaí na hathruithe seo a thuiscint agus a bheith réidh leo nuair a chuirtear deireadh leis an bhfionraí sealadach.

Freagairt ar Covid-19

Lean an suaitheadh eacnamaíoch agus sóisialta de bharr na paindéime Covid-19 ar aghaidh i rith 2021, le srianta suntasacha ar shláinte phoiblí ag cur isteach ar ghnóthais ar fud go leor earnálacha. Lean muid ar aghaidh le ról suntasach a bheith againn i dtacú le gnólachtaí a raibh tionchar acu orthu trí thacaíochtaí rithábhachtacha an Rialtais a sheachadadh.

Rinneadh roinnt coigeartuithe ar na Scéimeanna Tacaíochta Covid, go háirithe ar an Scéim Tacaíochta Srianta Covid (STSC) agus ar an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF), de réir mar a cuireadh srianta sláinte poiblí i bhfeidhm agus nuair a maolaíodh iad i rith na bliana. Tá na hathruithe scéime doiciméadaithe i gcorp na tuarascála. De réir mar a fógraíodh gach athrú rinneamar ár gcórais a oiriúnú go tapa chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú do ghnóthais a raibh tionchar acu. I gcaitheamh na bliana, d'éiligh beagnach 47,600 fostóir €4.61¹ billiún faoin SFPF i leith 628,000 fostaí. D'éiligh 21,400 gnólacht iomlán de €479² milliún in íocaíochtaí STSC i leith 24,650 áitreabh do 2021 agus d'éiligh 1,988 gnóthas le 2,008 trádáil iomlán de €7.9³ milliún in íocaíochtaí faoin Scéim Tacaíochta um Atosú Gnó (STAG).

Faoin Scéim Stórasaothe Fiachais, féadann gnólachtaí fiacha cánach áirithe a bhaineann le Covid-19 a ‘pháirceáil’ go sealadach ar bhonn saor ó ús go dtí deireadh 2022 nó go dtí 30 Aibreán 2023 do ghnóthais a bhfuil tionchar ag na srianta sláinte poiblí a tugadh isteach i mí na Nollag 2021 i bhfeidhm orthu. Amhail an

31 Nollaig 2021, rinneadh stórasú ar €2.9⁴ billiún i bhfiachas cánach do 98,000 gnó.

Chomh maith leis an réimse leathan tacaíochtaí a riar muid thar ceann an Rialtais in 2021, chuir muid i bhfeidhm chomh maith sraith beart lamhálaíochtaí thar réimse leathan ceisteanna a bhaineann le cáin faoi fhorálacha cúraim agus bainistíochta Alt 849 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Tá mionsonraí orthu sin sa tuarascáil.

¹ Éileamh comhlán SFPF do 2021 amhail an 6 Aibreán 2022.

² Éileamh comhlán STSC do 2021 amhail an 6 Aibreán 2022.

³ Éileamh comhlán STAG do 2021 amhail an 6 Aibreán 2022.

⁴ Léiríonn sé an seasamh amhail an 31 Nollaig 2021.

Cáin Maoine Áitiúil

Tar éis reachtaíocht a achtú i mí Iúil seo caite a thug suas chun dáta an chaoi a d'fheidhmigh an Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) chuireamar na bearta riachtanacha go léir i bhfeidhm, lena n-áirítear athruithe córais, treoir luachála réadmhaoine ar líne nuashonraithe agus feachtas cumarsáide cuimsitheach, roimh an tréimhse luachála nua a thosaigh ar an 1 Samhain 2021. Tá thart ar 2 mhiliún maoín faoi dhliteanas CMÁ do 2022. Ceanglaíodh ar fhormhór na n-úinéirí maoine a maoín a athluacháil chun críocha CMÁ den chéad uair le 8 mbliana, agus ceanglaíodh ar úinéirí maoine níos nuaí, a tógadh ó 2013, Tuairisceán CMÁ a thíolacadh den chéad uair. Faoi dheireadh 2021, bhí beagnach 397,000 glao gutháin déanta ar ár Líne Chabhrach CMÁ agus bhí breis agus 100,000 mír comhfhreagrais faighte. Seasann an ráta comhlíontachta tuairisceáin don CMÁ do 2022 ag 90%⁵ faoi láthair, agus is é 94%⁶ an ráta comhlíontachta íocaíochtaí.

Seirbhísí do Chomhlíontacht

Baineann muid ár gcroí-thasc maidir le cánacha agus dleachtanna a bhailiú trí shamhail seachadta i leith seirbhís comhlíontachta a sholáthar atá lúfar, freagrúil agus a chuireann san áireamh riachtanais na gcáiníocóirí agus na ngníomhairí cánach. Leanaimid lenár gcur chuige deighilte maidir le seachadadh seirbhíse a bheachtú agus a dhoimhniú ar bhealach a thacaíonn agus a éascaíonn leibhéil arda comhlíontachta saorálaí.

Sheolamar ardán digiteach le haghaidh Cánach Iarchoimeáda ar Sheirbhísí Gairmiúla (CISG). Bhain an tseirbhís **rCISG** méid suntasach páipéir, foirmeacha F45 go príomha, as an gcóras agus laghdaigh sé na hoibleagáidí riaracháin ar pháirtithe leasmhara.

Chuireamar áis ar fáil freisin i *moChúrsaí* a chuireann ar chumas cáiníocóirí ÍMAT éilimh a dhéanamh ar na creidmheasanna agus na faoisimh cánach áirithe i 'fíor-am', de réir mar a thabhaítear an costas cáilitheach ábhartha. Tá an tsaoráid chreidmheasa fíor-ama seo ar fáil faoi láthair i leith speansais sláinte, costais tithe altranais agus faoiseamh cianoibre. Tá sé beartaithe againn leanúint ar aghaidh leis an tsaoráid a leathnú le linn 2022 chun creidmheasanna breise a áireamh.

Tar éis éisteacht le moltaí maidir le bealaí ina bhféadfaimis éascú níos fearr a dhéanamh ar cháiníocóirí agus ar ghníomhairí cánach chun iad féin a sheirbheáil, rinneamar ár seirbhís Rianaithe Admhálacha a nuashonrú chun cur ar chumas gníomhairí sonraí admhála agus íomhánna a uaslódáil thar ceann a gcuid cliant chun tacú le héilimh ar raon creidmheasanna agus faoiseamh cánach lena n-áirítear speansais sláinte agus faoiseamh cianoibre.

Thugamar isteach saoráid nua freisin trínar féidir dleachtanna custaim a íoc le cárta dochair nó creidmheasa agus le modhanna eile ar líne ag calafoirt agus aerfoirt.

Rannchuidímid le meastóireacht, forbairt agus cur i bhfeidhm an bheartais náisiúnta cánach, chomh maith le tograí Creata Uilechuimsitheach an AE agus na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a bhaineann le digitú agus le cánachas idirnáisiúnta ar chuideachtaí. In 2021, d'oibríomar go dlúth leis an Roinn Airgeadais, ní hamháin maidir leis na príomh-thacaí Covid-19 a riarann muid thar ceann an Rialtais, ach freisin maidir le beartas náisiúnta cánach, go háirithe maidir le próiseas an Bhille Airgeadais, agus na mórfhorbairtí cánach idirnáisiúnta a cuireadh chun cinn i mbliana le huaillmhian nach bhfacthas riamh roimhe ag Creat Cuimsitheach an OECD.

⁵ Ceart amhail an 4 Bealtaine 2022.

⁶ Ceart amhail an 4 Bealtaine 2022.

Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht

Tacaímid le cultúr láidir an chomhlíontacht dheonaigh trí fhreagairt atá dírithe ar riosca, éifeachtach agus comhréireach a sheachadadh ar neamhchomhlíontacht, a léiríonn iompar cáinócóra.

Ba é an toradh iomlán ónár n-idirghabhálacha iniúchta agus comhlíontachta in 2021 ná €1,388 milliún. Comhaontaíodh socraíochtaí cánach, ar luach breis agus €30 milliún iad, le 86 cáinócóirí a foilsíodh mar mhainnitheoirí cánach.

I dtús na Bealtaine na bliana seo, tháinig **Creat Idirghabhála Comhlíontachta** nua, arna thacú ag Cód Cleachtais um Idirghabhálacha Comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim athbhreithnithe, i bhfeidhm. Forbraíodh an creat 3-leibhéal nua seo tar éis obair fairsing le linn 2021, lena n-áirítear rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara ar nós gníomhairí cánach agus gairmithe agus a gcomhlachtaí ionadaíocha. Tacaíonn an creat le comhlíontacht trí luach agus tábhacht an fhéinmheasúnaithe agus an fhéin-athbhreithnithe a fheabhsú tuilleadh mar mhodh chun comhlíontacht deonach tráthúil a chinntiú. Tacaíonn sé freisin lenár rannpháirtíocht níos gaire d'fhíor-am le cáinócóirí, agus íoslaghdaíonn sé an costas comhlíontachta ar ghnóthais agus ar dhaoine aonair a fhéachann leis an gcáin cheart a íoc ag an am ceart. Ionchorpraíonn sé ár gcur chuige traidisiúnta maidir le hiniúchadh cánach laistigh de Chreat Idirghabhála Comhlíonta a dhéanann foráil d'fhreagairt chomhsheasmhach, chéimnithe ar riosca agus iompar comhlíonta cáinócóra.

I rith 2021, lean muid lenár réimse leathan idirghabhálacha ag díriú ar chalaois, trádáil neamhdhlisteanach, smuigleáil agus coiriúlacht eagraithe. D'urghabhamar breis is 5,700 kg de dhrugaí arbh fhiú beagnach €115 milliún iad agus rinneamar níos mó ná 6,500 urghabháil ar tháirgí tobac aindleathacha arbh fhiú breis agus €67 milliún iad. D'urghabhamar freisin beagnach 429,500 lítear d'alcól aindleathach arbh fhiú €2.7 milliún é agus d'urghabhamar 601 feithicil mar gheall ar chionta éagsúla.

Ár nDaoine agus ár gCumas

Tá scileanna, solúbthacht, athléimneacht agus gairmiúlacht ár ndaoine lárnach dár gcuid éachtaí. Cuireann a gcumas agus a n-obair chrua mar aon lenár struchtúir lúfar agus ár gcumas leanúnach leas a bhaint as nuálaíocht sa teicneolaíocht, agus éifeachtúlacht ár gcleachtais ghnó a bharrfheabhsú, ar ár gcumas ár ról a chomhlíonadh go héifeachtach. Leanaimid de bheith ag tacú lenár ndaoine agus ag cur ar a gcumas feidhmiú go dtí na leibhéil is airde trí raon leathan deiseanna forbartha scileanna agus cumais a sholáthar.

Ag deireadh 2021, bhí breis agus 6,780 ball foirne buan ag obair sna Coimisinéirí Ioncaim, arb ionann é agus 6,530 coibhéis lánaimseartha. Le linn na bliana, cheap muid 549 ball foirne ó chomórtais earcaíochta oscailte, idir-rannacha agus ó chomórtais an Choiste Bainistíochta Ardleibhéil.

Glacaimid leis an indibhidiúlacht agus tá cultúr láidir measa, glactha agus comhionannais tógtha againn i measc ár bhfoirne, ag cinntiú go nglactar go hiomlán le cearta daonna agus éagsúlacht i dtimpeallachtaí inmheánacha agus seachtracha araon. Dírithear go háirithe ar fholláine comhghleacaithe ar fud na heagraíochta agus tacaítear leis trí raon tionscnamh a aibhsítear agus a sheachadtar tríd ár gclár folláine '*RevWell*'.

Ag Féachaint Chun Cinn

Leanann an t-ionchas don gheilleagar maidir le Covid-19 ag feabhsú, agus baineadh beagnach gach srian sláinte poiblí ag an bpointe seo. Táthar ag súil go gcuirfidh sé seo deireadh le ré eisceachtúil do na Coimisinéirí Ioncaim ina ndearnamar, mar gheall ar nádúr na héigeandála

atá idir lámha le beagnach 2 bhliain anuas, athruithe ríthábhachtacha ar ár gcórais bailithe cánach reatha a chuir ar ár gcumas ina ionad sin tacaí ríthábhachtacha sreafa airgid a íoc le gnólachtaí a raibh tionchar acu. Is eol dúinn, áfach, na dúshláin atá os comhair an gheilleagair faoi láthair maidir le slándáil slabhraí soláthair agus boilsciú. Is eol dúinn go maith freisin na dúshláin a tháinig chun cinn mar gheall ar chogadh na Rúise ar an Úcráin agus déanfaimid ár bpáirt chun tacú leis an bhfreagairt náisiúnta.

Tá na scéimeanna STSC agus STAG tagtha chun deiridh agus, ag deireadh na míosa seo, tiocfaidh deireadh freisin le híocaíochtaí a rinneadh faoin SFPF. Tá an chéad chéim den Scéim Stórasaithe Fiachais críochnaithe anois. Táimid tar éis scríobh chuig gach gnóthas a bhfuil fiacha á stóras acu ag leagan amach a staid cothrom le dáta. Tá an fiachas ag céim nialasach úis anois agus oibreoidimid go héifeachtach agus go réamhghníomhach le gnólachtaí chun déileáil le fiacha cánach páirceáilte ó 2023 ar aghaidh. I gcás na ngnólachtaí sin a bhfuil a bhfiacha fós páirceáilte sa stóras, níl ach coinníoll amháin ann a gceanglaítear orthu a chomhlíonadh chun na rátaí úis atá laghdaithe go suntasach de 0% agus 3% atá ar fáil faoin scéim a choinneáil; is é sin tuairisceáin chánach reatha a thíolacadh de réir mar a bhíonn siad dlite agus na dliteanais chánach ghaolmhara a íoc in am.

Tacóimid le gnó agus le trádáil de réir mar a thagann siad in oiriúint do riachtanais iompórtála Rialtas na Ríochta Aontaithe agus leanfaimid freisin ag tacú leis an Roinn Airgeadais maidir leis an gclár oibre cánach idirnáisiúnta casta atá ag forbairt.

Is é ár bpríomhghnó ná bailiú éifeachtach na gcánacha agus na ndleachtanna atá dlite don Stát, leanfaimid ag oiriúnú agus ag feabhsú ár múnla seirbhíse le haghaidh comhlíontachta, á thiomáint ag riachtanais cáiníocóirí agus gníomhairí cánach, agus ag an am céanna ag baint úsáide as dul chun cinn breise i dteicneolaíochtaí. Agus comhlíonadh tráthúil á uasmhéadú againn, cuirfimid lenár rannpháirtíocht fíor-ama agus ár bhfreagairt ar riosca tuilleadh trí chur i bhfeidhm ár gCreat Idirghabhála Comhlíontachta nua. I ngach cás, déanfar ár bhfreagra agus ár ngníomhartha a chinneadh de réir an leibhéil riosca agus iompair cáiníocóirí.

As riachtanas mar gheall ar na héigeandála de bharr Covid-19, agus mar go leor eagraíochtaí ar fud na tíre agus ar fud an domhain, táimid tar éis dul in oiriúint do bhealaí nua oibre le dhá bhliain anuas. Tugann an méid a d'fhoghlaimíomar ón taithí ar chianobair le linn an ama seo eolas mór do na deiseanna a bheidh ar fáil dúinn amach anseo i dtéarmaí an chaoi a n-oibrímid agus an áit a n-oibrímid. In ionad dul siar ar an mbealach a bhí cúrsaí roimh an bpaindéim agus ag féachaint don *Chreat Beartais Oibre Cumaisc d'Eagraíochtaí Státseirbhíse*⁷ a foilsíodh le déanaí, táimid ag cur ár socruithe oibre cumaisc níos fadtéarmaí chun cinn go gníomhach. Tá sé mar aidhm againn cur leis na héifeachtúlachtaí a baineadh amach le dhá bhliain anuas agus ár gcroíghnó á seachadadh againn agus úsáid níos mó a bhaint as réitigh teicneolaíochta feabhsaithe chun timpeallacht oibre a chumasú a éascaíonn meascán d'obair ar an láthair agus fíorúil, seachas fíor-mheascán de shuíomh seasta oifige agus obair bhaile amháin. Uasmhéadóidh an cur chuige seo solúbthachtaí a fheabhsaíonn folláine agus cothromaíocht oibre-saoil níos fearr, rud a mhéadóidh tarraingteacht na gCoimisinéirí loncaim mar fhostóir roghnaithe.

I gcomhthéacs bhagairt leanúnach Cibearionsaithe, tá sé tábhachtach a athdhearbhú gur buntosaíocht don eagraíocht slándáil chórais agus sonraí na gCoimisinéirí loncaim. Tá urrús deartha isteach do na seirbhísí go léir a oibríonn na Coimisinéirí loncaim nó a fheidhmíonn dóibh. Leagtar béim ar shlándáil don fhoireann ar fad agus is cuid de chultúr na heagraíochta í. Ní fhéadaimid, áfach, glacadh leis go bhfuilimid díolmhaithe ón mbaol a bhaineann le hionsaí agus, dá bhrí sin, leanaimid de bheith airdeallach agus infheistíocht a dhéanamh inár mbonneagar slándála, ár n-athléimneacht agus ár bhfreagrúlacht agus a uasghrádú.

⁷ <https://www.gov.ie/ga/publication/da010-blended-working-policy-framework-for-civil-service-organisations/>

Mar fhocal scoir, gabhaimid buíochas le foireann uile na gCoimisinéirí loncaim as a n-obair chrua agus a sármhaitheas leanúnach, go háirithe ag am dúshlánach gan fasach, go gairmiúil agus go pearsanta do go leor. Ní bheadh ár ngnóthachtáil in 2021 indéanta gan a ngairmiúlacht, a dtiomantas agus a dtiomantas. Aithnímid freisin agus gabhaimid buíochas leis na baill foirne de chuid na gCoimisinéirí loncaim a chuaigh ar scor le bliain anuas, ar thiomnaigh go leor acu 40 bliain nó níos mó seirbhíse don Stát. Aithnímid go háirithe an méid a chuir ár n-iar-chomhghleacaí leis na Coimisinéirí loncaim, an Coimisinéir Michael Gladney, a chuaigh ar scor ar 15 Aibreán 2022.




Niall Cody
Cathaoirleach



Gerry Harrahill
Coimisinéir


Struchtúr na hEagraíochta 2021




Príomhthorthaí 2021

Iomlán na bhfáltais comhlán de €96.6 billiún a bailíodh, lena n-áirítear €17.5 billiún i bhfáltais neamh-Stáitchiste.

Glanfháltais Chánach



Bailiúchán le haghaidh Ranna & Gníomhaireachtaí eile



Costas riaracháin na gCoimisinéirí loncaim €488.7 milliún

25 milliún teagmhálacha le custaiméirí in 2021, tacú leis an gcomhlíontacht ag 2.9 milliún fostaithe, 0.8 milliún gnó, 0.3 milliún trádálaithe CBL, 0.1 milliún trádalaí Custaim agus 1.4 milliún uinéirí maoine

Príomhthorthaí 2021

Ag tacú le Gnóthaí agus ag cosaint loncaim le linn na Paidéime

SFPF

Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta - €4.6* milliún i bhfóirdheontais íochta le 47,600 fostóirí i ndáil le 628,000 fostaithe

*Éileamh comhlán SFPF do 2021 amhail an 6 Aibreán 2022

STAG

Scéim Tacaíochta um Atosú Gnó - €7.9* milliún i dtacaíochtaí íochta le 1,988 gnó i ndáil le 2,008 trádáil

*Éileamh comhlán STAG do 2021 amhail an 6 Aibreán 2022

STSC

Scéim Tacaíochta Sriantaí Covid - €479* milliún i dtacaíochtaí íochta le 21,400 gnó i ndáil le 24,650 áitreabh gnó

*Éileamh comhlán STSC do 2021 amhail an 6 Aibreán 2022

Stórasú Fiachais

€2.9bn* dliteanais in trádstóras le 98,000* gnó tacaíthe

*léirítear an seasamh amhail an 31 Nollaig 2021

Custaim agus Caidreamh Trádála Nua leis an mBreatain Mhór a Éascú

29.8 milliún

Dearbhuithe Custam a Próiseáladh

€520 milliún

Dleacht Custam a Bailíodh

396,895

Leoraithe & Gabhdáin Isteach ón mBreatain Mhór

86%

Sciar de ghluaiseachtaí isteach ón mBreatain Mhór a tugadh 'Bealach Glas' dóibh

23,265

Clárúcháin Nua Custaim (EORI)

Athluacháil ar an gCáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) le haghaidh 2022

Tuairisceáin

1.25m* úinéir tar éis tuairisceáin a thíolacadh i leith 1.53m* maoin 94%* de na tuairisceáin tíolachta ar líne

* ceart amhail an 4 Bealtaine 2022

Comhlíontacht

90%* comhlíontacht tuairisceáin, 94%* comhlíontacht íocaíochta

* ceart amhail an 4 Bealtaine 2022

Íocaíochtaí

€434m* i socruithe íocaíochta nua do 2022 (€317m* íochta cheana féin san áireamh), €32m* breise faighte trí mhodhanna íocaíochta bliantúla

* ceart amhail an 4 Bealtaine 2022

Príomhthorthaí 2021

Bailiú agus Comhlíontacht

- €96.6 billiún in Ollfháltais Státchiste a bailíodh (Tábla 1)
- Bailíodh €17.5 billiún i bhfáltais neamh-Státchiste thar ceann gníomhaireachtaí eile (Tábla 1)
- B'ionann glanfháltais Státchiste do 2021 agus €67.5 billiún, méadú 20% ar fháltais 2020 (Tábla 2)
- €488.7 milliún i gcostais riaracháin, arb ionann é agus thart ar 0.51% den ollfháltais a bailíodh
- Ráta comhlíontachta tuairisceáin/íoca 97% do ghnóthaí meánmhéide le leibhéal an-ard comhlíontachta á choinneáil ar an iomlán (Tábla 6)
- Ráta comhlíontachta 93% bainte amach do Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) 2021, agus glanfháltais CMÁ de €551 milliún bailithe agus aistrithe chuig an gCiste Rialtais Áitiúil in 2021
- Ráta comhlíontachta tuairisceáin 90% agus ráta comhlíontachta íoca 94% i leith CMÁ do 2022, an chéad athluacháil maoine ó tugadh isteach an CMÁ⁸

Soláthar na dtacaíochtaí Criticiúla Covid-19

- Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta - €4.6⁹ billiún i bhfóirdheontais éilithe ag 47,600 fostóirí i ndáil le 628,000 fostaithe
- Scéim Tacaíochta Srianthaí Covid - €479¹⁰ milliún i dtacaíochtaí éilithe ag 21,400 gnó i ndáil le 24,650 áitreabh gnó
- Scéim Tacaíochta um Atosú Gnó - €7.9¹¹ milliún i dtacaíochtaí éilithe ag 1,988 gnó i ndáil le 2,008 trádáil
- Stórasú Fiachais - €2.9¹² billiún i bhfiachas cánach stórasaithe do 98,000 gnó
- Imréiteach cánach coinnithe agus roinnt athbhreithnithe spriocdhírithe ar chomhlíontacht tugtha chun críche
- Aisíocaíochtaí Tosaíochta - €5.8 billiún in aisíocaíochtaí CBL eisithe, méadú 4% ar 2020
- Réiteach SFSP - €308 milliún i ndliteanas comhiomlán agus 99.6% d'fhostóirí tar éis an próiseas a chríochnú
- Brostú ar Fhaoiseamh i leith Caillteanais - €485 milliún in éilimh eatramhacha íoctha le 265 comhlacht agus 369 duine aonair

⁸ Rátaí comhlíontachta CMÁ 2022 amhail an 4 Bealtaine 2022

⁹ Éileamh comhlán SFPF do 2021 amhail an 6 Aibreán 2022

¹⁰ Éileamh comhlán STSC do 2021 amhail an 6 Aibreán 2022

¹¹ Éileamh comhlán STAG do 2021 amhail an 6 Aibreán 2022

¹² Léiríonn sé an seasamh amhail an 31 Nollaig 2021

Fiachas a Bhainistiú

- B'ionann an fiachas a bhí ar fáil le bailiú agus €991 milliún, laghdú €190 milliún (16%) ar 2020
- Ba é 1.03% an fiachas a bhí ar fáil le bailiú mar chéatadán d'fháltais chomhlána, laghdú ó 1.44% in 2020.
- Faoi dheireadh na bliana 2021, bhí socruithe tráthíocaíochtaí i bhfeidhm ag 6,274 gnó agus duine aonair i leith fiachas €108.5 milliún

Comhlíontacht a Chinntiú le Dearadh agus Seirbhís den Scoth

- 10 milliún íocaíocht leictreonach íoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim, ar luach €90.65 billiún (Tábla 3)
- 1.6 milliún aisíocaíocht leictreonach íoctha le cáiníocóirí, ar luach €9.8 billiún (Tábla 3)
- 7.9 milliún tuairisceán leictreonach faighte (Tábla 3)
- 2 milliún glao gutháin freagraíodh (Tábla 3)
- 3.9 milliún mír chomhfhreagrais (litreacha, ríomhphoist slán, fiosruithe ar líne srl) (Tábla 3)
- 29.8 milliún dearbhú Custam (iompórtáil, easpórtáil, iompar) próiseáilte (Tábla 13)
- 3.1 milliún cáiníocóirí aonair cláraithe ar moChúrsaí ag deireadh 2021

Nua-Aoisiú ÍMAT

- 5.9 milliún tíolacadh párolla rathúil
- 182,943 fostóirí ag déanamh tíolacthaí (soláthraithe pinsin san áireamh)
- 4.4 milliún fostaíocht ghníomhach
- €108.7 billiún i bpá agus pinsin chomhlána tuairiscithe

Imeacht na Ríochta Aontaithe ón AE

- 396,895 gluaiseacht feithiclí lasta isteach go hÉirinn ón mBreatain Mhór; tugadh an Bealach Glas do 86% dóibh, tugadh an Bealach Oráiste do 11% dóibh, tugadh an Bealach Dearg do 3% dóibh
- 102,600 glaoch ar ár Líne Chabhrach Chustaim
- 54 seimineár gréasáin trádála, ag soláthar príomhfhaisnéise agus comhairle phraiticiúil do bhreis is 9,000 duine san iomlán.
- 23,265 Clárúcháin Custam Nua (Uimhreacha Clárúcháin agus Aitheantais Oibreora Eacnamaíoch (EORI))
- 750 gnó a fuair cúnamh ónár seirbhís tacaíochta um dhearbhu Custaim maidir le dearbhuithe Sábháilteachta agus Slándála (ENS) a thaisceadh

Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht

- €1,388 milliún mar thoradh ar idirghabhálacha iniúchta agus comhlíontachta (Tábla 14)
- €13.6 milliún, ús agus pionóis san áireamh, mar thoradh ar 131 cás seachanta cánach
- €30.3 milliún i socraíochtaí cánach i ndáil le 86 cáiníocóirí agus foilsithe in Iris Oifigiúil (Tábla 16)

Urghabhálacha

- 21,163 urghabháil drugaí dar luach beagnach €115m (Tábla 18)
- 60.7 milliún toitín agus 38,246kg de thobac urghafa, ar luach €43.5 milliún agus €24.1 milliún faoi seach (Tábla 19)
- 601 feithicil urghafa (Tábla 19)
- 31,650 lítear de bhreosla aindleathach urghafa (Tábla 19)
- 51 urghabháil airgid thirim ar luach €805,948 (Tábla 20)
- €250,620 d'orduithe forghéillte airgid ceadaithe ag an gCúirt Chuarda in 30 cás (Tábla 21)

Ionchúisimh

- 9 ciontú coiriúil de bharr imghabháil thromchúiseach cánach agus dleachta (Tábla 22)
- 231 ciontú agus fineáil arbh fhiú €599,699 iad de bharr raon ciontuithe achoimre éagsúla (Tábla 22)

Ár gCion a Dhéanamh ar Bhonn Idirnáisiúnta

- 76 Comhaontú um Chánachas Dúbailte sínithe (73 i bhfeidhm) agus 26 Comhaontú um Malartú Faisnéise Cánach (CMFC) i bhfeidhm ag deireadh 2021
- 1,616 iarratas ar chúnamh frithpháirteach faighte agus 476 iarratas eisithe ag na Coimisinéirí Ioncaim (Tábla 23) faoi fhorálacha chomhaontuithe malartaithe faisnéise na hÉireann
- 172 Nós Imeachta um Chomhaontú Frithpháirteach (NICF) curtha i gcrích tar éis teagmhála le hÚdaráis Inniúla i ndlínsí eile chun deireadh a chur le cánachas dúbailte maidir le díospóidí cánach agus 3 Réamh-Chomhaontú Praghsála (RCP) déthaobhach tugtha chun críche d'fhonn díospóidí maidir le praghsáil aistrithe a chosc (Táblaí 11 agus 12)

Bailiú Cánacha agus Dleachtanna

Is é ár misean ná freastal ar an bpobal trí chánacha agus trí dhleachtanna a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach agus trí rialuithe custam a chur i bhfeidhm. Tá ról ríthábhachtach ag na Coimisinéirí Ioncaim sa gheilleagar chun cánacha agus dleachtanna atá dlite don Stát a bhailiú. Baineann muid é seo amach trí sheirbhís den scoth a sholáthar maidir le comhlíontacht agus freagra riosca-dhírthe, éifeachtach, comhréireach do neamhchomhlíontacht a chur ar fáil, mar léiriú ar iompar cáiníocóirí.

Bailíodh fáltais chomhlána €96.6 billiún in 2021, lena n-áirítear €17.5 billiún i bhfáltais Neamh-Státchiste a bailíodh thar ceann Ranna, Gníomhaireachtaí agus Ballstáit eile an AE (Tábla 1).

Bhí na Glanfháltais Státchiste €67.5 billiún suas 20% nó beagnach €11.3 billiún i gcomparáid le 2020, agus tháinig na fáltais chánach is mó ó Cháin Ioncaim (39.6% nó €26.7 billiún), CBL (22.8% nó €15.4 billiún) agus Cáin Chorporáide (22.7% nó €15.3 billiún) (Tábla 2).

I measc na nglanfháltais neamh-Státchiste €17.5 billiún bhí €12.7 billiún i ndáil le hÁrachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) agus €3.1 milliún i ndáil le Scéimeanna An Ionaí Uileghnó CBL. Chomh maith leis sin bhí €551 milliún san áireamh i ndáil leis an gCáin Maoine Áitiúil (CMÁ), cáin atá á riar agus á bailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim agus aistríodh na glanfháltais chuig an gCiste Rialtais Áitiúil.

In ainneoin thimpeallacht ghnó dúshlánach agus neamhchinnte, d'fhan rátaí comhlíontachta in am don bhliain 2021 láidir (Tábla 5). Ag léiriú an chultúir leanúnaigh de chomhlíontacht láidir shaorálach, bhí ráta comhlíontachta in am is i dtráth de 98% i gceist do chásanna móra in 2021, 97% do chásanna meánmhéide agus 88% do gach cás eile (Tábla 6).

Ba é €5,254 milliún comhlán suim iomlán an fhiachais, agus tháinig laghdú 16% go €991 milliún comhlán ar shuim an fhiachais a bhí ar fáil le bailiú i gcomparáid le 2020. Ba é €90.65 milliún luach na bhfiachas a díscríobhadh mar fhiacha nárbh fhéidir a bhailiú. Rinne muid éascú ar shocraíochtaí tráthíocaíochtaí i leith 6,274 gnó agus duine aonair, arb ionann é agus €108.5 milliún i bhfiachas.

Athluacháil Cánach Maoine Áitiúil

I mí an Mheithimh 2021, d'fhógair an tAire Airgeadais athruithe ar an mbealach a d'fheidhmigh an Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ). Áiríodh ar chuid de na hathruithe a fógraíodh maoin chónaithe tógtha ó 2013 a thabhairt isteach sa chóras CMÁ, ceangal a chur ar úinéirí maoine a bhí ann cheana a gcuid maoine a athluacháil chun críocha CMÁ, na bandaí luachála CMÁ a leathnú agus an ráta CMÁ infheidhmithe a laghdú. Reachtaíodh na hathruithe san Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) (Leasú) 2021 i mí Iúil. Ansin chuireamar na bearta teicniúla agus riaracháin uile is gá agus fadréimseacha i bhfeidhm don chéad tréimhse luachála eile a thosaigh ar an 1 Samhain 2021.

I rith Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair 2021, chuamar i dteagmháil le breis agus 1.4 milliún úinéir maoine cónaithe chun na trí rud a bhí le déanamh acu a mhíniú chun a gcuid oibleagáidí CMÁ do 2022 a chomhlíonadh:

- luach margaidh do mhaoine ar an 1 Samhain 2021 a chinneadh
- a dTuairisceán CMÁ a thíolacadh, ag léiriú an bhanda CMÁ a bhaineann le luacháil a maoine, faoin 7 Samhain 2021, agus
- a CMÁ le haghaidh 2022 a íoc nó socruithe a dhéanamh le hé a íoc.

Chomh maith le faisnéis shoiléir agus chuimsitheach a sholáthar ar ár suíomh idirlín, d'fhorbraíomar uirlis luachála idirghníomhach agus treoir mhionsonraithe chun cabhrú le húnéirí maoine a luacháil maoine féinmheasúnaithe a chinneadh. Soláthraíonn an uirlis meánbhanda luachála measta do mhaoine cónaithe i ngach ceantar i bhformáid léarscáile. Féadann úinéirí maoine a gceantar féin a fheiceáil ar an léarscáil ach Éirchód nó suíomh na maoine a chur isteach.

Chuireamar clár cuimsitheach oiliúna Athluachála CMÁ ar fáil chun tacú lenár bhfoireann agus chun seirbhís chustaiméara chomhsheasmhach agus ghairmiúil a chinntiú. Ina theannta sin, sainaithníodh foirne teagmhasacha, cuireadh oiliúint orthu chun tacaíocht a sholáthar dár gcroífoireann seirbhíse custaiméara CMÁ ar bhonn 'ar ghlaodhualgas'. Cuireadh seisiúin mheantóireachta agus chóitseála fíorúla ar fáil go leanúnach le linn na tréimhse tíolactha CMÁ.

Chuireamar síneadh ama le spriocdháta tíolactha Tuairisceáin CMÁ go 5pm Dé Céadaoin, 10 Samhain 2021. Le linn an choicís roimh an spriocdháta sínte, chuir breis agus 200,000 úinéirí maoine glaoch ar ár líne chabhrach agus fuairéamar breis agus 70,000 mír comhfhreagrais. Thaispeáin staitisticí sealadacha a foilsíodh go gairid i ndiaidh an spriocdháta gur caitheadh le Tuairisceáin CMÁ maidir le breis agus 1.5 milliún maoin mar tíolactha, arb ionann é sin agus 77% de líon measta na maoine faoi dhliteanas CMÁ do 2022. Ba fhianaise shoiléir é seo go raibh gach iarracht á déanamh ag úinéirí maoine a gcuid oibleagáidí CMÁ a chomhlíonadh, go háirithe ós rud é gurbh í seo an chéad athluacháil don CMÁ le 8 mbliana.

Faoi dheireadh 2021, bhí beagnach 397,000 glao gutháin déanta ar ár Líne Chabhrach CMÁ agus bhí breis agus 100,000 mír comhfhreagrais faighte. Amhail an 4 Bealtaine 2022, bhí ráta comhlíontachta tuairisceáin 90%¹³ agus ráta comhlíontachta íocaíochta 94%¹⁴ i leith CMÁ do 2022. Féadtar teacht ar staitisticí CMÁ ar ár suíomh idirlín ag an suíomh seo a leanas:

<https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/statistics/local-property-tax/lpt-stats-2022/index.aspx>

¹³ Ceart amhail an 4 Bealtaine 2022

¹⁴ Ceart amhail an 4 Bealtaine 2022

Soláthar na dTacaíochtaí Criticiúla Covid-19

Lean an suaitheadh eacnamaíoch agus sóisialta de bharr na paindéime leanúnach Covid-19 ar aghaidh i rith 2021, le srianta suntasacha ar shláinte phoiblí ag cur isteach ar ghnóthais ar fud go leor earnálacha. Lean muid ar aghaidh le ról suntasach a bheith againn i dtacú le gnólachtaí a raibh tionchar acu orthu trí thacaíochtaí ríthábhachtacha an Rialtais a sheachadadh.

Chomh maith lenár gcroí-ghnó, d'oibrigh muid mar chuid de sheirbhís phoiblí chomhaontaithe agus rinne muid ár gcion le cinntiú go gcuirfí seirbhísí poiblí riachtanacha ar fáil chun tacú le saoránaigh. I measc samplaí dár rannchuidithe don iarracht náisiúnta tá:

- seirbhísí priontála agus postála i ndáil le beagnach 1.35 milliún Teastas Covid-19 an AE thar ceann na Roinne Sláinte a sholáthar
- tacaíocht rianaithe teagmhálacha a sholáthar d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)
- tacaíocht a sholáthar araon do líne chabhrach clárúcháin vacsaínithe Covid-19 an FSS agus líne chabhrach Deimhniú Digiteach Covid-19 an AE de chuid na Roinne Sláinte
- tacaíocht bhunriachtanach teicneolaíochta faisnéise a chur ar fáil do Ranna eile Rialtais agus gníomhaireachtaí
- ag soláthar bonneagair lárionaid glaonna, cóiríocht oifige agus iasachtaí gearrthéarmacha d'fhoireann theicniúil a bhfuil na scileanna ábhartha acu nuair a rinneadh ionsaí ar earraí fuascailte FSS.

Lean muid ag riar roinnt príomhscéimeanna tacaíochta Covid-19 thar ceann an Rialtais, lena n-áirítear an Scéim Fóirdheontas Pá Fostaíochta (SFPP), an Scéim Stórála Fiachais, an Scéim Tacaíochta Srianta Covid-19 (STSC) agus an Scéim Tacaíochta Atosaithe Gnó (STAG). Chuir ár gcaidreamh oibre láidir seanbhunaithe leis an Roinn Airgeadais ar ár gcumas tacaí gnó nua agus athruithe ar thacaíochtaí gnó reatha a sheachadadh, go minic ag luas agus mar fhreagra ar shrianta athraitheacha sláinte poiblí. Ní fhéadfadh muid é a dhéanamh gan gastacht, mianach agus scileanna ár mball foirne agus gan comhoibrithe na bpríomh-gheallsealbhóirí seachtracha, lena n-áirítear forbróirí bogearraí párolla, fostóirí, gairmithe párolla, cleachtóirí cánach, comhlachtaí cuntasáíochta agus eagraíochtaí ionadaíochta gnó.

Chríochnaigh muid an chéim dheireanach den **Scéim Fóirdheontas Pá Sealadach (SFPS)** le linn 2021, agus cuireadh iarmhéideanna réitigh SFPS ar fáil d'fhostóirí in ROS i mí an Mhárta. Tá an próiseas réitigh críochnaithe ag 99.6% de na fostóirí a fuair tacaíocht faoin SFPS, ag aithint dliteanas comhiomlán de €308 milliún. Bhain formhór an dliteanais a sainathnódh le hidirthréimhse na scéime nuair a fuair go leor fostóirí íocaíocht a sháraigh an fóirdheontas a bhí dlite i gceart.

I measc ár gcuid freagrachtaí an SFPS a riar, bhí orainn a chinntiú gur leithdháileadh go cuí ar fhostóirí agus fostaithe incháilithe an infheistíocht fíorshuntasach de chistí poiblí. In 2021, ba bheag nár chríochnaigh muid ár gclár seiceálacha ar na fostóirí go léir a fuair fóirdheontas SFPS chun a dheimhniú gur chomhlíon siad na critéir incháilitheachta agus, thar a bheith tábhachtach, gur íocadh an t-airgead a bhí i gceist i gceart le fostaithe. Faoi dheireadh 2021, tá 99.8% de na seiceálacha comhlíontachta seo curtha i gcrích. Dheimhnigh na seiceálacha seo leibhéal ard comhlíontachta, agus fuarthas go raibh thart ar 1,800 fostóirí neamh-incháilithe, sin níos lú ná 3% de na fostóirí iomlána a fhaigheann tacaíocht ón scéim.

Agus na cleachtaí comhlíontachta agus réitigh á dtabhairt le chéile is ionann méid comhiomlán an SFPS a sainathnódh le haghaidh aisghabhála agus €324 milliún - tá €251 milliún de seo aisíochta, tá €60 milliún san áireamh sa stóras fiachais cánach, tá achomharc á dhéanamh ar €3 mhilliún agus tá €10 milliún eile ar fáil le bailiú.

Lean muid ag riar na **Scéime Fóirdheontas Pá Fostaíochta (SFPF)** i rith 2021. Is cuid shuntasach agus lárnach d'fhreagairt an Rialtais ar an bpaindéim Covid-19 í an scéim. Mar thacaíocht ar fud an gheilleagair, bhí ról lárnach ag an SFPF i dtacú le gnólachtaí, le fostaíocht a spreagadh agus le cuidiú leis an nasc idir fostóirí agus fostaíthe a choinneáil ó mhí Iúil 2020 i leith.

I rith na bliana, chuireamar roinnt athruithe ar an scéim i gcrích de réir fhógraí agus chinntí an Rialtais. Reachtaíodh na hathruithe sin san Acht Airgeadais (Covid-19 agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2021 agus chuimsigh siad leasuithe ar rátaí na bhfóirdheontas iníoctha agus athruithe ar na rialacha incháilitheachta. Thugamar isteach freisin an Fhoirm Athbhreithnithe d'Incháilitheacht (FAI) le haghaidh dátaí pá ón 1 Iúil 2021. Príomhriachtanas de chuid na SFPF ó tugadh isteach é i Meán Fómhair 2020 ná go ndéanfadh fostóirí athbhreithniú ar a staid trádála ar an lá deiridh de gach mí chun a chinntiú go leanann siad orthu ag comhlíonadh critéar incháilitheachta na scéime. Más rud é, ag eascirt as an athbhreithniú incháilitheachta míosúil, nár chomhlíon an fostóir na critéir incháilitheachta a thuilleadh, b'éigean don ghnóthas díchlárú láithreach ón scéim agus scor d'íocaíochtaí fóirdheontais a éileamh. Le síneadh an SFPF go dtí deireadh 2021, bhí sé tábhachtach i gcónaí go ndéanfadh fostóirí athbhreithniú ar a n-incháilitheacht leanúnach don scéim, go háirithe agus gníomhaíochtaí trádála ag tosú arís thar go leor earnálacha den gheilleagar. Is sa chomhthéacs seo a forbraíodh an FAI chun cabhrú le fostóirí athbhreithniú míosúil riachtanach a dhéanamh ar a n-incháilitheacht leanúnach don scéim.

D'éiligh 47,600 fostóir íocaíochtaí comhlána SFPF de €4.6¹⁵ billiún do 2021 i leith 628,000 fostaí. De réir na reachtaíochta ábhartha, d'fhoilsigh muid liosta d'ainmneacha agus seoltaí na bhfostóirí uile a chláraigh don scéim agus a fuair íocaíochtaí faoin SFPF in 2021.

Mar chuid de Bhuiséad 2022, d'aontaigh an Rialtas todhchaí an SFPF lena n-áirítear a straitéis scoir chéimnithe a raibh reachtaíocht ina leith san Acht Airgeadais 2021. Ina theannta sin, mar thoradh ar shrianta nua a thabhairt isteach le héifeacht ón 20 Nollaig 2021, athosclaíodh an scéim chun ligean d'fhostóirí áirithe a raibh tionchar ag na srianta sin orthu nár cháiligh faoi na critéir incháilitheachta reatha, iarratas a dhéanamh ar athiontráil sa scéim ón 1 Eanáir 2022. Chuaigh breis is 460¹⁶ fostóir isteach sa scéim arís mar thoradh ar an mbeart seo.

Chun sláine an SFPF a chosaint, tá cur chuige ilghnéitheach glactha againn maidir le seiceálacha comhlíontachta. Áiríonn sé seo seiceáil córasach agus fíor-ama ar tíolacthtaí párolla ó fhostóirí a bhaineann leas as an scéim agus crostagairt a dhéanamh ar shonraí éilimh i gcoinne foinsí sonraí eile chun aimhrialtachtaí nó treochothaí a dteastaíonn aird uathu a aithint. Áirítear leis na nósanna imeachta seiceála fíor-ama dul i ngleic le fostóirí chun réiteach tráthúil saincheisteanna a chinntiú.

Déanaimid idirghabhálacha comhlíontachta riosca-dhírthe freisin nuair is gá. Áiríonn na seiceálacha seo anailís sonraí chun fostóirí rannpháirteacha a aithint a bhféadfadh sé nach gcomhlíonann siad critéir incháilitheachta an SFPF agus, nuair is cuí, déantar idirghabháil riosca mar athleanúint de réir an *Chóid Chleachtais um Iniúchóireacht agus Idirghabhálacha Comhlíontachta Eile*. I bhformhór na gcásanna, tugtar na cúrsaí chun críche trí na suimeanna ró-éilithe a aisíoc nó déantar an dliteanas a stórasú faoin Scéim Stórasú Fiachais. Nuair a shainaithnítear saincheisteanna agus nach dtagtar ar chomhaontú, tugaimid fógra measúnaithe chun an dliteanas atá dlite a chainníochtú. Tá sé de cheart ag fostóirí achomharc a dhéanamh i gcoinne an mheasúnaithe chuig an gCoimisiún um Achomharc Cánach (CAC) laistigh de 30 lá mura n-aontaíonn siad leis an suim atá dlite. Amhail an 31 Nollaig 2021, bhíomar tar éis measúnuithe a ardú ar 60 cás SFPF arbh fhiú €5.1 milliún iad. Díobh seo, rinneadh achomharc chuig an CAC i 4 cinn. Tríd is tríd, tá idirghabhálacha a bhaineann leis an SFPF tugtha chun críche againn le 3,500 fostóir, ag forchúiteamh €19.2¹⁷ milliún. Is ionann é sin agus 0.3% den

¹⁵ Éileamh comhlán SFPF do 2021 amhail an 6 Aibreán 2022

¹⁶ Ceart amhail an 31 March 2022

¹⁷ Ceart amhail an 31 December 2021

fhóirdheontas iomlán a íocadh faoin scéim go dtí an 31 Nollaig 2021. Tá ár ngníomhaíochtaí comhlíontachta ag leanúint ar aghaidh in 2022.

Ba thacaíocht spriocdhírthe í an **Scéim Tacaíochta Sriantha Covid (STSC)** do ghnólachtaí incháilithe a raibh tionchar suntasach ag srianta Covid-19 orthu. Síneadh an STSC ar dtús go dtí an 30 Meitheamh 2021, ansin go dtí an 31 Nollaig 2021 agus, tar éis don leagan Omicron de Covid-19 teacht chun cinn, cuireadh síneadh breise leis go dtí an 31 Eanáir 2022. I rith na bliana, rinneamar cumarsáid le gnólachtaí agus gníomhairí cánach, lena n-áirítear treoir oibriúcháin mhionsonraithe nuashonraithe a sholáthar ar bhonn leanúnach, de réir mar a d'athraigh rialacháin sláinte poiblí, agus leasaíodh an scéim chun freagairt do na cúinsí athraitheacha. Chuir ár gcur chuige seachadta íocaíochtaí tráthúla ar fáil do ghnóthais a raibh tionchar acu le linn 2021, lena n-áirítear íocaíochtaí éagsúla feabhsaithe 'seachtain atosaithe' do ghnólachtaí agus iad ag tosú ar athoscailt.

I mí na Nollag 2021, mar fhreagra ar an mbagairt a bhain leis an leagan Omicron de Covid-19, thug an Rialtas isteach raon srianta sláinte poiblí a raibh tionchar acu ar an earnáil fáilteachais agus siamsaíochta laistigh. Chiallaigh sé seo go raibh gnólachtaí sna hearnálacha seo, mar shampla, clubanna oíche, beáir agus amharclanna, i dteideal leas a bhaint as an STSC arís tar éis dóibh éirí as an scéim roimhe seo. Chuireamar ár gcórais in oiriúint go tapa, rud a chinntigh go bhfuair gnólachtaí cáilitheacha íocaíochtaí roimh an Nollaig.

D'éiligh 21,400 gnólacht iomlán de €479¹⁸ milliún in íocaíochtaí CRSS don bhliain 2021 i leith 24,650 áitreabh.

I mí Mheán Fómhair 2021, riaramar an **Scéim Tacaíochta um Atosú Gnó (STAG)**, ar tacaíocht spriocdhírthe í do chuideachtaí, do dhaoine féinfhostaithe, do chomhpháirtíochtaí, mar aon le carthanais agus comhlachtaí spóirt áirithe a sheolann trádáil a raibh tionchar suntasach orthu mar gheall ar shrianta sláinte poiblí a bhaineann le Covid-19, lena n-áirítear, má leantar leis an tionchar sin a bheith orthu tar éis mhaolú na srianta. Faoin scéim, d'fhéadfadh gnólachtaí incháilithe éileamh a dhéanamh ar aon íocaíocht a bheadh comhionann le trí oiread an mheánláimhdeachais sheachtainiúil den ghníomhaíocht ghnó ábhartha don tréimhse thagartha infheidhmthe faoi réir uasíocaíocht de €15,000. Chun cáiliú faoin scéim, bhí ar gnó a bheith in ann a léiriú nach raibh an láimhdeachas óna trádáil sa tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2020 go dtí an 31 Lúnasa 2021 níos mó ná 25% de mhéid láimhdeachais tagartha.

D'fhéadfaí iarratais ó ghnóthais incháilithe ar thacaíocht faoin scéim a dhéanamh idir an 4 Meán Fómhair 2021 agus an 30 Samhain 2021. D'éiligh 1,988 gnólacht iomlán de €7.9¹⁹ milliún in íocaíochtaí STAG don bhliain 2021 i leith 2,008 tradálacha.

Tá an **Scéim Stórasaithe Fiachais** ar fáil chun tacú le gnólachtaí a bhfuil deacrachtaí acu maidir le híocaíocht chánach a eascraíonn as tionchar na paindéime Covid-19. Baineann an scéim le fiacha CBL agus ÍMAT (Fostóir), fiacha cánach ioncaim féinmheasúnaithe áirithe agus ró-íocaíochtaí na Scéime Fóirdheontas Shealadaigh Pá (SFSP) agus an Scéim Fóirdheontas Pá Fostaíochta (SFPF) atá le haisíoc ag fostóirí leis na Coimisinéirí Ioncaim. I mí Iúil 2021, leathnaíodh an scéim chun ligean do ghnólachtaí leanúint de bheith ag stórasú fiachas chánach CBL agus ÍMAT (Fostóir) suas go dtí an 31 Nollaig 2021.

Ligeann an scéim do ghnólachtaí fiacha cánach áirithe a 'pháirceáil' go sealadach ar bhonn saor ó ús ar feadh 12 mhí. Ag deireadh na tréimhse 12 mhí saor ó ús, is féidir an fiachas stórais a íoc ina n-iomláine, saor ó ús, nó mar mhalairt air sin é a íoc ar bhonn céimneach ag ráta úis atá laghdaithe go suntasach de 3% in aghaidh na bliana. Is iad na rátaí caighdeánacha úis d'fhiachais den chineál seo ná 8% agus 10% sa bhliain. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil aon cheanglas d'fhormhór na ngnólachtaí a bhaineann leas as an scéim a bhfiacha cánach stórasaithe a íoc go dtí Eanáir 2023.

¹⁸ STSC comhlán íoctha do 2021 amhail an 6 Aibreán 2022

¹⁹ STAG comhlán íoctha amhail an 22 Aibreán 2022

Cé go ndéantar stóras ar fhiacha tá sé tábhachtach go leanann gnólachtaí de thuairisceáin chánach reatha a thíolacadh de réir mar a bhíonn siad dlite agus go n-íocann siad na dliteanais bhainteacha in am. Caillfidh gnólachtaí nach ndéanann é seo sochair na scéime, rud a chiallaíonn go mbeidh an fiachas dlite le bailiú láithreach agus ní bheidh feidhm a thuilleadh ag rátaí úis laghdaithe na scéime.

Tugtar creat oibre chomh maith sa Scéim Stórasaithe Fiachais do ghnóthaí ina bhféadann siad imréiteach cánach a choinneáil sa chás nach bhfuil íocaíochtaí cánach suas chun dáta. Tá imréiteach cánach ina phríomhriachtanas incháilitheachta do scéimeanna tacaíochta eile maidir le Covid chomh maith le deontais Rialtais agus conarthaí san earnáil phoiblí.

Faoi dheireadh 2021, bhí €2.9²⁰ billiún d'fhiachas cánach stórasaithe do 98,000 gnó.

Níl sna tacaíochtaí Covid-19 thuasluaite ach spléachadh ar an réimse leathan tacaíochtaí a riar muid thar ceann an Rialtais le linn 2021. Chomh maith leis sin, chuir muid i bhfeidhm chomh maith sraith beart lamháltais thar réimse leathan ceisteanna fadhbunaithe a bhaineann le cáin faoi fhorálacha cúraim agus bainistíochta Alt 849 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Áirítear leo seo:

- brostú ar aisíocaíochtaí eatramhacha Cánach Iarchoimeádta ar Sheirbhísí Gairmiúla (CISG)
- rochtain luath ar chreidmheasanna iníoctha Taighde agus Forbartha (T&F)
- síneadh ama curtha le spriocdhátaí íoca agus tíolactha
- maolú ar cháin ioncaim, cáin chorparáide agus cáin ghnóchan caipitiúil maidir le rialacha formhuirear a thíolacadh go déanach
- tarscaoileadh dleachtanna máil ar cheadúnais deochanna meisiciúla áirithe, ar cheadúnais rince poiblí agus ar dheimhnithe clárúcháin clubanna don tréimhse cheadúnaithe 2021/2022
- tarscaoileadh dleachtanna máil ar orduithe díolúine speisialta
- an ráta nialasach CBL a chur i bhfeidhm ar vacsaíní agus ar threalamh tástála Covid-19, ar TCP agus ar threalamh leighis áirithe don FSS agus do shuíomhanna cúram sláinte a chuireann cóireáil ar othair ar a bhfuil Covid-19, agus ar sholáthairtí do chomhlachtaí AE atá ag freagairt don phaindéim Covid-19.
- achair ama shínte d'fhiontair FBM ag iarraidh leas a bhaint as faoiseamh faoin Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta (DFI) chun coinníollacha áirithe a chomhlíonadh
- bearta lamháltais i ndáil le feidhmiú agus ríomh Sochair Comhchineáil i gcúinsí áirithe, lena n-áirítear tástálacha Covid-19, vacsaíniú fliú, feithiclí curtha ar fáil ag fostóirí agus an Díolúine i leith Sochar Beag
- fáil ar an Scéim Fheabhsaithe Cabhair le Ceannach

²⁰ Léiríonn sé an seasamh amhail an 31 Nollaig 2021

Tuairisciú ar Scéimeanna Tacaíochta Covid-19

Ó thosaigh an phaindéim Covid-19, in 2021, leanamar ag foilsiú staitisticí ar bhonn seachtainiúil, ag tuairisciú i bhfóram ar oibriú agus ar thionchar na dtacaíochtaí Covid-19 a riartar tríd an gcóras cánach.

De réir mar a thagann costas suntasach ar an Státchiste leis na scéimeanna tacaíochta Covid-19, cabhraíonn ár bhfoilsiú sonraí le trédhearcacht agus tugann sé léiriú soiléir ar scála na tacaíochta a cuireadh i bhfeidhm don chostas sin.

Tugann ár bhfoilseacháin, a úsáideann sonraí fostaíochta fíor-ama, tuiscint nua ar an margadh saothair níos ginearálta, ní hamháin le linn na tréimhse dúshlánach agus suaite atá ann faoi láthair ach freisin amach anseo.

Tá staitisticí na scéime tacaíochta Covid-19 le fáil ar ár suíomh idirlín ag <https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/statistics/number-of-taxpayers-and-returns/covid-19-support-schemes-statistics.aspx>

Seirbhís do Chomhlíontacht

Teagmháil Custaiméara in 2021



LÍNTE CABHRACH NÁISIÚNTA



2m



COMHFHREAGRAS



3.9m



TUAIRISCEÁIN LEICTREONACHA



7.9m



ÍOCAÍOCHTAÍ LEICTREONACHA



10m



FÉINSEIRBHÍS LEICTREONACH




1.6m

moChúrsaí

mo**chúrsaí**

3.1m Cáiníocóirí aonair cláraithe

Féinmheasúnú



829,859 Cláraithe le haghaidh Cáin Ioncaim

Éascú Trádála ag Custaim



29.8m Dearbhú Custam próiseáilte

Socruithe Íoca Fiachais



6,274 le luach €108.5m

Seirbhís den Scoth a Sholáthar le haghaidh Comhlíontachta

Baineann muid ár gcroí-thasc maidir le cánacha agus dleachtanna a bhailiú trí shamhail seachadta i leith seirbhís comhlíontachta a sholáthar atá lúfar, freagrúil agus a chuireann san áireamh riachtanais na gcáiníocóirí agus na ngníomhairí cánach. Leanaimid lenár gcur chuige deighilte maidir le seachadadh seirbhíse a bheachtú agus a dhoimhniú ar bhealach a thacaíonn agus a éascaíonn leibhéil arda comhlíontachta saorálaí. Is éard atá lárnach dár n-éachtaí ina leith seo ná:

- seirbhís ardchaighdeán a chur ar fáil thar réimse ardán seachadta ar bhealach éifeachtúil ó thaobh costas de
- deiseanna breise a fhorbairt chun buntáistí na teicneolaíochta agus na léargas sonraí a threisiú i measc ár gcuid teagmhálacha gnó chun eispéireas cáiníocóirí a fheabhsú agus íoslaghdú a dhéanamh ar an riosca ó neamhchomhlíontacht neamhbheartaithe
- ár samhail seachadta seirbhíse a scagadh agus a athdhíriú go leanúnach chun riachtanais cáiníocóirí, athruithe ar shamhail gnó agus ról gníomhairí agus idirghabhálaithe cánach a chur san áireamh
- faisnéis atá soiléir, cuimsitheach agus cothrom le dáta a sholáthar do cháiníocóirí agus do ghairmithe cánach ar ár suíomh idirlín
- ag cinntiú go mbíonn an toradh ceart ar cháiníocóirí agus ar na Coimisinéirí Ioncaim mar thoradh ar ár seirbhís
- féachaint le costais chomhlíontachta a íoslaghdú ar cháiníocóirí
- ag laghdú an ghá atá le cáiníocóirí teagmháil a dhéanamh linn.

Leibhéil Arda Comhlíontachta Saorálaí a Éascú

Príomhghné dár ról ná cabhrú ar bhealach réamhghníomhach le cáiníocóirí lena ndualgais chánach agus dleachta a chomhlíonadh. Tacaíonn muid le cáiníocóirí trí fhaisnéis agus treoir thráthúil chuí a thabhairt dóibh agus é a dhéanamh chomh héasca agus is féidir a bheith comhlíontach go saorálach.

Tá próiseas um **réamhlíonadh tuairisceáin chánach bhliantúla** (Foirm 11, Foirm 12, CT1) forbartha againn a úsáideann sonraí ó réimse foinsí, lena n-áirítear ollphá tuillte fostaithe, cáin agus MSU asbhainte, mar a thuairiscigh fostóirí, sonraí faoi phinsin agus sochair eile curtha ar fáil ag an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) agus sonraí ar Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta arna ndéanamh ag údaráis áitiúla le tiarnaí talún chomh maith le tionóntachtaí atá cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (BTC). Leis an bpróiseas seo, tá sé níos éasca ar cháiníocóirí tuairisceáin chánach a chomhlánú, íoslaghdaítear an scóip le haghaidh earráidí agus easnaimh, laghdaítear an gá le teagmháil dhíreach a dhéanamh linn agus cuirtear dlús leis an bpróiseas chun tuairisceán cánach a thíolacadh.

Déanaimid **anailís mhionsonraithe ar theagmhálacha custaiméirí** chun réimsí a aithint ina bhféadfadh deacrachtaí a bheith ag cáiníocóirí a gcuid oibleagáidí cánach a chomhlíonadh agus déanaimid beart chun cabhrú leo go réamhghníomhach. Mar shampla, d'aithin ár n-anailís cohórt cáiníocóirí a bhí cláraithe le haghaidh féinmheasúnaithe ach a raibh a n-ioncam breise neamh-ÍMAT, ar nós ioncam pinsin, níos lú ná €5,000. Rinneamar teagmháil leis na cáiníocóirí i gceist trí litir lena chur in iúl dóibh nach raibh gá leo a bheith cláraithe le haghaidh 'féinmheasúnaithe' a thuilleadh agus sholáthraíomar faisnéis dóibh ar an gcaoi díchlárú a

dhéanamh. Mhínigh muid freisin go bhféadfaimis socrú a dhéanamh chun an cháin atá dlite ar a n-ioncam breise a bhailiú go huathoibríoch tríd an gcóras ÍMAT chun a gcuid oibleagáidí cánach a shimpliú. Laghdaigh sé seo go mór an t-ualach riaracháin do na cáiníocóirí lena mbaineann.

I gcúinsí áirithe, féadann cáiníocóirí agus a ngníomhairí teagmháil fhoirmiúil a dhéanamh linn chun tuairim nó deimhniú a fháil má bhíonn amhras ann maidir le cur i bhfeidhm an dlí cánach i leith idirbheart nó cás áirithe. Is í **Seirbhís Theicniúil na gCoimisinéirí Ioncaim (RTS)** an mheicníocht don rannpháirtíocht seo.

Tá an RTS, chomh fada agus a bhaineann sé le cásanna nach bhfuil faoi shainchúram Rannóg na gCorparáidí Móra ná Rannóg na gCásanna Móra – Lucht Ardrachmais, á sheachadadh ar bhonn náisiúnta ag foireann thiomnaithe chun seirbhís éifeachtúil éifeachtach a sheachadadh. Tá freagracht fhoriomlán ag an bhfoireann thiomnaithe seo as bainistiú fiosruithe, rud a chinntíonn leanúnachas an chuir chuige agus a fheabhsaíonn bealaí cumarsáide le cáiníocóirí agus le gníomhairí a bhaineann úsáid as an tseirbhís. Le linn 2021, tháinig méadú suntasach ar líon na dtuairimí/deimhnithe a iarradh tríd an RTS. Eisíodh 325 tuairim/deimhnithe san iomlán.

mí na Samhna 2020, d'eisíomar meabhrúchán (eBrief Uimhir 214 de 2020), maidir leis an uastréimhse bailíochta cúig bliana a bhaineann le tuairimí na gCoimisinéirí Ioncaim, agus chuir muid in iúl go mbeadh tuairimí a tugadh idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2015 faoi réir athbhreithnithe. Aon cháiníocóirí ar mian leo leanúint ar aghaidh ag brath ar thuairimí den chineál sin, i leith idirbheart, tréimhse nó cuid de thréimhse, ar an 1 Eanáir 2021 nó dá éis, iarradh orthu iarratas a dhéanamh ar a athnuachan nó síneadh a chur leo ar an 31 Márta 2021 nó roimhe sin. Fuair muid iarratais chun 2 thuairim dá leithéid a athnuachan nó a shíneadh.

Mar thuairimí/deimhnithe atá éagsúil ón réimse iomlán a chuirtear ar fáil tríd an RTS, is éard is **Tuairimí Cánach Iomchuí** ann ná iad siúd nach gcuirtear ar fáil ach amháin do chuideachtaí agus eintitis eile (ní do dhaoine aonair ná chun tairbhe daoine aonair) agus a bhaineann le cánaíocht díreacha amháin (mar shampla Cáin Chorporáide, Cáin Ioncaim Gnó, Dleacht Stampa, CGC). Sa chás go bhfuil gné trasteorann ag baint le Tuairim Cánach Iomchuí, tá sé inmhálartaithe faoi na hionstraimí Malartaithe Faisnéise. Le linn 2021, thug muid 97 Tuairim Cánach Iomchuí do chuideachtaí agus eintitis eile maidir le ceisteanna casta teicniúla (Tábla 10).

Chomhdhlúthaíomar gach ábhar beartais oibriúcháin agus reachtaíochta a bhaineann le soghluaisteacht fostaithe i mbrainse nua **Soghluaisteacht Domhanda**. Tá na rialacha maidir le soghluaisteacht fostaithe casta agus tá siad tagtha chun cinn go suntasach le blianta beaga anuas. Soláthraíonn an fhoireann thiomnaithe acmhainn, go himmheánach agus go seachtrach, ar chúrsaí cánach a bhaineann le fostaithe soghluaiste domhanda, d'fhonn comhlíontacht saorálach a uasmhéadú. Tá freagracht air freisin as a chinntiú go gcoimeádtar ár gcreat comhlíontachta suas chun dáta maidir le haon fhorbairtí sa réimse seo.

Is foinse faisnéise ríthábhachtach é ár suíomh idirlín, **www.revenue.ie**, do cháiníocóirí agus gníomhairí cánach. Cuirimid faisnéis fhairsing ar fáil a mhíníonn ár seirbhísí agus a leagann amach na rialacha cánach a bhíonn casta uaireanta ar bhealach chomh simplí agus is féidir. Tá faisnéis curtha in oiriúint chun freastal ar riachtanais éagsúla d'úsáideoirí ár suíomh idirlín, ag freastal ar raon an-leathan cáiníocóirí agus gairmithe cánach. Cinntimid go bhfuil an fhaisnéis agus an treoir ar ár suíomh idirlín ábhartha, reatha agus cruinn tríd an ábhar a nuashonrú go leanúnach agus trí aiseolas ón ár suíomh idirlín a athbhreithniú go cúramach. Le linn 2021, leanamar freisin ag tabhairt tosaíochta d'inrochtaineacht **www.revenue.ie** don lucht féachana is leithne is féidir, beag beann ar theicneolaíocht nó ar chumas.

Lean an áis Socraíochtaí Tráthíocaíochtaí Ar Líne de sheirbhísí riachtanacha a chur ar fáil i rith 2021 chun tacú le gnóthaí inmharthana a raibh deacrachtaí íoca cánach acu. Tá an tseirbhís seo ar fáil 24/7, cuireann sí eolas cothrom le dáta ar fáil ar dhliteanais agus tuairisceáin amuigh agus treoraíonn sí an cáiníocóir tríd an bpróiseas iarratais chun socraíocht tráthíocaíochtaí a

bhaint amach. In 2021, phróiseáil muid 3,843 tíolacadh tráthíocaíochtaí tríd an áis ar líne. Agus é ceadaithe, tá solúbthacht shuntasach ag cáiníocóirí chun an sceideal íocaíochta a bhainistiú féin de réir riachtanais athraitheacha gnó. Faoi dheireadh na bliana 2021, bhí iomlán de 6,274 socraíocht tráthíocaíochtaí á bainistiú go gníomhach trí chóras na Seirbhíse Bainistithe Fiachais (DMS).

Maidir lenár grúpaí corparáidí móra, cuirimid chun cinn agus feidhmímid beartas um chomhlíontacht chomhoibríoch trínár **gCreat Chomhlíontacht Chomhoibríoch (CCC)**. Is é is cuspóir leis sin ná ár gcaidreamh le gnólachtaí corparáideacha móra a bhainistiú ionas gur féidir linn oibriú le chéile chun an leibhéal is airde comhlíontachta saorálaí a bhaint amach ar fud na gcánacha agus dleachtanna uile. Cuireann an CCC comhrá rialta ar fáil do ghnólachtaí corparáideacha rannpháirteacha, ag cabhrú le cinnteacht fhadtéarmach a sholáthar maidir le neamhchosaintí cánach agus dleachta, agus an cumas a thuar le muinín réasúnach cén seasamh a bheidh againn ar aon ghné ar leith d'oibleagáidí cánach agus dleachta. Mar chuid de CCC, tionóltar cruinnithe athbhreithnithe riosca le gnólachtaí rannpháirteacha gach bliain. Ag deireadh 2021, bhí 125 grúpa corparáideach ag obair linn in CCC. Ag eascairt ó chruinnithe athbhreithnithe riosca agus ó rannpháirtíochtaí eile faoi CCC, fuarthas tuairim is €77 milliún nochtaí ó na grúpaí seo.

Soláthar Seirbhísí

Tá sé mar aidhm againn é a dhéanamh chomh héasca agus is féidir a bheith comhlíontach go saorálach. Bainimid é seo amach trí scagadh agus athfhócasú leanúnach a dhéanamh ar ár samhail seirbhíse i leith comhlíontachta, ag cur san áireamh riachtanais na gcáiníocóirí, athruithe ar shamhail gnó agus ról agus obair na ngníomhairí cánach agus na n-idirghníomhaithe.

De réir a chéile, tá cáiníocóirí, agus a ngníomhairí, ag súil le tairiscintí na seirbhísí digití agus níos mó solúbthachta a bheith acu maidir le rochtain ar sheirbhísí, cibé acu digiteach nó gan a bheith. Is é an taithí atá againn ar sholáthar seirbhíse le linn na paidéime ná go bhfuil níos mó idirbheart cáiníocóra aistrithe ar líne. Tá méadú feicthe againn freisin ar an éileamh ar sheirbhís 24/7.

Agus é seo san áireamh, is é fócas ár ndearadh seirbhíse ná sraith seirbhísí ar líne nó digiteacha a sholáthar a ghíaráil uathoibriú próisis, nuair is cuí, agus a ligeann do cháiníocóirí agus gníomhairí féinseirbhís a dhéanamh chomh fada agus is féidir. Mar chomhlánú air seo tá sé mar aidhm againn seirbhís den scoth a thabhairt dóibh siúd nach bhfuil in ann leas a bhaint as ár seirbhísí ar líne.

Is pointe rochtana aonair é **moChúrsaí** dár sheirbhísí slán ar líne do dhaoine aonair. Tá sé ar fáil 24/7, ar feadh na bliana agus tá sé inrochtana go hiomlán ar gach gléas soghluaiste agus cliste. Is é an bealach is tapúla agus is áisiúla é do dhaoine aonair rochtain a fháil ar a dtaifid chánach agus a ndualgais chánach a bhainistiú.

In 2021, chuireamar saoráid **Creidmheasa Fíor-Ama** ar fáil i *moChúrsaí*. Tá an tsaoráid ar fáil maidir le Costais Sláinte, Costais Tithe Altranais agus Faoiseamh Cianoibre. Cuireann sé ar chumas cáiníocóirí ÍMAT éilimh a dhéanamh ar na creidmheasanna agus na faoisimh cánach seo i 'fíor-am', de réir mar a thabhaítear an costas cáilitheach ábhartha. Féadfaidh cáiníocóirí íomhá digiteach dá bhfáltas a uaslódáil agus sonraí ábhartha a ionchur mar thaca lena n-éileamh trí úsáid a bhaint as an tsaoráid Rianaire Admhálacha, atá ar fáil freisin i moChúrsaí. Agus é próiseáilte, beidh an sochar ón éileamh i gcéad íocaíocht tuarastail eile an cháiníocóra. Agus an tsaoráid seo a sholáthar, tugann sé cabhrú le laghdú a dhéanamh ar an tionchar airgeadais a bhíonn ag speansais gan choinne ar cháiníocóirí agus cuireann sé ar ár gcumas bainistiú an riosca a bhaineann le héilimh den sórt sin a chuíchóiriú. Tá sé beartaithe againn leanúint ar aghaidh leis an tsaoráid a leathnú le linn 2022 chun creidmheasanna breise

a áireamh is féidir a éileamh i bhfíor-am.

I mí an Mheithimh 2021, sheolamar ardán digiteach le haghaidh Cánach Iarchoimeádta ar Sheirbhísí Gairmiúla (CISG). Bhain an tseirbhís **rCISG** méid suntasach páipéir, foirmeacha F45 go príomha, as an gcóras agus laghdaigh sé na hoibleagáidí riaracháin ar pháirtithe leasmhara. Mar shampla, toisc go dtíolactar faisnéis ábhartha anois le linn próiseála íocaíochta, baineadh an ceanglas maidir le ‘Sceideal Íocaíochtaí’ bliantúil a thíolacadh.

Soláthraíonn an tseirbhís rCISG éifeachtúlachtaí suntasacha agus solúbthacht dóibh siúd a bhfuil riachtanais tuairiscithe acu. Féadtar Fógraí Íocaíochta (FÍ) a uaslódáil ar bhonn aonair nó i mbaisceanna, féadtar teacht go héasca ar FÍ a thíolacadh roimhe seo trí áis chuardaigh a chuireann ar chumas daoine cuntasacha tuarascálacha a rith ar FÍ a dhéantar i dtréimhse roghnaithe. Ina theannta sin, féadann duine cuntasach FÍ a leasú nó a scriosadh go dtí go dtíolactar an F35 don tréimhse.

Chiallaigh an tseirbhís sruthlínithe rCISG ar líne freisin gur féidir le soláthraithe seirbhísí gairmiúla rochtain níos éasca a fháil ar fhaisnéis ar CISG a choinnítear siar ó íocaíochtaí a rinneadh leo. D’fhéadfadh sé seo cabhrú leo agus iad ag éileamh fritháirimh nó aisíocaíochtaí CISG. Ciallaíonn sé freisin go bhfuil rochtain thráthúil ag ár bhfoireann ar fhaisnéis CISG agus gur féidir leo éilimh fhritháirimh nó aisíocaíocht a phróiseáil níos tapúla gan gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar ‘dhoiciméid tacaíochta’ chun na méideanna a éilítear a fhíorú.

Le linn 2021, rinneadh ár seirbhís **Rianaire Admhálacha** a nuashonrú le cur ar chumas gníomhairí sonraí admhála agus íomhánna a uaslódáil thar ceann a gcuid cliant chun tacú le héilimh ar raon de chreidmheasanna agus faoisimh chánach lena n-áirítear speansais sláinte agus faoiseamh cianoibre.

Déanaimid ár **samhail seirbhíse comhlíontachta** a oiriúnú chun riachtanais éagsúla ár mbonn cáiníocóirí éagsúla a chur san áireamh. Sampla de seo is ea an tseirbhís fheabhsaithe fóin a chuireamar ar fáil i rith 2021 do ghrúpa ar leith cáiníocóirí féinmheasúnaithe (aois 65+) chun tacú leo a gcuid oibleagáidí cánach a bhainistiú. Mar thoradh ar an tionscnamh seo tá laghdú suntasach ar theagmhálacha le cáiníocóirí. Ina theannta sin, ónár n-idirghníomhaíochtaí leis an ngrúpa sainiúil cáiníocóirí seo faoin tionscnamh seo, tá tuilleadh léargais faighte againn ar a gcuid riachtanas. Tá súil againn an tsamhail seirbhíse sainoiriúnaithe seo a leathnú chun cáiníocóirí ÍMAT (aois 65+) a bhfuil tacaíochtaí feabhsaithe comhchosúla uathu chun a ngnóthaí cánach a bhainistiú.

Modúl Oideachais Píolótach ‘Réamhrá ar Cháin’

In 2021, bhíomar i gcomhpháirtíocht le hIonad Oideachais Luimnigh (IOL) agus Coláiste Pobail Thuamhan (CPT) chun modúl oideachais píolótach ‘Réamhrá ar Cháin’ a fhorbairt. Tá an modúl dírithe ar mhic léinn na hidirbhliana chun cabhrú leo, mar cháiniocóirí amach anseo, tuiscint níos fearr a fháil ar an ról rithabhachtach atá againn maidir le cánacha agus dleachtanna a bhailiú, cén úsáid a bhaintear as cánacha agus an tábhacht atá le bheith comhlíontach ó thaobh cánach de.

Seachadadh an chéad mhodúl píolótach do mhic léinn idirbhliana Choláiste Pobail Thuamhan i mí Dheireadh Fómhair 2021. Thaispeáin sé do mhic léinn an chaoi a gcéad phost a chlárú, an chaoi chun úsáid a bhaint as seirbhísí ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim agus cén chaoi a fháil amach an bhfuil an cháin cheart á híoc acu faoin gcóras ÍMAT. Chuir sé oideachas orthu freisin i réimsí eile cánachais mar an córas féinmheasúnaithe agus Custom.

Fuarthas aiseolas an-dearfach ar an gclár píolótach agus, ar an iomlán, bhí na scoláirí gafa go maith.

Ón dearcadh atá againn, is tionscnamh tábhachtach é an modúl Réamhrá ar Chánach do mhic léinn na hidirbhliana. Cuireann sé oideachas ar fáil dár gcustaiméirí amach anseo, ag tabhairt an eolais, na scileanna agus an mhuinín do mhic léinn chun a ngnóthaí cánach a bhainistiú nuair a thosaíonn siad ar a saol oibre, ag cinntiú nach n-íocann siad ach an méid ceart cánach, ag an am ceart.



Taispeánann na grianghraif (ó chlé) mic léinn agus múinteoir staidéir ghnó Diarmuid Kelly ó Choláiste Pobail Thuamhan agus Kathryn Hynes ó na Coimisinéirí Ioncaim. Norma O'Brien agus Tony O'Shea ó Ionad Oideachais Luimnigh, Kathryn Hynes agus Margaret O'Connor ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Riachtanais Cáiniocóirí a Thuiscint

Ciallaíonn fachtóirí ar nós timpeallachtaí gnó agus eacnamaíocha atá ag athrú go tapa chomh maith le haistriú i dtreo socruithe oibre níos solúbtha in eagraíochtaí ar fud na tíre agus ar fud an domhain, go gcaithfidimid dul i dteagmháil go leanúnach le cáiniocóirí agus le príomhpháirtithe leasmhara eile chun a riachtanais éagsúla agus athraitheacha a thuiscint. Bímid ag plé go forleathan le le gníomhairí, le hionadaithe tionscail agus gnó trí réimse tionscnamh agus fóram, chun comhoibriú, tacú, comhairliú, éisteacht agus foghlaim. Treoraíonn an rannpháirtíocht seo ár straitéisí seirbhíse, ár gcur chuige maidir le bainistiú bealaí teagmhála agus dearadh córas, d'fhonn leibhéal arda comhlíonta deonacha a choinneáil.

Ar bhonn leanúnach, bímid i dteagmháil agus i gcomhairle le raon **cleachtóirí agus comhlachtaí ionadaíocha gnó**. Tríd an gCoiste Idirghabhálach um Riarachán Cánach (TALC) déanaimid athruithe praiticiúla a phlé chun riarachán níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a bhaint amach sa chóras cánach. Mar shampla, trí *Fhochoiste Iniúcháireachta TALC*, chuamar i dteagmháil le cleachtóirí chun tabhairt isteach an Chreata um Chomhlíonadh nua agus an Cód Cleachtais um Idirghabhálacha Comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim athbhreithnithe a phlé. Cheadaigh an cur chuige comhoibriú seo rannpháirtíocht chuiditheach ar ghnéithe praiticiúla agus oibríochtúla an chreata nua.

Is rannpháirtí cuiditheach muid sa phróiseas Dócmhainneachta Pearsanta agus tá ionadaíocht againn ar *Fhóram Comhairliúcháin na Seirbhíse Dócmhainneachta (ISI)* agus ar an gCoiste

Maoirseachta Prótacail araon.

Tá ionadaíocht againn ar an nGrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí (CLRG) agus ar a Fhochoiste um Dhócmhainneacht Chorporáideach. Tá freagracht ar an bhFochoiste seo athbhreithniú a dhéanamh ar dhlí na gcuideachtaí laistigh den réimse dócmhainneachta corparáidí le cinntiú go dtéann sé i ngleic le haon ábhair imní de chuid na ngeallsealbhóirí agus go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm. In 2021, chríochnaigh an Fochoiste tuarascálacha ar:

- forálacha reachtacha atá ann cheana maidir le faisnéis a sholáthar do chreidiúnaithe go ginearálta agus go háirithe d'fhostaithe, agus
- iarmhairtí cleachtais áirithe maidir le leachtú corparáideach agus athstruchtúrú lena n-áirítear oibríochtaí corparáideacha a dheighilt ó eintitis shealbháíochta sócmhainní i struchtúir ghrúpa.

Tháinig Acht na gCuideachtaí (Próiseas Tarrthála do Mhionchuideachtaí agus do Mhicrichuideachtaí) 2021 i bhfeidhm freisin tar éis moltaí roimhe seo ón bhFochoiste seo.

In 2021, tar éis éisteacht le moltaí faoi na bealaí ina bhféadfadh muid **éascú níos fearr a dhéanamh ar cháiníocóirí agus gníomhairí cánach féinfhreastal a dhéanamh, laghdú a dhéanamh ar an ngá le teagmháil a dhéanamh linn agus an t-ualach comhlíontachta a laghdú**, chuir muid na nuálaíochtaí seo a leanas i bhfeidhm:

- feabhas a chur ar an áis *r-CG50* ar líne chun cóip ar líne den *Deimhniú Imréitigh CG50* a sheoladh, ag tabhairt dearbhaithe do cháiníocóirí agus/nó gníomhairí ainmnithe go bhfuil a n-idirbheart, a bhíonn ríthábhachtach ó thaobh ama de go minic, próiseáilte. Déantar an *Deimhniú Imréitigh* a tháirgeadh agus a eisiúint i bpáipéar freisin
- forbairt na bpríomhathruithe ar an gcuid Sleachta Cuntas den *Tuairisceán Cánach Ioncaim de chuid Fhoirm 11* lena n-áirítear raon roghanna bailíochtaithe agus uath-ríomh chun cruinneas a fheabhsú agus deireadh a chur le hearráidí coitianta a laghdaíonn, ar a seal, an gá le teagmháil leantach le cáiníocóirí agus/nó gníomhairí ainmnithe
- saoráid nuálaíoch 'spreagadh chun gnímh' tugtha isteach, a ligeann dúinn idirghníomhú le cáiníocóirí ar bhealach spriocdhírthe, pearsantaithe agus níos éifeachtaí. In 2021, d'úsáideamar an áis nua seo chun dul i ngleic go gníomhach le cáiníocóirí ÍMAT a d'íoc cáin ach nach raibh aon chreidmheas cánach á éileamh acu le roinnt blianta anuas chun iad a spreagadh lena gcuid teidlíochtaí a éileamh.

Soláthraíonn an Coiste Comhairleach Custaim (CCC) fóram dúinne agus d'eagraíochtaí ionadaíocha chun dul i gcomhairle agus tuairimí a mhalartú ar chúrsaí Custam. Pléann an fóram forbairtí agus tograí i réimse an Chustaim, go háirithe ar leibhéal an AE. Tháinig an fóram le chéile ceithre huair in 2021. Dhírigh an Coiste in 2021 ar chúrsaí riaracháin agus oibríochtúla agus ar na dúshláin a d'eascair as imeacht na Ríocht Aontaithe ón AE chomh maith le forbairtí ar ár gcur chun feidhme ar Chlár Oibre TF Chód Custaim an Aontais (CCA). Tá an clár seo mar chuid de nuachóiriú foriomlán Custaim ar fud an AE, ag cinntiú go bhfuil cur chun feidhme nósanna imeachta agus cleachtais Chustaim ar fud na 27 mBallstát ar fad ailínithe, comhsheasmhach agus go seachadann sé cinnteacht do thrádáil agus gnó.

Tacú le Beartas Cánach

Leanaimid de bheith ag obair go dlúth leis an Roinn Airgeadais chun rannchuidiú le measúnú, forbairt agus cur i bhfeidhm an bheartais náisiúnta cánach, chomh maith le tograí Creata Uilechuimsitheach an AE agus na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a bhaineann le digitiú agus cánachas idirnáisiúnta ar chuideachtaí. Áirítear leis seo anailís agus costálacha staitistiúla agus eacnamaíocha a chur ar fáil don Roinn Airgeadais agus don Rialtas agus don Oireachtas.

I mí Eanáir 2021, d'fhoilsigh an Rialtas **nuashonrú ar an Treochlár Cánach Corparáide**²¹ a foilsíodh in 2018. Bhreathnaigh an nuashonrú ar dhul chun cinn na hÉireann maidir le gealltanais a tugadh sa Treochlár Cánach Corparáide chomh maith le hathchóiriú cánach domhanda agus leagadh amach conair le haghaidh tuilleadh gníomhartha. Thacaíomar leis an Roinn Airgeadais maidir le roinnt réimsí reachtaíochta a chuimsítear san Acht Airgeadais 2021 a dhearadh agus a dhréachtú, a chomhlíonann na gealltanais a tugadh i nuashonrú Eanáir 2021. Áiríodh leis na forálacha reachtacha sin:

- **rialacha um theorannú úis** a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i dTeoracha in Aghaidh Sheachaint Cánach (ATAD) an AE. Bhí rialacha um theorannú úis mar chuid de mholtaí thionscadal an ECFE um Chreimeadh agus Aistriú Brabúis (BEPS) de chuid an OECD, agus forálann an ATAD do chur chun feidhme comhordaithe bearta frith-BEPS ar fud Bhallstáit uile an AE. Chun a chinntiú go bhfuil tiarnaí talún corparáideacha neamhchónaitheacha faoi réir na rialacha teorann freisin, tugadh isteach reachtaíocht chun iad a thabhairt faoi raon feidhme na cánach corparáide seachas cánach ioncaim (rud a chiallaíonn go ngearrtar cáin ar a mbrabúis chíosá ag an ráta cánach corparáide de 25% in áit ná ráta cánach ioncaim 20%)
- **rialacha hibrídeacha droim ar ais** den ATAD a chur chun feidhme. Áiríteofar leis na rialacha sin go mbeidh brabúis eintiteas hibrídeach droim ar ais, ar eintiteas é a mheastar a bheith trédhearcach ó thaobh cánach de sa tír ina bhfuil sé bunaithe ach mar dhuine inchánach ar leithligh i dtír duine dá infheisteoirí rialaithe, faoi réir cánach corparáide in Éirinn áit a mbeadh siad gan cáin a ghearradh murach sin mar gheall ar hibrídeacht
- foráil a dhéanamh maidir le meicníocht arna fhorbairt ag an ECFE a chur i bhfeidhm ar a dtugtar '**Cur Chuige Údaraithe an ECFE**' chun ioncam brainse de chuideachta neamhchónaitheach a oibríonn sa Stát a leithroinnt
- lena leasaítear rialacha maidir le cuideachtaí eachtracha rialaithe (**CFC**) chun foráil a dhéanamh maidir le bearta cosantacha a bhaineann le dífheidhmiú díolúintí a chur i bhfeidhm i gcoinne CFC atá ina chónaí i ndlínsí atá liostaithe in Iarscríbhinn 1 de liosta dlínsí neamh-chomhoibríocha an AE chun críocha cánach
- gnéithe cur chun feidhme an 7ú Treoir maidir le Comhar Riaracháin (**DAC 7**) lena leagtar amach ceanglais maidir le malartú uathoibríoch faisnéise do dhíoltóirí a úsáideann ardáin dhigiteacha.

Thug an tAcht Airgeadais 2021 reachtaíocht isteach freisin maidir le **Cáin Thalamh Críosaithe Chónaithe**. Tá an cháin nua mar chuid de shraith beart laistigh de straitéis *Tithíocht do Chách* an Rialtais chun méid an stoic tithíochta laistigh den Stát a mhéadú. Beidh an cháin i bhfeidhm go bliantúil ag ráta 3% de luach margaidh na talún atá críosaithe mar thalamh oiriúnach d'fhorbairt chónaithe agus a ndéantar seirbhísiú air. Áireofar talamh atá faoi réir na cánach ar léarscáileanna a ullmhóidh údaráis áitiúla le linn 2022 agus 2023, agus na chéad íocaíochtaí agus tuairisceáin i leith na cánach a bheidh dlite in 2024. Cosúil le go leor réimsí eile den chód cánach, riarfaimid an cháin nua seo ar bhonn féinmheasúnaithe. Féadfar an cháin a iarchur i gcúinsí áirithe, lena n-áirítear nuair a cuireadh tús le forbairt chónaithe ar an talamh nó nuair a chuireann imeachtaí dlíthiúla atá ar siúl cosc ar fhorbairt den sórt sin a thosú.

Soláthraíodh **Faoiseamh i leith Chluichí Digiteacha** freisin don Acht Airgeadais 2021 mar dhreasacht d'fhorbróirí cluichí digiteacha chun cluichí digiteacha a tháirgeadh a chuidíonn le cur chun cinn agus léiriú chultúr na hÉireann agus na hEorpa. Is i bhfoirm creidmheas cánach corparáide a bheidh an faoiseamh, a bheidh ar fáil ag ráta 32% ar chaiteachas incháilithe suas le €25 milliún in aghaidh an chluiche. Tiocfaidh an faoiseamh i bhfeidhm ar ordú tosaithe ón Aire a dhéanamh, faoi réir fhaomhadh na scéime ag Coimisiún an AE.

²¹ <https://www.gov.ie/ga/publication/678e5-irelands-corporation-tax-roadmap-january-2021-update/>

I gcomhthráth le cur i bhfeidhm an Chreata um Idirghabháil Comhlíontachta agus an Chóid Chleachtais maidir le hidirghabhálacha Comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim athbhreithnithe, áiríodh leis an Acht Airgeadais 2021 ollchóiriú suntasach ar an **réimeas pionós cáinghiaráilte** trasna Cáin Ioncaim, Cáin Chorparáide, CGC, Dleacht Stampa, Cáin Fháltas Caipitiúil agus CBL. Chomh maith leis an reachtaíocht a shimpliú, cinntíodh leis na bearta nua freisin go mbeadh feidhm ag pionóis cáinghiaráilte i gcás nach ndéanadh cáiníocóirí tuairisceán cánach a thíolacadh d'aon ghnó.

Thug an tAcht Airgeadais 2021 nuashonrú freisin ar an reachtaíocht a rialaíonn foilsíú **liosta na mainnitheoirí cánach**. Is é an tairseach íosta chun socraíocht a fhoilsiú ná mainneachtain cánach de €50,000, seachas socrú foriomlán de €35,000 mar a bhí roimhe seo. Ina theannta sin, áireoidh an figiúr foilsithe aon fhormhuirear tíolachta dhéanaigh a bheidh mar chuid den socrú.

Mar chuid de fhreagra an Rialtais ar bhulccheannach réadmhaoine cónaithe ag infheisteoirí institiúideacha tráchtála, tugadh isteach ráta níos airde de 10% ar **dleachta stampa ar ilcheannach maoin cónaithe** le Rún Airgeadais ar an 19 Bealtaine 2021 agus achtaíodh é san tAcht Airgeadais (Covid-19 agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2021. Tá feidhm ag an ráta níos airde nuair a cheannaíonn duine 10 maoin chónaithe nó níos mó (gan árasáin a áireamh) in aon tréimhse 12 mhí. Forálann an reachtaíocht freisin d'aisíocaíocht pháirteach i gcás ina ligtear maoin ar cíós do thithíocht shóisialta ina dhiaidh sin.

Tugadh isteach alt nua, 114A den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, san Acht Airgeadais 2021 chun na socruithe cánach maidir le hobair ón mbaile a fheabhsú agus a chur ar bhonn foirmiúil. Forálann an t-alt nua seo d'**fhaoiseamh ó cháin ioncaim ar chianobair** i bhfoirm asbhainte cánach arb ionann é agus 30% de chostas na gcostas deimhnithe ar sheirbhísí leictreachais, teasa agus idirlín. Bunaíonn an leasú seo bonn reachtúil don bheart seo a d'fheidhmíomar roimhe seo ar bhonn riaracháin. Cuireann ár gcórais ar líne chumas ar cáiníocóirí faoiseamh cianoibre a éileamh i bhfíor-am agus iad ag íoc as na costais seo i rith na bliana. Beidh feidhm ag an bhfaoiseamh feabhsaithe don bhliain mheasúnaithe 2022 agus do na blianta ina dhiaidh sin.

I mí Iúil 2021, d'éirigh linn athruithe suntasacha a thabhairt isteach maidir le bailiú **CBL ar idirbhearta ríomhThráchtála trasteorann**, rud a ciallaíonn go bhfuil sé i bhfad níos éasca do chuideachtaí a gcuid oibleagáidí CBL a chomhlíonadh agus iad ag trádáil go hidirnáisiúnta:

- leathnaíodh an Mionionad Uile-Ghnó CBL (MUIG) a bhí ann cheana go dtí Ionad Uile-Ghnó (IUG) i bhfad níos leithne. Ceadaíonn an IUG méadaithe do bhailiú simplithe CBL ar gach seirbhís trasteorann a sholáthraítear ar bhonn gnó go custaiméir (B2C) laistigh den AE agus bailiú CBL ar chiandíol earraí laistigh den Chomhphobal. Is feabhas suntasach iad na hathruithe do thrádálaithe ar mian leo oibriú i margaí Eorpacha eile toisc go gceadaíonn sé dóibh clárú i mBallstát amháin agus a dtuairisceáin agus a n-íocaíochtaí CBL uile a bhaineann leis an AE a chomhlánú ansin.
- tugadh isteach freisin Ionad Uile-Ghnó Iompórtála (IUGI) le haghaidh idirbhearta ó lasmuigh den AE. Soláthraíonn an IUGI simpliú comhchosúil maidir le coinsíneachtaí ar luach íseal iompórtáilte isteach san AE lena ndíol le tomhaltóirí Eorpacha. Tháinig tabhairt isteach na scéime seo ag an am céanna ná an deireadh curtha ar fud an AE leis an tairseach faoisimh coinsíneachta de luach íseal de €22 agus, i gcás ina mbaineann soláthraí leas as an IUGI, gearrfar CBL ar an tomhaltóir ag an bpointe díola ar líne agus ní bheidh sé faoi réir aon táillí cánach nó custaim eile ar sheachadadh na n-earraí.

Táthar ag súil go méadóidh an dá scéim ioncam CBL go suntasach ar fud an AE.

I rith 2021, rinneamar dhá Threoir chánach AE nua a thrasú i ndlí na hÉireann freisin, a dhéanfaidh **athchóiriú agus nuachóiriú ar roinnt gnéithe máil**. Áirítear orthu sin Treoir (AE) 2020/1151 ón gComhairle (lena leasaítear Treoir 92/83/CEE) maidir le struchtúir na

ndleachtanna máil ar alcól agus deochanna alcólacha san AE a chomhchuibhiú lena leagtar amach an bonn ar a mbeidh dleachtanna máil ar tháirgí den sórt sin le déanamh a bhunú. Áiríonn sé freisin Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle a thugann cothrom le dáta na socruithe ginearálta atá ann cheana maidir le táirgeadh, sealbhú agus gluaiseacht táirgí máil san AE.

D'oibríomar le comhghleacaithe ón AE chun socruithe nua AE a chur chun feidhme chun táirgeoirí beaga alcóil a dheimhniú a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2266 ón gCoimisiún, a glacadh i mí na Nollag 2021.

D'oibríomar go dlúth freisin lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Dlí agus Cirt ar Dhréacht-Scéim Ghinearálta an Bhille um Dhíolachán Alcóil, a athchóireoidh na dlíthe ceadúnaithe máil (deochanna) atá ann faoi láthair trí fhorálacha níos nuashonraithe agus níos sruthlínithe a chur ina n-ionad.

Leanaimid de pháirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt **polasaithe um ghníomhú aeráide** trínár dtacaíocht agus trí chomhoibriú leis an Roinn Airgeadais. Gheall Clár 2020 don Rialtas an méid a ghearrtar in aghaidh an tonna dé-ocsaíd charbóin (CO₂) a astaítear a mhéadú go €100 faoi 2030. Reachtaigh an tAcht Airgeadais 2020 do shraith méaduithe bliantúla de €7.50 a bhaineann leis an méid a ghearrtar in aghaidh an tonna CO₂ a astaítear ag teacht i bhfeidhm ó 2021 agus do gach bliain ina dhiaidh sin suas go dtí agus an bhliain 2029 san áireamh, le méadú deiridh de €6.50 in 2030. In 2021, mhéadaigh an méid a gearradh in aghaidh an tonna CO₂ a astaítear go €33.50 le haghaidh breoslaí iontaise mar olaí mianraí, gás nádúrtha, agus breoslaí soladacha (gual agus móin). In 2022, mhéadaigh an méid a gearradh in aghaidh an tonna CO₂ a astaítear go €41.00. Tháinig an méadú seo i bhfeidhm ó oíche an Bhuiséid (13 Deireadh Fómhair 2021) i gcás breoslaí tiomántán, agus ón 1 Bealtaine 2022 maidir le breoslaí neamh-tiomáinte, gás nádúrtha agus breosla soladach.

Ag teacht le Plean Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais, leanann an **réimeas Cánach Cláraithe Feithiclí (CCF)** de bheith ag tacú leis an straitéis maidir le dreasacht a thabhairt do ghlacadh feithiclí a scaoileann méideanna níos ísle carbóin agus gáis cheaptha teasa eile. San Acht Airgeadais 2021, leathnaíodh an faoiseamh CCF d'fheithiclí leictreacha ar feadh dhá bhliain eile go dtí deireadh 2023. Mhéadaigh an reachtaíocht freisin na rátaí CCF do charranna sna bandaí astaithe meánacha agus níos airde, agus ag an am céanna coinníodh na rátaí CCF íseal atá ann cheana féin gan athrú d'fheithiclí sna bandaí astaíochtaí ísle.

I rith 2021, chuireamar chun cinn forbairt agus bainistiú líonra conarthaí cánach na hÉireann. Áiríodh leis sin síniú cúig chomhaontú cánach idirnáisiúnta; **Comhaontuithe um Chánachas Dúbailte (CCD)** nua leis an gCosaiv agus leis an gCéinia, Prótacal a ghabhann le gach ceann de na Conarthaí le raon feidhme teoranta le hOileán Mhanann agus le Geansaí, agus Prótacal chun ár CCD reatha leis an nGearmáin a nuashonrú. Daingníodh an CCD leis an gCosaiv agus an Prótacal a ghabhann leis an CCD leis an nGearmáin san Acht Airgeadais 2021. Tá 76 Comhaontú CCD sínithe ag Éirinn le 74 tír agus clúdaíonn siad an Cháin Ioncaim, an Muirear Sóisialach Uilíoch agus Cáin Gnóthachan Caipitiúil. As na CCD sínithe, tá 73 i bhfeidhm faoi láthair. Leanamar freisin leis an bpróiseas chun téacsanna sintéiseithe a chomhaontú le comhpháirtithe conartha chun modhnuithe ar ár CCD reatha a léiriú mar gheall ar an Ionstraim Iltaobhach frith-BEPS. Fógraíodh athbhreithniú ar bheartas conartha cánach na hÉireann in 2021, lena áiríodh comhairliúchán poiblí a reáchtáladh i rith na bliana. Tá an t-athbhreithniú ar siúl i gcomhar leis an Roinn Airgeadais agus tá sé i gceist ráiteas polasaí conartha a fhoilsiú nuair a bheidh sé críochnaithe.

Feidhmímid mar an **tÚdarás Inniúil** chun críche aon díospóidí maidir le faoiseamh ó chánachas dúbailte a d'fhéadfadh teacht chun cinn faoi Chomhaontuithe CCD na hÉireann a réiteach. I rith 2021, réitíomar 172 díospóid den sórt sin, ar bhain 17 acu le leithroinnt nó leithdháileadh brabúis idir Éire agus an tír eile lena mbaineann (praghsanna aistrithe) agus bhain 155 díobh le díospóidí praghsála neamhaistrithe eile. Mar chuid den obair sin, reáchtáladh idirbheartaíocht i leith Nósanna Imeachta um Chomhaontú Frithpháirteach (NICF), arna bhforáil faoinár ngréasán

de CCD agus faoi Coinbhinsiún Eadrána an AE (Tábla 11). I mí na Samhna 2021, fuair Éire dámhachtaí NICF ón ECFE mar an dlínse leis an méadú is mó ar chásanna NICF a dúnadh le faoiseamh aontaobhach nó comhaontú iomlán i rith 2020 i gcomparáid le 2019.

Bhí idirbheartaíocht againn le hÚdaráis Inniúla tíortha eile maidir le Réamh-Chomhaontuithe Praghsála (RCP) déthaobhacha casta chun deimhniú a fháil, roimh an tréimhse chuntasaíochta i gceist, maidir le bunús comhaontaithe le haghaidh praghsáil aistrithe trasteorann idir comhlachtaí comhlachaithe. Féachann idirbheartaíocht RCP le cosc a chur ar dhíospóidí maidir le praghsáil aistrithe a thagann chun cinn agus teastaíonn anailís chuimsitheach agus plé forleathan lenár gComhpháirtithe Conartha chun teacht ar chomhaontú. In 2021, fuair muid 11 iarratas ar RCP agus críochnaíodh 3 RCP tar éis idirbheartaíocht le hÚdaráis Inniúla tíortha eile (Tábla 12).

Leanamar ag caibidlíocht, aontú agus cur i bhfeidhm tionscnamh nua maidir le **Malartú Uathoibríoch Faisnéise (AEOI)**. Ceanglófar leis an Treoir DAC7, a comhaontaíodh in 2021, ar oibreoirí ardán digiteacha ioncam a thuilleann díoltóirí atá ag gabháil don gheilleagar comhroinnte agus gigeanna a thuairisciú. Trasúodh an Treoir i ndlí na hÉireann leis an Acht Airgeadais 2021 agus na Rialacháin le leanúint in 2022. Cuirfimid tús le tuarascálacha a fháil ó oibreoirí ardán i mí Eanáir 2024 agus malartóidh muid an fhaisnéis sin leis na Ballstáit ábhartha de réir mar is iomchuí. Ina theannta sin, le linn 2021, d'oibríomar go dlúth leis an ECFE ar thograí chun tionscnaimh AEOI nua agus feabhsaithe a fhorbairt chun trédhearcacht cánach a chur chun cinn do shócmhainní criptí agus do tháirgí airgid dhigitigh.

Tá an **clár oibre cánach idirnáisiúnta** ag athrú go tapa agus casta. In 2021, d'oibríomar go dlúth leis an Roinn Airgeadais, an OECD, an Coimisiún Eorpach agus grúpaí na Comhairle san AE chun beartas cánach domhanda agus AE a fhorbairt ar raon leathan de chúrsaí cánach agus dleachta idirnáisiúnta. Cuireann ár rannpháirtíocht le múnlú rialacha cánach idirnáisiúnta éifeachtacha, agus bíonn tionchar aici air.

Thacaíomar leis an Roinn Airgeadais chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a d'eascair as digitíú an gheilleagair agus as an gcomhaontú idirnáisiúnta ar thángthas air an 8 Deireadh Fómhair 2021 ag balldhlínsí Chreat Uilechuimsitheach an ECFE ar BEPS.

Chuireamar freisin le Grúpa Chód Iompraíochta Chomhairle an AE (Cánachas Gnó) agus leis an bhFóram ECFE ar Chleachtais Dhíobhálacha Cánach.

Staidreamh agus Taighde Ardchaighdeán a Sholáthar chun Tacú le Creat Cánachais na hÉireann

Tacaímid leis an bpróiseas ceaptha beartas cánach intíre agus idirnáisiúnta trí anailís staitistiúil agus eacnamaíoch agus costálacha a sholáthar don Roinn Airgeadais agus don Rialtas agus don Oireachtas.

In 2021, leanamar ar aghaidh ag foilsiú líon méadaitheach sonraí, Staitisticí Oifigiúla creidiúnaithe agus Taighde ar fháltais chánach agus costálacha an bheartais chánach. Foilsímid ar bhealach inrochtana agus áisiúil oiread agus is féidir, ag baint úsáide as formáidí Sonraí Oscailte nuair is indéanta. Tá ár bhfaisnéis fhoilsithe ar fáil ar na leathanaigh staitisticí agus taighde ar ár suíomh idirlín:

- <https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/statistics/index.aspx>
- <https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/research/index.aspx>

I mí an Mheithimh, rinneamar óstáil ar an tríú *Seimineár bliantúil de chuid na gCoimisinéirí loncaim maidir le Staidreamh agus Taighde*, ar an téama ‘Tuairisciú Fíor-Ama a Úsáid chun Staidreamh agus Taighde a Fheabhsú’. D’fhreastail breis agus 180 duine ó ar fud na seirbhíse poiblí agus na hearnála príobháidí ar an imeacht fíorúil seo.

I dteannta lenár ngnáthstaitisticí, foilsíodh páipéir thaighde a scríobh ár bhfoireann in dhá iris phiarmheasúnaithe in 2021. Tá an chéad cheann ar inscne agus pá sa riarachán in *Journal of the Institute of Public Administration* agus an dara ceann ar an tionchar atá ag tacaíochtaí Covid-19 ar thorthaí an mhargaidh sa othair san *Economic & Social Review*, príomhiris eacnamaíoch na hÉireann. Rinne ár n-eacnamaithe cur i láthair freisin do Chumann Fiosrúcháin Staidrimh & Sóisialta na hÉireann ar na treochtaí stairiúla sa cháin chorparáide.

D’aithin an Foras um Staidéar Fioscach freisin in 2021 ár gcuid oibre ar inscne agus pá agus ar fhoilsiú nuashonruithe staidrimh fíor-ama maidir le scéimeanna tacaíochta Covid-19, agus fuair an bheirt acu ‘Ard-Mholadh’ i *Miriam Hederman O’Brien Prize* de chuid an Fhorais.

Imeacht na Ríochta Aontaithe ón AE

Tá breis is bliain anois ó tháinig na tionchair phraiticiúla a bheadh ag an Ríocht Aontaithe lasmuigh d’Aontas Custaim agus den Mhargadh Aonair san AE. San am seo, b’éigean do thrádáil agus gnó, do thomhaltóirí agus do Ghníomhaireachtaí Stáit dul i dtaithí ar an athrú is mó ar an gcaoi a ndéanaimid trádáil leis an Ríocht Aontaithe le beagnach 30 bliain. Tá earraí a d’aistrigh go saor idir Éirinn agus an Bhreatain Mhór anois faoi réir fhoirmiúlachtaí Custam beag beann ar a gcostas, a luach nó a dtionscnamh.

Ón 1 Eanáir 2021, tá trádáil leis an Ríocht Aontaithe á rialú ag na téarmaí arna gcomhaontú i **gComhaontú Trádála agus Comhoibriú an AE agus an Ríocht Aontaithe (TCA)** agus na foirmiúlachtaí custaim atá leagtha amach i gCód Custaim an Aontais (UCC). Cé go raibh ullmhúcháin shuntasacha déanta ag formhór na ngnólachtaí roimh an 1 Eanáir, ba léir freisin go raibh deacracht láithreach ag roinnt gnólachtaí, idir bheag agus mhór, i gcásanna áirithe deacracht mhór, maidir leis an gceanglas foirmiúlachtaí custaim a chomhlánú agus oiriúnú d’oibriú na rialuithe nuair a tháinig siad chun cinn. Fachtóir a chuidigh leis sin ba ea an éiginnteacht ar leith maidir le cibé an gcomhaontófaí nó nach gcomhaontófaí comhaontú trádála idir an AE agus an Ríocht Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse an 31 Nollaig 2020. Ní hamháin gur tháinig easpa soiléireachta ar na taraifí nó na cuótaí a bheadh i bhfeidhm mar thoradh ar an gcéim dhéanach ar tugadh TCA an AE-na Ríochta Aontaithe chun críche, ach cúpla lá roimh theacht i bhfeidhm, ach bhí sé ina chúis le míthuiscint ag roinnt gnólachtaí go gciallódh comhaontú nach mbeadh feidhm ag aon fhoirmiúlachtaí custaim agus d’fhanfadh an status quo. Ar leithligh, dhírigh gnólachtaí ar aghaidh a thabhairt ar raon dúshlán eacnamaíoch agus gnó de bharr na paindéime Covid-19. Ní nach ionadh, chuidigh na fachtóirí seo go léir le hullmhacht fo-optamach ag roinnt gnólachtaí don 1 Eanáir 2021. Ní raibh sé seo uathúil in Éirinn, mar is léir ón bhfíric go raibh dúshlán chomhchosúla ag go leor tíortha san AE ar na cúiseanna céanna.

Bhí sé thar a bheith dúshlánach do na gnólachtaí lena mbaineann iarracht a dhéanamh

samhlacha gnó a oiriúnú i bhfíor-am do rud éigin a tharla cheana féin. Ag tógáil ar rannpháirtíocht fhairsing le linn 2019 agus 2020, leanamar ar aghaidh ag tacú le trádáil agus gnó, i dteannta a chéile agus go haonarach, chun oiriúnú a dhéanamh do na ceanglais agus na foirmiúlachtaí nua agus chun ceisteanna sonracha a réiteach a eascraíonn as an timpeallacht trádála nua. Ghlacamar cur chuige comhoibríoch réamhghníomhach ina leith seo a raibh baint aige le gnó, comhlachtaí ionadaíocha trádála, Gníomhaireachtaí Stáit agus go deimhin na geallsealbhóirí ábhartha go léir.

Sular imigh an Ríocht Aontaithe as an AE, bhí formhór na n-earraí a iompórtáladh isteach go hÉirinn ó thríú tír (ó lasmuigh den AE) á seoladh trí **Lift-On Lift-Off (LoLo)** ghluaiseachtaí farraige coimeádán agus d'aer. Cuireadh na hearraí seo isteach ansin i saoraidí stórála sealadaí agus críochnaíodh na foirmiúlachtaí iompórtála lena n-áirítear foirmiúlachtaí custaim agus seiceálacha comhlíontachta sláintíochta agus fiteashláintíochta (SPS), a thóg roinnt laethanta de ghnáth. Tá an trádáil leis an Ríocht Aontaithe an-difriúil, le formhór na n-earraí tríú tíortha ag teacht go hÉirinn anois ar bhád farantóireachta **Rolladh-Ar Rolladh-As (RoRo)** chun an margadh díreach-in-am a sholáthar. Chuir sé seo éileamh suntasach ar na Gníomhaireachtaí Stáit go léir chun rialuithe iompórtála a éascú le linn taistil nó go gairid tar éis dóibh teacht chuig an gcalafort.

Ba ghné ríthábhachtach de chomhoibriú idirghníomhaireachta é, agus leanfaidh sé de bheith, chun tacú le trádáil sa timpeallacht nua ó d'imigh an Ríocht Aontaithe as an AE. Roimh an 1 Eanáir 2021, agus ó shin i leith, d'oibríomar go gníomhach leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus le Seirbhísí Sláinte Comhshaoil (EHS) Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun tógáil ar chaidrimh oibre den scoth atá ann cheana agus chun forbairt agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar cur chuige sruthlínithe maidir le rialuithe iompórtála Cinntíonn sé seo, a mhéid is féidir, saorshreabhadh trádála ag calafoirt agus aerfoirt.

Baineadh an cur chuige éascaithe agus comhoibríoch seo indéanta le tabhairt isteach na **Seirbhíse RoRo Custam**, córas TF a éascaíonn agus a thacaíonn le trádáil dhlisteanach trí réamh-thaisceadh dearbhuithe custaim a cheadaíonn do na Coimisinéirí Ioncaim gníomhú mar choimeádaí geata thar ceann na ngníomhaireachtaí Stáit go léir, chun gluaiseachtaí a shainaithint a bhféadfadh gá a bheith leo le seiceálacha breise ar theacht go hÉirinn. Cuireann réamh-thaisceadh na ndearbhuithe ar chumas na nGníomhaireachtaí Stáit cuid de na foirmiúlachtaí iompórtála a chomhlánú fad is atá na hearraí fós ar bord an bháid farantóireachta, rud a chiallaíonn gur féidir le thart ar 86% de na trucaí go léir an calafort a fhágáil gan idirghabháil bhreise láithreach ar theacht go hÉirinn dóibh.

Forbraíodh próisis bhreise sofaisticiúla TF idir na Coimisinéirí Ioncaim agus na Gníomhaireachtaí Stáit eile chun an oiread faisnéise a roinnt, cumarsáid uathoibríthe a cheadú idir na Ranna agus athúsáid sonraí chun dúbailt iarrachta ag Gníomhaireachtaí gnó agus Stáit a laghdú.

Soláthraíonn an tseirbhís RoRo freisin bealach díreach cumarsáide leis an earnáil tarlaithe, ag athúsáid sonraí a mhéid is féidir agus ag tabhairt infheictheacht do na geallsealbhóirí go léir ag gach céim den phróiseas roimh, le linn agus i ndiaidh an turais farantóireachta. Nuair is gá seiceálacha páipéarachas nó fisiceacha ar theacht isteach, tá próisis trasghníomhaireachta i bhfeidhm againn a uasmhéadaíonn éifeachtacht na nósanna imeachta.

D'oibríomar go dlúth le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP) ó 2018 ar aghaidh, chomh maith le DAFM agus le FSS, chun a chinntiú go raibh bonneagar cuimsitheach chun rialuithe doiciméadacha agus fisiceacha a éascú i bhfeidhm ag ár gcalafoirt ón 1 Eanáir 2021. I measc na n-áiseanna sin tá líon méadaithe bána iniúchta, páirceáil d'fheithiclí earraí troma, áiseanna seiceála doiciméad, oifigí poiblí, áiseanna tiománaithe agus cóiríocht foirne.

Níl aon dabht le bliain anuas, ach go bhfuil taithí ag na geallsealbhóirí go léir lena n-áirítear na Gníomhaireachtaí Stáit ar na dúshlán phraiticiúla agus laethúla a tháinig chun cinn mar gheall

ar imeacht na Ríochta Aontaithe as an AE. Mar shampla, b'éigean do tharlóirí agus tiománaithe oiriúnú d'idirghníomhú leis an tseirbhís Chustaim RoRo chun stádas an Fhógra Réamh-Bhord a sheiceáil sula n-aistríonn siad a n-earraí agus chun a gcainéal custaim a fháil sula dtéann siad ar bord an bháid farantóireachta in Éirinn. Bhí próiseas taithíochta ann do tharlóirí agus iad ag seoladh an chalafoirt agus ar na háiseanna custaim agus na críochfoirt ábhartha inar ceanglaíodh orthu glaoch chuig Custaim.

Bhí an chéad ráithe de 2021 ar cheann de na cinn is dúshlánaí inár beagnach 100 bliain de stair. Cé gur chuir ár n-ullmhúcháin seasamh láidir dúinn chun déileáil le formhór na ndúshlán seo, bhí cúrsaí áirithe lasmuigh dár smacht. Mar shampla, an gá dul i dtaithe ar an timpeallacht trádála nua i gcomhthéacs na paindéime Covid-19 agus bealaí a oibriú amach a d'éascaigh baill foirne nua-earcaithe a aistriú go timpeallacht ghnóthach oibre ar bhealach a choinnigh gach duine sábháilte.

Bhí dúshlán feidhmíochta le sárú againn lenár **gCóras Iompórtála Uathoibríoch (CIU)** go hanluath in 2021 mar gheall ar an méadú suntasach ar líon na ndearbhuithe saincheaptha. Laistigh d'fhráma ama an-ghéarr thugamar obair shuntasach chun críche chun acmhainn ár gcóras a mhéadú agus, mar thoradh air sin, tá córas iompórtálacha custaim TF atá láidir agus cobhsaí i bhfeidhm anois, a sholáthraíonn an leibhéal cinnteachta a theastaíonn do ghnólachtaí.

Bhí ár gcur chuige maidir le dul i ngleic le gach dúshlán comhoibríoch agus dírithe ar réitigh. Go luath sa bhliain, bhíomar i dteagmháil ag leibhéal nach bhfacthas riamh roimhe seo le gnólachtaí aonair a raibh deacrachtaí ar leith acu maidir lena samhlacha gnó. Bhí rannpháirtíocht shuntasach againn freisin le príomhghrúpaí geallsealbhóirí lena n-áirítear trínár gCoiste Comhairleach Custaim chomh maith le rannpháirtíocht in oibreoirí farantóireachta na Roinne Iompair, agus fóraim geallsealbhóirí tarlóirí bóithre agus Fóram Miondíola na Roinne Fiontar. Chuir na léargais luachmhara a fuaireamar ónár rannpháirtíocht dhian le gnólachtaí agus comhlachtaí ionadaíocha trádála ar ár gcumas leis na Gníomhaireachtaí Stáit eile próisis a chuíchóiriú agus ár seirbhísí a fheabhsú trí, mar shampla, roinnt feabhsuithe a sheachadadh ar an tSeirbhís Roro Chustaim.

Feabhsúchán amháin dá leithéid ab ea comhéadan a sholáthar a cheadódh cumarsáid chóras go córas idir córais Chustaim trádálaithe agus an córas RoRo. Baineadh cuid den obair láimhe a bhain le comhlánú an Fhógra Réamh-Bhord (PBN) de bharr forbairt na gComhéadan Cláraithe Feidhmchláir (APlanna) seo. Chuireamar feabhas freisin ar chumarsáid na bhfógraí cainéil feithicle maidir le gluaiseachtaí isteach RoRo. Mar thoradh ar na feabhsuithe seo, féadtar dhá uimhir theileafóin phóca agus seoladh ríomhphoist a chur isteach agus PBN á chruthú le haghaidh turas isteach RoRo. Tríocha nóiméad roimh theacht an tsoithigh go hÉirinn, nuair a bheidh an fhaisnéis faoin gcainéal feithicle ar fáil, eiseofar go huathoibríoch í chuig na sonraí teagmhála go léir a chuirtear ar fáil. Léiríonn aiseolas ón lucht trádála agus ónár bhfoireann sna calafoirt go raibh tionchar dearfach ag na forbairtí TF a soláthraíodh ar éascú trádála a bharrfheabhsú.

I rith na bliana, ghlacamar páirt i 54 imeacht ar líne, le 7,800 duine i láthair, dírithe ar thacaíochtaí breise a sholáthar do ghnólachtaí agus do chomhlachtaí ionadaíocha trádála. Reáchtáileamar sraith seimineár gréasáin freisin, le 1,000 duine i láthair, ag ceiliúradh na chéad 6 mhí de thrádáil faoin ACC idir an AE agus an Ríocht Aontaithe. Leag na seisiúin seo béim ar na dúshláin agus na saincheistanna a tháinig roimh na Coimisinéirí Ioncaim agus ár gComhghníomhaireachtaí Stáit (DAFM agus an FSS) chomh maith leis an earnáil trádála agus lóistíochta, agus leagadh amach na príomhnithe a foghlaimíodh agus a rinneadh le linn na tréimhse. Dhírigh na seisiúin freisin ar na roghanna atá ar fáil do ghnólachtaí, faoin bPrótacal ar Éirinn agus ar Thuaisceart Éireann, chun a gcuid foirmiúlachtaí custaim a chomhlánú. Tá taifeadtaí na seimineár gréasáin ar fáil ar ár suíomh idirlín, le breis is 1,600 amharc air ó foilsíodh é. I ráithe 4 de 2021, ghlacamar páirt freisin in imeachtaí for-rochtana chun cabhrú le gnólachtaí ullmhú do thabhairt isteach athbhreithnithe céimnithe foirmiúlachtaí iompórtála na

Ríochta Aontaithe.


De réir mar a tháinig na ceanglais nua i bhfeidhm agus de réir mar a d'oibríomar trí na dúshlán tosaigh a tháinig chun cinn, d'fháiltigh muid roimh an deis eolas a thabhairt do roinnt Coistí Oireachtais maidir le hoibriú seiceálacha saincheaptha sa timpeallacht trádála nua, leis an gCoimisinéir agus an Ard-Stiúrthóir Custam, Gerry Harrahill, a láithriú os comhair an Chomhchoiste um Líonraí Iompair agus Cumarsáide agus Roghchoiste an tSeanaid um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach i mí Eanáir agus Bealtaine 2021 faoi seach. Ag druidim le deireadh na bliana bhí deis ag an gCoimisinéir Harrahill aitheasc a thabhairt do Chumann Parlaiminteach na Breataine-na hÉireann mar chuid dá fhiosrúchán ar thionchar eacnamaíoch na timpeallachta athraithe ar thrádáil na Ríochta Aontaithe-Éire.

In 2021, phróiseálamar os cionn 27.1 milliún **dearbhuíthe iompórtála** maidir le hearraí iompórtáilte ó choinsíneachtaí ar luach íseal (níos lú ná €150) go hualaí leantóir/coimeádán iomlán (Tábla 13). Bhí sé sin i gcomparáid le díreach os cionn 1 mhilliún dearbhuithe iompórtála a próiseáladh in 2020. Féadtar an méadú is mó riamh bliain ar bhliain a chur i leith raon fachtóirí lena n-áirítear imeacht na Ríochta Aontaithe ón AE, deireadh a chur leis an díolúine ó CBL d'earraí a iompórtáil chuig an AE ar luach €22 nó níos lú a tháinig i bhfeidhm ón 1 Iúil 2021 agus an méadú easpóntantúil ar shiopadóireacht ar líne i gcoitinne de bharr Covid-19.

Níl aon amhras ach go bhfuil dul chun cinn ollmhór déanta ag gnólachtaí maidir le hoiriúnú do na ceanglais nua le bliain nó dhó anuas. Tá go leor ag trádáil go rathúil leis an mBreatain Mhór nó tríd an mBreatain Mhór anois nó tá a slabhraí soláthair nó a mbealaí soláthair athraithe acu chun deireadh a chur leis an ngá atá le comhlíonadh custaim agus foirmiúlachtaí rialála eile.

Ag breathnú ar an mbliain iomlán, tugadh an bealach glas do 86% de ghluaiseachtaí feithicil lastais ón mBreatain Mhór isteach go hÉirinn ar a dteacht isteach chun na tíre, rud a chiallaíonn gur tháinig siad tríd an gcalafort cuí gan gá le hidirghníomhú breise a dhéanamh leis na Coimisinéirí loncaim ná aon Ghníomhaireacht eile Stáit. Tugadh an bealach oráiste do 11% dóibh, rud a chiallaíonn go raibh seiceáil doiciméadach ag nó rialú den chineál sin ag teastáil ó na hearraí, agus tugadh an bealach dearg do 3% dóibh, rud a chiallaíonn go raibh riachtanas ann scrúdú nó imscrúdú fisiceach ar na hearraí a dhéanamh.

In 2021, próiseáladh 29.8 milliún dearbhú custaim, ar dearbhuithe iompórtálacha 27.1 acu. Is ionann é seo agus méadú níos mó ná riamh bliain ar bhliain de bhreis is 1,400%.



Dámhachtainí na mBan in TF – Foireann TF na Bliana



Grianghraf: Niamh Corby, ceannasaí foirne, a d'fhreastail ar an gcian-searmanas bronnta agus a ghlac leis an ngradam thar ceann na foirne.

Nuair a fógraíodh gur vótáil an Ríocht Aontaithe an AE a fhágáil, ba léir go mbeidh orainn ullmhú le haghaidh méadú suntasach ar dhearbhuíthe custaim. Níor tógadh ár gcórais oidhreachtá riamh le méadú faoi 20+ ar líon na n-aighneachtaí maidir le dearbhuithe custaim san áireamh agus mar thoradh air sin ní mór tástáil feidhmíochta agus mionchoigeartú suntasach a dhéanamh chun a chinntiú go bhféadfadh ár gcórais chustaim an t-ualach próiseála méadaithe a láimhseáil nuair a tháinig imeacht na Ríochta Aontaithe i bhfeidhm.

Ag an am céanna, b'éigean dúinn córas

allmhairithe nua a chur i bhfeidhm ar a dtugtar an Córas Iompórtála Uathoibríoch (CIU) chun ceanglais reachtaíochta an AE a chomhlíonadh a raibh dúshláin agus éilimh shuntasacha ar na foirne Custaim mar thoradh air. Cuireadh CIU i bhfeidhm laistigh d'fhráma ama an-ionsaitheach agus ag am a raibh go leor príomh-acmhainní ar ár bhfoirne Custaim agus TFC araon ag obair ar 'ullmhacht don Bhreathimeacht'.

Ar dtús, ní raibh sé i gceist riamh CIU a sheoladh sé seachtaine roimh imeacht na Ríochta Aontaithe as an AE. Mar sin féin, toisc gur cuireadh dáta imeachta na Ríochta Aontaithe siar dhá uair ba ghá é sin. Níorbh fhéidir scaoileadh CIU a mhoilliú mar go mbeadh ar líon suntasach trádálaithe (nach mbeadh idirghníomhú acu le Custaim roimh imeacht na Ríochta Aontaithe ón AE) réiteach teicniúil a cheannach agus a chur i bhfeidhm chun comhéadan lenár gcóras iompórtála oidhreachtá ar feadh tréimhse ghearr.

Chomh maith le CIU a fhorbairt agus a sheoladh, d'oibrigh ár bhfoirne TFC agus Custaim go dlúth le chéile chun Córas Fógraí Rolladh-Ar Rolladh-As (RoRo) a dhearadh chun rioscaí moilleanna agus brú tráchta i gcalafoirt na hÉireann ó Eanáir 2021 a mhaolú. Éascaíonn an tseirbhís bainistíocht éifeachtach earraí agus tráchta trí dhá chalafort na hÉireann a oibríonn seirbhísí farantóireachta RoRo idir Éire agus an Ríocht Aontaithe. Leagann an córas béim freisin ar na háiteanna ina bhféadfadh gá a bheith le seiceálacha ionas gur féidir earraí a rialú ar bhealach iomchuí i gcomhréir lenár ngealltanais AE.

Thug an tsraith Ban in TF aitheantas don fhoireann TFC a d'oibrigh ar an tionscadal seo as cáilíocht a gcuid oibre, agus bhuaigh siad an gradam don Fhoireann TF is Fearr faoi stiúir bean.

Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht

Idirghabhálacha Iniúcháireachta agus Comhlíontachta



463,814 Idirghabhálacha le toradh **€1,388m**

Seachaint



131 Cás Réitithe le toradh **€13.6m**

Urghabhálacha



Breis agus 1m Urghabháil Custam/Máil ar luach **€194.4m**

Ionchúisimh



9 Ciontú i leith Imghabháil & Calaois Thromchúiseach

231 Ciontú Achomair

Foilseacháin ar Liostaí na Mainnitheoirí Cánach



86 Cás Foilsithe

€30.29m Socruithe

Forfheidhmiúchán Fiachais



854 Cás le toradh **€24.6m**

Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht

Is é ár bpríomhthasc ná cánacha agus dleachtanna a bhailiú. Baineann muid é seo amach trí sheirbhís den scoth a chur ar fáil chun tacú le comhlíontacht shaorálach agus freagra riosca-dhírithe, éifeachtach agus chomhréireach a thabhairt ar neamhchomhlíontacht, a léiríonn iompar cáinócóra.

Comhlíonann formhór mór na gcáinócóirí a n-oibleagáidí cánach agus dleachta go hiomlán, tíolacann siad tuairisceáin agus dearbhuithe cruinne agus íocann siad an méid ceart cánach ag an am ceart.

Cuirimid cur chuige measúnaithe riosca fíor-ama, bunaithe ar shonraí i bhfeidhm chun comhlíonadh tráthúil a chinntiú agus táimid tiomanta do dhul i ngleic le gach cineál neamhchomhlíontachta. Láidríonn muid ár dtuiscint ar iompar comhlíontachta cánach agus dleachta cáinócóirí agus, nuair is gá, cuireann muid dúshlán roimh dhianphleanáil cánach. Treisíonn muid ár sealúchais sonraí agus ár gcumas do shain-anailísíochtaí. In éineacht, cuireann na bearta seo ar ár gcumas riosca a shainaithint agus a chainníochtú agus aghaidh a thabhairt ar chásanna ina léirítear táscairí neamhchomhlíontachta. Ina theannta sin, laghdaítear an t-ualach ar cháinócóirí comhlíontacha mar gheall ar an maoirseacht thráthúil riosca-bhunaithe seo atá dírithe ar chomhlíonadh.

An 1 Bealtaine 2022, tháinig **Creat Idirghabhála Comhlíonta** nua, arna thacú ag Cód Cleachtais um Idirghabhálacha Comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim athbhreithnithe²³, i bhfeidhm. Tacaíonn an creat 3-leibhéal nua seo le comhlíontacht trí fheabhas a chur ar ár rannpháirtíocht fíor-ama le cáinócóirí, bainistiú comhlíonta fíor-ama ar ár mbonn cás deighilte a leathnú. Ionchorpraíonn sé ár gcur chuige traidisiúnta maidir le hiniúchadh cánach laistigh de Chreat Idirghabhála Comhlíonta a dhéanann foráil d'fhreagairt chomhsheasmhach, chéimnithe ar riosca agus iompar comhlíonta cáinócóra. Cuimsíonn na freagairtí seo ó dheiseanna inrochtana chun earráidí a cheartú go deonach go himscrúdú coiriúil do chásanna tromchúiseacha calaoise nó imghabhála. Gheobhaidh cáinócóirí a bhaineann leas as deiseanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar a stádas comhlíontacht chánach agus a thugann aghaidh go deonach ar aon saincheisteanna a shainaithnítear, an t-íosleibhéal pionóis agus de ghnáth ní bheidh siad i mbail foilsíú nó ionchúiseamh. Ar an taobh eile de, tugaimid freagra comhleanúnach, le fuinneamh cuí, do cháinócóirí nach gcloíonn go deonach nó nach n-athraíonn iompar neamhchomhlíontach.

In 2021, ba é €1,388 milliún an toradh ónár n-idirghabhálacha iniúchta agus comhlíontachta, an toradh comhlíontachta bliantúil is mó a taifeadadh go dtí seo.

Rinne muid urghabháil ar 5,741kg de dhrugaí, ar a raibh luach sráide measta de bhreis agus €115 milliún. Chomh maith leis sin, rinne muid 6,581 urghabháil ar tháirgí tobac aindleathacha, ar luach measta de bhreis agus €67 milliún, urghabháil ar 429,478 lítear d'alcól neamhdhlísteanaigh ar luach measta €2.7 milliún agus urghabháil ar 601 feithicil i leith cionta éagsúla (Táblaí 18 agus 19).

In 2021, bhí fíneálacha Cúirte de €599,699 san iomlán mar thoradh ar ionchúisimh na gCoimisinéirí Ioncaim i 231 cás achomair agus 9 gciontú coiriúla mar gheall ar chalaois thromchúiseach cánach agus chustaim. Ag deireadh na bliana, bhí 49 cás coiriúil eile os comhair na Cúirte (Tábla 22).

Cláir Chomhlíontachta

Tá ár gcreat comhlíontachta riosca-bhunaithe agus fite fuaite inár ngnáthchláir ghnó.

²³ <https://www.revenue.ie/ga/tax-professionals/documents/code-of-practice-revenue-compliance-interventions.pdf>

Laghdaíonn an cur chuige bainistíochta comhlíontachta seo an t-ualach riaracháin ar an gcáiníocóir comhlíontach agus tugann sé tosaíocht dár n-acmhainní comhlíontachta don cháiníocóir neamhchomhlíontach.

I rith 2021, bhíomar i dteagmháil le cáiníocóirí maidir le hiniúchadh agus gníomhaíocht idirghabhála comhlíontachta eile de réir ár dtreoirlínte maidir le hidirghabhálacha comhlíontachta a dhéanamh i dtimpeallacht chianoibre. Tá sonraí ar ár ngníomhaíocht comhlíontachta eanála leagtha amach i dTábla 14. Tá cuid de na réimsí a ndíreofar orthu dár ngníomhaíocht chomhlíontachta 2021 leagtha amach thíos.

Le roinnt blianta anuas, tá an **earnáil tógála** tar éis rioscaí suntasacha a chruthú don chóras cánach, mar is léir ó thorthaí ár gclár comhlíontachta sa réimse seo. I bhfianaise an leibhéil riosca atá i gceist chomh maith leis an méadú leanúnach ar ghníomhaíochtaí tógála atá le feiceáil againn ar fud na tíre, bhí an earnáil arís chun chinn inár gclár chomhlíontachta in 2021. Bhain toradh de beagnach €24 milliún le gníomhaíochtaí comhlíontachta a bhain leis an earnáil tógála, agus is ionann é agus timpeall 2% den toradh iomlán a tháinig as na hidirghabhálacha uile. Bhí na hidirghabhálacha seo dírithe go príomha ar rioscaí CBL, CCI agus ÍMAT (Fostóra), agus leanamar freisin ag déanamh monatóireachta ar an mbealach ar bhain an earnáil seo leas as scéimeanna tacaíochta paidéime. Go háirithe, maidir leis an *Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF)*, bhí fianaise shoiléir ann go raibh gnólachtaí san earnáil tógála ag cur a gclárúchán SFPF ar ceal agus ag fágáil na scéime go deonach de réir mar a bhí a ngníomhaíocht gnó ag dul i méid i rith na bliana.

Faoi dheireadh 2021, bhí 99.8% dár gclár seiceálacha curtha i gcrích againn ar gach fostóir (os cionn 66,000) a bhain leas as an **Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP)**. Rinneadh na seiceálacha seo lena chinntiú gur chomhlíon fostóirí critéir incháilitheachta na scéime agus, go ríthábhachtach, gur íocadh an t-airgead a bhí i gceist i gceart le fostaithe. Dhearbhaigh ár seiceálacha ardleibhéal comhlíonta leis an scéim. Ag deireadh na bliana, bhí beagán os cionn €32 milliún bailithe againn ó 1,797 fostóir a fuarthas a bheith neamh-incháilithe.

Tá méadú eisceachtúil tagtha ar **ríomhthrachtáil** ar fud an domhain mar gheall ar roinnt fachtóirí, lena n-áirítear an phaindéim Covid-19, agus leanaimid ag forbairt ár dtionscnaimh ghnó chun feasacht a fheabhsú i measc cáiníocóirí agus ár bhfoireann ar na rioscaí agus na himpleachtaí cánach a bhaineann leis sa réimse seo. Is ábhar spéise ar leith é comhlíonadh CBL na dtrádálaithe neamhchónaitheacha ar líne a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí digiteacha do chustaiméirí Éireannacha. I measc na gcuspóirí tábhachtacha den obair seo le linn 2021 bhí brath agus clárú gnóthaí AE ar líne a bhfuil leibhéal arda gníomhaíochtaí acu i margadh na hÉireann, agus fíorú ar CBL dearbhaithe ag gnóthaí cláraithe neamhchónaitheacha. Is é ár n-aidhm ná cinntiú go bhfuil na trádálaithe seo ar an eolas faoi, agus comhlíontach lena gcuid dualgas CBL. I gcúinsí áirithe, féadfaidh na trádálaithe a bheith cláraithe go héigeantach le haghaidh CBL in Éirinn. Le linn 2021, chuamar i dteagmháil le breis agus 400 gnóthas neamhchónaitheach ar líne a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí do chustaiméirí Éireannacha, agus mar thoradh air sin cláraíodh 60 gnólachtaí le haghaidh CBL in Éirinn.

Le linn 2021, leanamar ag obair i ndlíthchomhar chomh maith le comhghleacaithe i mBallstáit eile agus le Coimisiún an AE i mbunú creat oibre láidir idir-AE do rialachán agus comhlíontacht ríomhthrachtála trasteorann. Go háirithe, d'oibrigh muid chun dualgais tuairiscithe do sholáthraithe seirbhísí a bhrú chun cinn, rud a thiocfaidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024 agus a fheabhsóidh go suntasach ár gcumas bainistíochta riosca.

Leanaimid ag tabhairt aghaidh go réamhghníomhach ar na dúshláin a bhaineann leis an timpeallacht chánach idirnáisiúnta, lena n-áirítear iniúchtaí praghsála aistrithe riosca-tiomáinte a dhéanamh agus idirghabhálacha comhlíontachta praghsála aistrithe eile. Sa tréimhse 2015 go dtí deireadh 2021, chuireamar tús le 42 idirghabháil comhlíontachta praghsála aistrithe, a bhfuil 19 acu tugtha chun críche a raibh le toradh €435.3 milliún agus srianadh €196 milliún ar

chaillteanais trádála (éifeacht cánach: €24.5 milliún). Ina theannta sin, rinneadh measúnuithe cánach corparáide leasaithe mar thoradh ar idirghabhálacha comhlíontachta praghsála aistrithe agus sainathnódh cáin chorparáideach ganníochta de thart ar €74 milliún. Tá formhór na measúnaithe leasaithe faoi hachomharc faoi láthair.

Faoi Alt 1086 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, foráiltear go bhfoilseoidh na Coimisinéirí Ioncaim **Liosta Mainnitheoirí Cánach** in Iris Oifigiúil, laistigh de thrí mhí tar éis dheireadh gach ráithe ina dtagtar ar shocraíochtaí comhaontaithe nó ina gcuireann na Cúirteanna Cinntí Pionóis i bhfeidhm. Is díspreagadh tábhachtach é seo inár dtroid in aghaidh na neamhchomhlíontachta cánach. In 2021, comhaontaíodh socraíochtaí cánach, ar luach €30.29 milliún iad, le 86 cáiníocóirí, agus foilsíodh iad de réir na reachtaíochta. Tugtar sonraí na bhfoilseachán sin in 2021 i dTáblaí 16 agus 17, lena n-áirítear miondealú de réir ráithe agus na hearnálacha is coitianta a foilsíodh.

Úsáid Sonraí, Faisnéise agus Anailísíocht

Leanaimid lenár gcumas agus ár n-eolas anailíse sonraí a neartú chun rioscaí in imghabháil cánach agus dleachta, calaois, coireacht eagraithe, trádáil aindleathach agus smuigleáil a aithint agus a dhíriú ar bhealach níos fearr. Cuireann an cur chuige seo ar ár gcumas minicíocht, scála agus suntas an riosca a aithint agus ár n-acmhainní a dhíriú chun neamhchomhlíonadh a chosc nó aghaidh a thabhairt air.

Ceanglaíonn an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997, raon leathan tríú páirtithe, mar shampla, ceannaitheoirí, comhlachtaí Rialtais, institiúidí airgeadais, agus cineálacha áirithe idirghabhálaithe, tuairisceáin faisnéise a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim. Go hiondúil, is éard a thugtar sna tuairisceáin a fhaightear ná sonraí faoi íocaíochtaí a dhéantar nó sócmhainní a choinnítear thar ceann cáiníocóirí Éireannacha. Déanaimid bainistiú gníomhach ar an gcomhlíontacht leis na riachtanais seo le cinntiú go bhfaighimid eolas cuimsitheach ardchaighdeáin. Déantar na sonraí a bhailítear sna **tuairisceáin tríú páirtí** a mheaitseáil lenár dtaifid agus úsáidtear iad chun dearbhuithe cáiníocóra a chros-seiceáil agus chun aird a tharraingt ar neamhréireachtaí chomh maith le neamhchomhdaitheoirí a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith i mbun gníomhaíochta trádála agus/nó tionscadail chomhlíonta ar leith a chinneadh.

Tá muid ag baint úsáid as eolas tríú páirtí níos minice chun **tuairisceáin cánach ioncaim a réamhlíonadh**. In 2021 rinne muid réamhlíonadh ar bhreis agus 135,000 tuairisceán Cánach Ioncaim le faisnéis ar íocaíochtaí déanta ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, réamhlíonadh ar bhreis agus 93,572 le faisnéis ar thionóntachtaí cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe, agus réamhlíonadh ar bhreis agus 20,874 le faisnéis ar Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta déanta ag údaráis áitiúla.

Baineann muid úsáid fhorleathan as faisnéis tríú páirtí, sonraí iXBRL agus foinsí eile, inár **dtionscadail anailísíochta sonraí**. In 2021, d'úsáideamar anailís sonraí chun rioscaí na Scéime Fóirdheontais Pá Fostaíochta a shainaithint agus chun dul i ngleic leo, chun feidhmíocht ár Próifiliú Measúnaithe Riosca (REAP) agus córais riosca eile a mheas agus a fheabhsú, chun ár dtuiscint ar rioscaí earnála a fheabhsú, agus chun foghlaim ó thorthaí tionscadail comhlíontachta roimhe seo. Bhain muid úsáid as anailísíocht chomh maith chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar ár ngníomhartha ar iompar cáiníocóirí.

Le hionstraimí éagsúla dlí, foráiltear do **Mhalartú Uathoibríoch Faisnéise (AEOI)** idir córais riartha cánach. Úsáideann muid an fhaisnéis seo chun imghabháil cánach agus seachaint cánach a bhrath agus a chosc agus chun feidhmiú ceart na reachtaíochta cánach náisiúnta in Éirinn a chinntiú.

Tá socruithe reachtúla agus comhaontuithe idirnáisiúnta i bhfeidhm againn chun faisnéis cuntais airgeadais a mhalartú go huathoibríoch, lena n-áirítear sonraí cuntas bainc agus sonraí

infheistíochtaí. In 2021, ghlac 99 dlínse san iomlán páirt sa mhalartú sonraí seo. Tugann sé seo faisnéis dúinn maidir le cuntais arna gcoinneáil thar lear ag custaiméirí Éireannacha, agus déantar an fhaisnéis sin a chrostagairt le tuairisceáin chánach chun a chinntiú go bhfuiltear tar éis sócmhainní agus ioncaim uile thar lear a dhearbhu, de réir mar is cuí.

Faoi tionscnamh AEOI nua a cuireadh i bhfeidhm in Éirinn, an Treoir um Chomhar Riaracháin 6 (DAC6), ceanglaítear ar idirghabhálaithe socrúithe áirithe a nochtadh do na Coimisinéirí Ioncaim a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh planáil ionsaitheach cánach trasteorann. Déantar na nochtaithe sin a mhalartú go huathoibríoch leis na Ballstáit ábhartha. Cuireadh tús le tuairisciú DAC6 in 2021 agus rinne Éire malartuithe ráithiúla i rith na bliana. Rinne Éire 1,735 tuairisceán a mhalartú don bhliain, agus malartaíodh 1,605 díobh sin i ráithe a haon. Bhain an chuid is mó de na tuairisceáin a malartaíodh sa ráithe a haon le tréimhse súil siar trína gceanglaíodh ar idirghabhálaithe gach socrú trasteorann a cuireadh i bhfeidhm idir 25 Meitheamh 2018 agus 30 Meitheamh 2020 a thuairisciú faoi Mhárta 2021.

Tá sé de cheangal ar fhiontair mhóra ilnáisiúnta (fiontair FMI) Tuarascáil de réir Tíre (TdT) a thíolacadh ina dtugtar miondealú ar ioncam, brabúis, cánacha agus táscairí eile ar ghníomhaíochtaí eacnamaíochta, i gcás gach dlínse cánach ina ndéanann an grúpa FMI gnó. Bainimid úsáid as an bhfaisnéis seo chun bonn eolais a chur faoi mheasúnuithe riosca i leith praghsála aistrithe ardleibhéil agus chun rioscaí eile a bhaineann le BEPS a mheas. In 2021, mhalartaigh Éire sonraí TdT le 64 dlínse.

I gcomhréir lenár dtiomantas do thrédhearcacht cánach idirnáisiúnta, agus i gcomhréir le tionscnaimh AE agus OECD chun malartú faisnéise idir údaráis chánach a neartú i réimse na rialuithe cánach, chuir muid sonraí 59 tuairim ar fáil in 2021.

Áirítear le **Cúnamh Frithpháirteach** malartú faisnéise a iarradh go sonrach idir Ballstáit an AE agus tíortha eile. Soláthraíonn agus baineann muid leas as cúnamh frithpháirteach trí fhaisnéis airgeadais agus eile a roinnt agus trí fhiosruithe comhoibríocha laistigh de chreat oibre reachtacha. In 2021, fuair muid 1,617 iarratas ar chúnamh frithpháirteach ó Bhallstáit an AE agus thíortha eile agus rinne muid 1,795 iarratas den chineál seo (féach Tábla 23).

Chomh maith leis sin, fuair muid 42 cumarsáid Assistance Mutuelle (AM) ó Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF). Baineann mórán de na hiarratais faighte le riosca sonrach Custam i ndáil le haicmiúchán, luacháil nó bunús.

I rith 2021, rinneamar próiseáil ar 38,300 **Tuarascáil ar Idirbhearta Amhrasach (TIA)** ó institiúidí airgeadais agus ó chomhlachtaí ainmnithe eile a gceanglaítear orthu, de réir an dlí, tuarascálacha den sórt sin a dhéanamh. Is ionann é sin agus méadú 32% i gcomparáid le 2020. Tá TIA mar chuid lárnach den phróifíl riosca iomlán do cháiníocóirí aonair. Nuair a fhaightear TIA scrúdaítear iad agus úsáidtear iad chun neamhchomhlíonadh a aithint agus ina dhiaidh sin aghaidh a thabhairt air.

Díriú agus Cur Isteach ar Ghníomhaíochtaí sa Scáthgheilleagar

Tugaimid dúshlán gníomhach do gach cineál **gníomhaíochta scáthgheilleagair** agus cuireann muid srian ar dheiseanna chun imghabháil cánach agus dleachta d'aon ghnó. Is léir é seo sa raon leathan idirghabhálacha a dhéanaimid a dhíríonn ar chalaois, ar thrádáil aindleathach, ar smuigleáil agus ar choireacht eagraithe.

Tá ionchur suntasach á thabhairt ag ár **nAonad Comh-Imscrúduithe (ACI)** dár stráitéis fhoriomlán idirghabhálacha a dhíríonn ar ghníomhaíochtaí scáthgheilleagair. Reáchtáil oifigigh an ACI oibríochtaí aonair ar son na gCoimisinéirí Ioncaim agus oibríonn go han-éifeachtach le hoifigigh de chuid an Aonaid Imscrúduithe Speisialta (AIS) sa Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS), agus nuair a teastaíodh sna cúinsí, leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO) chun aghaidh a thabhairt ar réimsí inní coiteanna, thar réimse earnálacha sa gheilleagar.

Earnáil amháin is ea an earnáil tógála.

In ainneoin na srianta ar ár socruithe oibre ar feadh tréimhsí fada i rith na bliana, mar thoradh ar shrianta sláinte poiblí Covid-19, in 2021, rinne ár n-oifigigh ACI mar aon le baill foirne eile de chuid na gCoimisinéirí loncaim 32 cuairt ar shuíomh tógála ‘neamhspleách’ de chuid na gCoimisinéirí loncaim. Le linn na gcuartheanna seo chuir oifigigh agallamh ar 38 conraitheoir, fochonraitheoir, agus fostaithe chun iad a chur ar an eolas faoina gcomhlíontacht agus a ndualgais reachtúla eile. Chomh maith leis sin thug ár n-oifigigh ACI 250 cuairt eile ar láithreáin tógála i gcomhar leis an RCS agus chuir muid 141 duine eile faoi agallamh. Mar thoradh ar na gníomhaíochtaí seo, cláraíodh 10 duine mar fhostaithe nua faoin gcóras ÍMAT agus athrangaíodh 2 fo-chonraitheoirí eile mar fhostaithe.

Chomh maith le cuairteanna ar láithreáin tógála, thug ár n-oifigigh ACI mar aon le baill foirne eile de chuid na gCoimisinéirí loncaim 307 cuairt bhreise ar raon gnólachtaí maidir le cineálacha éagsúla gníomhaíochta scáthgheilleagair chomh maith le gníomhaíocht chomhlíontachta a bhaineann le scéimeanna tacaíochta Covid-19.

I rith na bliana, lean ár n-oifigigh JIU ar aghaidh ag déanamh cumarsáide lena gcomhghleacaithe san RCS chun faisnéis a mhalartú maidir le hÍocaíochtaí Dífhostaíochta Paidéime (IDP) agus scéimeanna fóirdheontais pá chun íocaíochtaí i ndúblach a chosc. Rinneadh na iarratais agus malartuithe faisnéise seo faoin gcreat oibre fadbhunaithe Meamram Tuisceana agus Comhaontú Roinnte Sonraí atá ann idir an dá ghníomhaireacht.

Gné thábhachtach i mbainistiú riosca ná an comhoibriú déthaobhach le Ballstáit ar ghníomhaíochtaí calaoiseacha trasteorann CBL. Tá muid ag leanúint de bhearta a fhorbairt chun an riosca **calaoise CBL** a chomhrac agus de dhul i mbun caidrimh le gníomhaireachtaí agus fóraim idirnáisiúnta, lena n-áirítear EUROFISC agus Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCóras Riartha Cánach (IOTA) chun eolas a roinnt i ndáil le treochtaí ag teacht chun cinn agus an deachleachtas.

In 2021, mar chuid dár n-obair chun cur isteach ar ghníomhaíocht chalaoiseach CBL, d'ardaíomar measúnuithe cánach as a d'eascair dliteanais bhreise de €7.4 milliún agus cuireadh 9 gclárúchán CBL ar ceal go héigeantach i gcás inar léiríodh go raibh gníomhaíocht chalaoiseach ann. Scríobh muid chuig 96 soláthraithe eachtracha chun iad a chur ar an eolas faoi na cealúcháin.

Tá príomhfhreagracht orainn **na drugaí rialaithe a chosc, a bhrath, a idircheapadh agus a urghabháil** a bheartaítear iad a smuigleáil, nó a iompórtáil isteach sa Stát nó a easpórtáil amach as an Stát go neamhdhleathach. Tacaíonn ár straitéis drugaí le straitéis náisiúnta drugaí na hÉireann, is é sin *Díobháil a Laghdú, ag Tacú leis an Athshlánú: Freagra sláinte-bunaithe ar úsáid drugaí agus alcóil in Éirinn 2017–2025*²⁴.

Baineann muid úsáid as cur chuige rioscabhunaithe chun príomh-gheallsealbhóirí a shainaithint taobh istigh de na snáitheanna éagsúla den slabhra soláthair do dhruaí neamhdhleathacha. Oibrímid i gcomhar lenár gcomhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta um fhorghníomhú an dlí chun cur isteach ar chroíshlabhraí soláthair agus iad a dhíchóimeáil, lena n-áirítear táirge a urghabháil, agus chun faisnéis a fhorbairt agus a roinnt.

Baineann na daoine sin a bhfuil baint acu le trádáil drugaí mídhleathacha úsáid as modhanna smuigleála agus teicnící folaithe atá ag éirí níos casta agus níos airgile agus tá an cumas agus na hacmhainní acu a modheolaíochtaí a oiriúnú go tapa. Déanaimid monatóireacht leanúnach ar threochtaí agus forbairtí ina leith seo agus glacaimid le freagairt an-solúbtha agus lúfar maidir le húsáid acmhainní agus tosaíochtaí riosca.

Oibríonn muid go dlúth leis an nGarda Síochána, go háirithe le Biúró an Gharda Síochána

²⁴ http://www.drugs.ie/downloadDocs/2017/ReducingHarmSupportingRecovery2017_2025.pdf

um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe, i gcomhfhiosruithe agus comhoibríochtaí. I rith 2021, bhíomar rannpháirteach i 45 seachadadh rialaithe drugaí as a dtáinig 30 gabháil, chomh maith le 11 chomhoibríocht idirnáisiúnta le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Dhrugaí agus Choireacht Eagraithe. Oibríonn muid go dlúth chomh maith leis an Údarás Rialála Táirgí Sláinte, leis an tSeirbhís Chabhlaigh, agus le comhlachtaí idirnáisiúnta amhail an tIonad um Oibríochtaí agus Anailís Mhuirí-Támhsuanaigh (MAOC-N) i Liospóin, Europol, Interpol, an Eagraíocht Dhomhanda Custam (EDC) agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí i dtíortha eile.

I rith 2021, rinneamar níos mó ná 21,000 urghabháil drugaí, arbh fhiú 5,741kg san iomlán iad ar luach measta beagnach €115 milliún (Tábla 18).

Urghabháil 170kg de chócaon dar luach €12 milliún

I mí Feabhra 2021, urghabhadh 170kg de chócaon ar luach measta €12 milliún tar éis oibríocht chomhpháirteach bunaithe ar fhaisnéis a rinne ár Seirbhís Custaim agus Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe (GNDOCB).

Thángthas ar na drugaí laistigh de choinsíneacht anainn tar éis cuardach a dhéanamh ar shoithí loingseoireachta a tháinig go Rinn an Scidigh, Calafort Chorcaí, ó Mheiriceá Láir

Chuireamar acmhainní cuardaigh speisialaithe i bhfeidhm le linn na hoibríochta, lena n-áirítear foirne iniúchta coimeádán agus oifigigh cuardaigh dhomhain ón tSeirbhís Mhuirí Náisiúnta Chustaim a d'úsáid áiseanna cuardaigh mar thórascóip, taiscéalaithe coimeádán agus gardaí gáis. Chabhraigh ár scanóir soghluaiste x-ghathach agus madraí brathadóir leis an gcuardach a d'aimsigh na drugaí.

Sracfhéachaint ar roinnt urghabhálacha suntasacha drugaí eile:

- **Cócaon ar fiú €35 milliún é ag Calafort Bhaile Átha Cliath:** i mí Iúil agus Lúnasa 2021, rinneamar comhoibríochtaí bunaithe ar fhaisnéis le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Dhrugaí & Coireachta Eagraithe ag Calafort Bhaile Átha Cliath. Bhí gnéithe idirnáisiúnta suntasacha ag na hoibríochtaí seo maidir le hiompórtáil cócaon chuig an Eoraip agus go hÉirinn. Rinneadh na hoibríochtaí le cúnamh ónár scanóir soghluaiste x-ghathach agus mar thoradh ar urghabháil measta 500kg cócaon insileadh i gualaigh ar luach measta €35 milliún.
- **Luach €12.3 milliún de hearóin ag Europort Ros Láir:** I mí Lúnasa 2021, d'aimsigh ár n-oifigigh tuairim is 88kg hearóine arbh fhiú luach sráide measta €12.3 milliún é nuair a stopadh agus a chuardaíodh truicail agus leantóir lódóra íseal a tháinig go hÉirinn ó mhórthír na hEorpa. Rinneadh an cuardach le cúnamh ó cheann dár scanóirí soghluaiste x-ghathach agus madraí brathadóra Sam agus Flynn. Thángthas ar na drugaí mídhleathacha a bhí faoi cheilt in innealra a bhí á iompar ar an lódóir íseal.



Taispeánann grianghraf urghabhadh cócaon, le cúnamh ón madra braite Marley, i Rinn an Scidigh, mar thoradh ar oibríocht faisnéis-threoraithe idir Seirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim agus Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe.

Agus muid ag dul i ngleic leis an **trádáil aindleathach tobac**, dírimid ar gach céim den slabhra soláthair, ag aithint agus ag díriú ar smuigleáil, dáileadh agus díol táirgí tobac aindleathacha. Is é ár gcuspóir na táirgí aindleathacha a urghabháil agus, nuair is féidir, iad siúd atá freagrach a ionchúiseamh. Áirítear inár straitéis ilghnéitheach:

- anailís a dhéanamh ar nádúr agus ar mhéid na faidhbe
- faisnéis a fhorbairt agus a roinnt ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Ag úsáid teicneolaíochtaí anailíse, próifílithe agus braite chun lasta, feithiclí, bagáiste agus pacáistí poist a aithint agus a scagadh chun soláthar táirgí tobac aindleathacha a thascradh
- ag cinntiú an barr is fearr acmhainní a imlonnú ag féachaint don riosca ag pointí allmhairithe agus laistigh den tír.

Tá gné trasnáisiúnta agus trasteorann ag baint le mórán de na gníomhaíochtaí coiriúla seo agus, in éineacht le comhoibriú leanúnach leis an nGarda Síochána sa réimse seo, oibríonn muid go dlúth lenár gcomhghleacaithe i ndlínsí agus comhlachtaí eile, lena n-áirítear an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), Europol agus an Eagraíocht Dhomhanda Custam (WCO).

In 2021, ba é an toradh a bhí ar ár ngníomhaíochtaí spriocdhírithe ná urghabháil os cionn 60 milliún toitín aindleathacha ar luach €43.5 milliún (Tábla 19). Is ionann é sin agus méadú 26% ar líon na dtoitíní aindleathacha a urghabhadh in 2020. D'urghabhamar freisin breis agus 38,000 kg de thobac ar luach €24.1 milliún, arb ionann é sin agus méadú 431% ar an méid tobac aindleathaigh a urghabhadh in 2020. Is toradh iad na hurghabhálacha seo ar chomhoibriú leanúnach agus ar chomhroinnt faisnéise le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile agus ar ár n-ardmhodhanna próifílithe agus braite.

Léirítear sa Suirbhé Taighde ar Tháirgí Tobac Neamhdhleathacha, 2021, arna reáchtáil ag Ipsos MRBI thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim agus Oifig Náisiúnta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte um Rialú Tobac, go rangáitear mar neamhdhleathach 13% de phacaí toitíní i seilbh caiteoirí tobac agus go raibh 8% eile de na pacáí dleathacha le dleacht neamh-Éireannach íoctha (a cheannaítear go dleathach thar lear de ghnáth). Fuarthas amach freisin sa suirbhé go bhfuil 13% de na pacáí 'rolladh do chuid féin' i seilbh lucht caite tobac ina bpacaí neamhdhleathacha, agus tá 5% eile díobh ina bpacaí dleathacha dleacht-íoctha neamh-Éireannacha. I gcomparáid le 2019 (an bhliain deiridh a rinneadh an suirbhé), tá an sciar den mhargadh mídhleathach do thoitíní síos 2 phointe céatadáin (ó 15%). Chun do chuid féin a rolladh, tá an sciar mídhleathach den mhargadh mídhleathach cobhsaí den chuid is mó ó 12% in 2019. Tá torthaí an tsuirbhé foilsithe ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ar:

<https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/research/surveys/tobacco-consumption-survey/index.aspx>


Comh-imscrúdú ag díriú ar an smuigleáil táirgí tobac

I rith 2021, ghlacamar páirt i gcomh-imscrúdú le Seirbhísí Ioncaim agus Custaim na Banríona (HMRC) faoi choimirce an Tascfhórsa nGníomhaireachtaí Comhpháirteacha Trasteorann (JATF). Mar thoradh ar an imscrúdú seo, aithníodh bealach smuigleála ón nGearmáin go hÉirinn a bhí á úsáid chun táirgí tobac aindleathacha a iompar isteach sa Stát. Mar chuid den imscrúdú d'urghabh ár n-oifigigh 1.5 milliún toitín aindleathacha tar éis cuardaigh, faoi bharántas, ag áitreabh gnó sa Chaisleán Nua, Co Bhaile Átha Cliath.

Tugadh 'L&M' ar na toitíní urghabhála, a bhí iompórtáilte go hÉirinn ón nGearmáin, agus tá luach miondíola beagnach €900,000 orthu, rud a léiríonn caillteanas féideartha don Státchiste de thart ar €720,000.

Sracfhéachaint ar roinnt urghabhálacha suntasacha eile maidir le táirgí tobac aindleathach:

- **Urghabhadh 1.65 milliún toitín tar éis braite ag Aerfort Bhaile Átha Cliath:** i mí Iúil 2021, bhraith ár n-oifigigh, le cúnamh ón madra brathadóir Maggie, níos mó ná 900,000 toitín ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Mar thoradh ar fhaisnéis a bailíodh ón mbrath seo, urghabhadh 750,000 toitín breise cúpla lá ina dhiaidh sin, arís in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tháinig na toitíní smuigleáilte ar a dtugtar 'Benson and Hedges' isteach sa Stát ón tSín tríd an bPolainn. Bhí an dá choinsíneacht seolta chuig an duine céanna. Bhí comhluach miondíola de níos mó ná €1.1 milliúin ar na toitíní, agus is ionann é agus caillteanas de os cionn €910,000 don Státchiste.
- **Urghabhadh breis agus 8kg tobac tar éis braite i Mol Beartán Bhaile Átha Cliath:** I mí Iúil 2021, bhraith ár n-oifigigh 5.5kg tobac i mbeartán a tháinig ón Spáinn agus a bhí i ndán do sheoladh i Lár na Tíre. Fuarthas 2.55kg breise de thobac agus 580 toitín gan stampáil mar thoradh ar chuardaigh leantacha ag an seoladh agus ag aonad ceangailte. Bhí comhluach miondíola de €5,351 ag an tobac iomlán (8.05kg) agus toitíní a urghabhadh mar chuid den oibríocht seo, agus is ionann é agus caillteanas de os cionn €4,461 don Státchiste. Fuarthas amach sna cuardaigh leantacha freisin 'teach fáis' cannabais, ina raibh 9 ngléasra cannabais (luach measta €7,200), 225g de channabas (luach measta €5,100), giuirléidí saothraithe, seomra dorcha triomúcháin, bagaí, scálaí meáchain, meilteoir agus méid beag airgid.



Taispeánann grianghraif na toitíní a urghabhadh sa Chaisleán Nua, Co. Bhaile Átha Cliath. Gabhadh an madra braite Maggie a chabhraigh leis an oibríocht sa Chaisleán Nua agus tobac i Mol Beartán Bhaile Átha Cliath

In 2021, bhí méadú i líon na n-urghabhálacha ar **alcól aindleathach** ag ár bpríomhchalafoirt agus aerfoirt. Tá sé seo mar thoradh ar chomhoibriú agus ar chomhroinnt faisnéise idir Éire agus Ballstáit eile an AE, i ndáil le gluaiseacht táirgí idir bannathrádstórais san AE. Urghabhadh iomlán os cionn de 429,000 lítear alcóil ar luach measta €2.7 milliún le linn na bliana. Chomh maith, ghlac Éire páirt in oibríochtaí ilnáisiúnta le Ballstáit eile, ag díriú isteach ar ghluaiseachtaí calaoiseacha táirgí alcóil.

Príomhthosaíocht chorparáideach dúinn is ea an **chalaiois bhreosla** agus, bunaithe ar an bhfianaise go dtí seo, táimid sásta go bhfuil ár straitéis fhoriomlán éifeachtach chun dul i ngleic leis an trádáil aindleathach i dtáirgí breosla. In 2021, bhrath muid 3 sciúrlann bhreosla agus tá muid ag leanúint de bheith ar an airdeall i ndáil le treochtaí ag teacht chun cinn agus bagairtí sa réimse seo.

In 2021, thosaigh muid arís ar ár gclár Náisiúnta Ola Samplála Randamaí tar éis do shrianta sláinte poiblí Covid-19 dul i bhfeidhm ar chlár 2020. Rinneadh sampláil i gclár náisiúnta comhordaithe thar an gcéad dá mhí de 2020 agus samhradh 2021 nuair a rinneadh sampláil ar 136 trádálaí breosla ceadúnaithe agus 112 trádálaí san earnáil iompair. Léirigh an clár fianaise gur díoladh breosla sciúrtha ag 4 cinn de na 136 asraon miondíola a tástáladh. Ní bhfuarthas fianaise ar mhí-úsáid breosla ar ráta laghdaithe in aon cheann den 112 trádálaí san earnáil iompair a tástáladh. Tugann torthaí an chlár samplála le fios, cé gur beag an díolachán córasach breosla aindleathach trí asraonta miondíola agus a úsáid san earnáil iompair, nach bhfuil deireadh iomlán curtha leis an trádáil aindleathach breosla. Tá torthaí an chlár samplála foilsithe sa rannán Taighde de shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ag:

<https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/research/research-reports/excise-and-vat.aspx>.

Faoi **fhórála urghabhála airgid thirim** san Acht um Fáltais ó Choireacht (arna leasú), 2005, coinníonn muid suimeanna airgid de €10,000 nó níos mór a bhfuiltear ina amhras gur fáltais ó ghníomhaíochtaí coiriúla iad, nó atá beartaithe lena n-aghaidh. Nuair a choinnítear airgead tirim, déanann muid iarratas chuig na Cúirteanna ag iarraidh tuilleadh ama chun foinse an airgid a fhiosrú. Féadfaidh na Cúirteanna, nuair a bheidh siad sásta leis an iarratas, ordú coinneála a dheonú ar feadh aon tréimhse suas le trí mhí agus ar feadh ré iomlán nach faide ná 24 mhí chun ligean dúinn imscrúdú cuimsitheach a dhéanamh d'fhonn an t-airgead a fhorghéilleadh don Stáit, nuair is cuí. In 2021 deonaíodh orduithe coinneála dúinn maidir le 51 cás le himscrúdú ar mhéideanna airgid thirim arbh fhiú €805,948 san iomlán iad (Tábla 20).

I gcásanna inar bunaíodh naisc leis an gcoiriúlacht, rinne muid iarratas chun na Cúirte chun ordú forghéillte a fháil. Le linn 2021, cheadaigh na Cúirteanna orduithe forghéillte maidir le 30 cás urghabhála coiriúla airgid thirim, ar luach €250,620 milliún iad (Tábla 21).

Foráiltear i Rialacháin an AE dár gcaingean in aghaidh **earraí góchumtha, falsa nó bradacha**. Déanaimid braith rialta ar earraí góchumtha ag calafoirt, aerfoirt agus moil phoist na tíre mar thoradh ar phróifiliú riosca. Déantar mórán de na hearraí góchumtha a bhraitear agus a choinnítear a idircheapadh i moil phoist nó cúiréara, agus go seoltar siad chuig daoine a cheannaigh iad ar an idirlín. Ó am go ham, braitear coinsíneachtaí níos mó i dtaisceadáin loingseoireachta mar thoradh ar fhaisnéis agus próifiliú riosca.

Le linn 2021, bhraith muid beagnach 33,957 earra góchumtha amhrasta ar luach nach mór €8.6 milliún. I measc raon na n-earraí góchumtha a urghabhadh, tá earraí leictreonacha, cosmaidí, fóin phóca/oiriúintí, éadaí agus seodra, ar coinsíníodh a bhformhór ón tSín, ó Hong Cong agus ón Tuirc. Chomh maith leis sin, d'urghabhamar 3 mhéid airgid góchumtha as a dtáinig dhá ghabháil.

Cothromaíocht, Trédhearcacht agus Éifeachtacht a Chinntiú

Is é ár misean ná freastal ar an bpobal trí cháin agus dleachtanna a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach. Dá bhrí sin, tá sé thar a bheith tábhachtach dúinn córas cánach agus custaim atá cothrom, trédhearcach, éifeachtach a chinntiú. Chun torthaí cánach a chosaint agus cothroime an chórais chánach a chaomhnú, Aithnímid go réamhghníomhach **scéimeanna seachanta cánach** agus úsáid na reachtaíochta cánach, faoisimh agus liúntais ar bhealach nach raibh beartaithe, agus déanaimid dúshlán fúthu. In 2021, thugamar 131 cás seachanta cánach chun críche le toradh os cionn €13.6 milliún i gcáin, ús agus pionóis. Ina theannta sin, ag deireadh 2021, bhíomar gníomhach ag tabhairt aghaidh ar 405 cás a bhain le seachaint cánach féideartha, a bhain le 23 idirbheart.

Aghaidh a thabhairt ar Seachaint Cánach

Iontaobhais Sochar Fostaithe

Rinne roinnt fostóirí idirbhearta comhchosúla chun méideanna a íoc, tréithrithe mar iasachtaí, le fostaithe trí iontaobhas sochair fostaithe amach ón gcósta. Tar éis sraith céimeanna, aisíocadh na hiasachtaí faoi dheireadh ar chostas an fhostóra agus fuair an fostaí na méideanna sin gan cáin ioncaim a asbhaint. Thugamar dúshlán na n-idirbheart ar an mbonn gur luach saothair a bhí sna méideanna a íocadh agus faoi réir ÍMAT. Go dtí seo, tá socrú déanta ag roinnt fostóirí linn ar an mbonn seo.

Dáileadh Inchánach

Baineadh úsáid as Scéim Bheag Phinsin Féinriartha (SSAPs) de bheirt stiúrthóirí cuideachta chun leas a fháil i maoin tráchtála. D'úsáid gnó na stiúrthóirí an maoin. Chomh maith leis sin, d'eisigh an SSAP iasacht do chuideachta ar leith, a úsáideadh go hindíreach do chuideachta na stiúrthóirí. Chuireamar in aghaidh éadail na maoine agus sholáthar na hiasachta ar an mbonn gur dáileacháin inchánach iad ón scéim pinsin chuig na stiúrthóirí. Socraíodh an t-ábhar linn ar an mbonn sin.

Mar thoradh ar aistriú **Treoir DAC 6**, ar an 1 Iúil 2020, tháinig córas nochta éigeantaigh i bhfeidhm i leith socruithe trasteorann a d'fhéadfaí a úsáid go féideartha le haghaidh dianphleanáil cánach. D'fheidhmigh Éire rogha a tugadh do Bhallstáit i dTreoir 2020/876 ón gComhairle (AE)²⁵, chun go gcuirfí san áireamh deacrachtaí agus moilleanna a bhain le Covid-19. Cheadaigh an rogha seo na dátaí tíolactha agus malartaithe do na chéad tuairisceáin faisnéise i ndáil le socruithe trasteorann intuairiscithe a chur siar sé mhí. Cuireadh tús mar sin le tuairisciú DAC 6 an 1 Eanáir 2021, agus tharla an chéad mhalartú faisnéise ag Éirinn faoin 30 Aibreán 2021, rinne Éire ceithre mhalartú ar shocruithe intuairiscithe in 2021. Rinneadh 1,735 tuairisceán san iomlán, agus malartaíodh 1,605 díobh i ráithe a haon. Bhain an chuid is mó de na tuairisceáin a malartaíodh sa ráithe a haon le tréimhse faire siar a bhain le socruithe trasteorann a cuireadh i bhfeidhm idir 25 Meitheamh 2018 agus 30 Meitheamh 2020.

Cuid lárnach dár gcreat oibre foriomlán comhlíontachta ná an **imghabháil eischósta** a shainaithint, díriú uirthi agus aghaidh a thabhairt uirthi. Gné bhunúsach dár gcuid oibre maidir le sócmhainní eischósta is ea an úsáid is fearr a bhaint as na sonraí go léir atá ar fáil dúinn chun neamhchomhlíonadh a aithint agus díriú air. Folaíonn sé seo sonraí a fhaightear faoi shocruithe idirnáisiúnta chun faisnéis a roinnt go huathoibríoch a úsáidtear chun daoine a shainaithint agus dul sa tóir orthu, ar daoine iad a rinne iarracht cuntais, struchtúir nó sócmhainní eischósta a úsáid chun a gcuid dualgas cánach a imghabháil nó a sheachaint.

In 2021, thugamar chun críche 17 idirghabháil ar chásanna a roghnaíodh trí úsáid a bhaint as faisnéis a fuarthas faoin *Acht um Chomhlíontacht Cánach Cuntas Eachtrach (FATCA)*. Is comhaontú roinnte faisnéise é FATCA idir Éire agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Fuarthas thart

²⁵ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32020L0876&from=EN>

ar €860,000 i gcáin, ús agus pionóis as na cásanna seo, agus chomhlíon 3 chás as na 17 cás na critéir le haghaidh foilsithe ar an Liosta Mainnitheoirí Cánach. Chuir muid i gcrích 22 idirghabháil chomh maith mar chuid dár n-athbhreithniú ar fhaisnéis a fhaightear faoin gclár idirnáisiúnta malartaithe faisnéise faoin *Treoir maidir le Comhoibriú Riaracháin 2 (DAC 2)*. Bhí toradh de thuairim is €186,000 i gcáin, ús agus pionóis i gceist leis na cásanna seo.

Déanaimid **imscrúduithe** nuair a aimsímid cásanna d'imghabháil thromchúiseach cánach agus dleachta agus calaoise, ag iarraidh na smachtbhannaí dlíthiúla iomlána atá ar fáil a chur i bhfeidhm a léiríonn tromchúis na himghabhála atá i gceist.

In 2021, d'atreoraigh muid 6 gcás d'imghabháil thromchúiseach amhrasta do Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí chun féachaint le **himeachtaí coiriúla**. Sa tréimhse chéanna d'ordaigh an DPP imeachtaí coiriúla a thionscnamh i 6 chás.

Ina theannta sin, daingníodh 9 gciontú as **imghabháil thromchúiseach cánach agus dleachta** os comhair na gCúirteanna:

- Gearradh 5 chiontú i leith cionta tromchúiseacha dleachta. Gearradh pianbhreitheanna coimeádta ó 18 mí go 3 bliana i 4 chás, cuireadh 3 cinn díobh seo ar fionraí go hiomlán agus gearradh pianbhreith iomlán coimeádta 2 bhliain ar chás amháin. Gearradh iomlán de €5,000 mar fhíneáil in 1 chás amháin.
- Gearradh 4 chiontú i leith cionta tromchúiseacha dleachta. Gearradh pianbhreitheanna coimeádta ó 12 mhí go 18 mí i 3 chás, agus cuireadh gach ceann díobh ar fionraí go hiomlán. Gearradh 240 uair an chloig de sheirbhís pobail i gcás amháin.

Ag deireadh 2021, bhí 57 cás d'imghabháil thromchúiseach nó de chalaois á n-imscrúdú agus tá 49 cás eile os comhair na gcúirteanna faoi láthair (Tábla 22).

Fiachais a Bhailiú

Tá ár gcur chuige i leith bailiú éifeachtach fiachais bunaithe ar struchtúr deighilte cásbhainistíochta. Cuireann sé seo ar ár gcumas ár bhfreagra a oiriúnú bunaithe ar iompar cáiníocóirí agus cuireann sé solúbthacht níos fearr ar fáil ó thaobh ár n-acmhainní bainistíochta fiachais a mheaitseáil riosca bailithe cánach a fhritháireamh. Leanadh leis an tsolúbthacht seo in 2021 laistigh de thimpeallacht dhúshlánach Covid-19.

Le linn 2021, choinníomar ár bhfócas ar thacú le gnólachtaí a bhfuil sreafaí airgid agus deacrachtaí trádála acu ag éirí as tionchair na paindéime Covid-19 trínár riarachán leanúnach ar an *Scéim Stórasaithe Fiachais*. Ag deireadh 2021, bhí tuairim is €2.9bn i bhfiachas cánach stórasaithe do bhreis agus 98,000 custaiméir. Le linn na bliana rinneamar cumarsáid le gach cáiníocóir a bhain leas as an scéim ar roinnt ócáidí, ag dearbhú méid na bhfiach a bhí stórasaithe acu agus, i gcásanna áirithe, chun aird a tharraingt ar an ngá a dtuairisceáin chánach a choinneáil cothrom le dáta, rud is príomhchoinníoll é seo chun fanacht ar an scéim.

Leanadh le cur i bhfeidhm úis ar íocaíochtaí déanacha agus ar ghníomhaíocht forghníomhaithe fiachais a chur ar fionraí don chuid is mó de na cáiníocóirí le linn 2021. Mar sin féin, d'athchromamar ar ár ngníomhaíochtaí bailithe fiachais do chohórt sonrach gnólachtaí, go príomha iad siúd nach raibh tionchar ag Covid-19 orthu agus nach raibh a n-oibleagáidí maidir le tuairisceáin chánach a thíolacadh agus íocaíochta tráthúla á gcomhlíonadh acu. D'athchromamar ar ghníomhaíochtaí bailithe fiachais freisin i gcásanna ní ba shuntasá chomh maith le cásanna áirithe le fiachas réamh-Covid.

De réir mar a thagann an geilleagar ar ais ó thionchair na paindéime, leanfar ag leathnú ár gcur chuige riosca-bhunaithe go hincriminteach chun díriú ar na gnólachtaí sin nach gcomhlíonann a n-oibleagáidí i leith tuairisceáin chánach a thíolacadh agus íocaíochta agus a oibríonn sna hearnálacha is lú tionchar ag an bpaindéim.

Comhoibriú

Comhoibrímid go héifeachtach le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, chun imghabháil cánach de gach cineál a chomhrac, lena n-áirítear calaois, smuigleáil agus cineálacha eile coiriúlachta agus chun tacú le cuspóirí trádála agus rialála dlísteanacha agus iad a éascú. Tá samplaí, seachas liosta uileghabhálach, dár gcomhoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta leagtha amach thíos.

Samplaí dár gComhoibrithe Náisiúnta

- ✓ Oibrímid go han-dlúth leis an nGarda Síochána, leis an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, leis an tSeirbhís Chabhlaigh agus leis na Fórsaí Cosanta, agus cuirimid tacaíocht fhrithpháirteach oibríochtúil, faisnéise agus ábhair ar fáil.
- ✓ Tá ionchur gníomhach againn don fhreagra náisiúnta chun coiriúlacht eagraithe a chomhrac, lena n-áirítear 17 ball foirne a bheith tugtha ar iasacht don Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.
- ✓ Glacann muid páirt san Fhóram Maoirseachta ar Dhrugaí, atá faoi threoir na Roinne Sláinte, agus a dhéanann maoirsiú ar fheidhmiú Straitéis Náisiúnta an Rialtais maidir le Drugaí 2017–2025.
- ✓ Oibrímid go dlúth le comhghleacaithe sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun riachtanais na timpeallachta trádála nua leis an mBreatain Mhór a bhainistiú, chun sreabhadh éifeachtúil earraí a éascú tríd ár gcalafoirt agus ár n-aerfoirt.
- ✓ Rinne muid comhordú ar fhorfheidhmiú agus idircheapadh táirgí toirmisce agus srianta thar ceann ár gcomhghleacaithe sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, in Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, san Údarás Rialála Táirgí Sláinte agus sa Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí.
- ✓ Comhoibrímid le Cumann Bhaile Átha Cliath um Fhóirithint ar Ainmhithe agus Gníomhaireachtaí eile maidir le trádáil mhídhleathach ainmhithe.
- ✓ Oibrímid le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le dul i ngleic le neamhchomhlíonadh maidir le dramhaíl comhshaoil.
- ✓ Oibrímid go dlúth le comhghleacaithe sa Roinn Dlí agus Cirt agus le raon Gníomhaireachtaí eile chun faisnéis riosca maidir le gluaiseachtaí paisinéirí a bhailiú agus a scaipeadh trí Aonad Faisnéise Paisinéirí na hÉireann.
- ✓ Oibrímid i gcomhpháirt leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, le Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar an Scéim Táscaire Gheografaigh don Fhuisse agus don Phoitín Éireannach.
- ✓ Déanann muid comhoibriú éifeachtach leis an Údarás Slándála Príobháidí (ÚSP) chun faisnéis a mhalartú, de réir an Achta um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004, arna leasú, agus an Achta Comhdhlúite Cánacha, 1997 chun tacú le rialú an tionscail slándála príobháidí.
- ✓ Oibríonn muid i ndlúthchomhar le hOifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar cheisteanna forfheidhmithe corparáideacha. Tá Oifigeach Idirchaidrimh na gCoimisinéirí loncaim atá bunaithe faoi Mheamram Gealltanais sínithe.
- ✓ Chuireamar cúnamh ar fáil i rith 2021 d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Thug 23 bhall foirne tacaíocht don fhoireann rianaithe teagmhála ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Márta 2021. Thacaigh 83 ball foirne le líne chabhrach clárúcháin vacsaínithe Covid-19 an HSE agus Líne Chabhrach Deimhniú Digiteach na Roinne Sláinte.

Samplaí dár gComhoibrithe Idirnáisiúnta

- ✓ Oibrímid go dlúth le go leor comhlachtaí agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta agus glacaimid páirt i Meitheal an AE um Fhorfheidhmiú an Dlí-Custam. Tá oifigigh tugtha ar iasacht againn do EUROPOL sa Háig, d'Ambasáid na hÉireann sa RA agus don Lárionad Anailíse Muirí agus Oibriúcháin-Támhshuanaigh (MAOC-N) atá lonnaithe i Liospóin agus Buanionadaíocht na hÉireann atá lonnaithe sa Bhruiséil.
- ✓ Bímid i ngleic go gníomhach le gníomhaíochtaí na hEagraíochta Domhanda Custaim (WCO) atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na bagairtí a bhaineann le calaois agus smuigleáil.
- ✓ Oibríonn muid go dlúth le Her Majesty's Revenue and Customs (HMRC) agus le gníomhaireachtaí eile um fhorfheidhmiú dlí i dTuaisceart Éireann. Is mó aird atá tugtha ar réimse na calaoise fiosaí ag an Tascfhórsa Idirghníomhaireachta trasdhlínse a bunaíodh faoin gComhaontú um Thús Nua. Faoin gcreat seo, oibrímid le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, an Garda Síochána, HMRC, an Biúró um Shócmhainní Coiriúla, agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Coiriúlachta.
- ✓ Táimid ar cheann de na príomhpháirtithe ag an gComhdháil Bhliantúil um Choiriúlacht Trasteorann, ar imeacht chomhoibríoch í idir ionadaithe na ngníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus eagraíochtaí gaolmhara i réimse an chomhraic in aghaidh na coiriúlachta eagraithe ar an dáta thaobh den teorainn.
- ✓ Tá muid ag leanúint orainn de bheith i mbun caidrimh le Coimisiún an AE agus le Ballstáit eile AE ar fheidhmiú leanúnach na gcóras Inrianaitheachta agus Gnéithe Slándála do tháirgí tobac, mar a iarrtar faoi dhlí an AE.
- ✓ Glacann muid páirt i sainghrúpa Choimisiúin an Aontais Eorpaigh maidir le haisghabháil a dhéanamh ar fhiachas cánach trí chúnamh frithpháirteach arna bhunú le Treoir 24/ 2010 ón gComhairle.
- ✓ Táimid ina gcomhaltaí gníomhacha de Chomhthascfhórsa Idirnáisiúnta an OECD ar Faisnéise agus Comhoibriú Comhroinnte (JITSIC) a thugann le chéile 42 de riaracháin náisiúnta cánach an domhain atá tiomanta do bhealaí níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla chun déileáil le seachaint cánach. Cuireann JITSIC ardán ar fáil chun cur ar chumas a chomhaltaí comhoibriú go gníomhach laistigh de chreat dlíthiúil coinbhinsiúin éifeachtacha déthaobhacha agus iltaobhacha agus comhaontuithe malartaithe faisnéise cánach chun a dtaithí, a n-acmhainní agus a saineolas a roinnt chun dul i ngleic leis na saincheisteanna coiteanna atá rompu.

Clár Lárnach um Úinéireacht Thairbhiúil Iontaobhas

Tá Éire tiomanta do thacaíocht a thabhairt do réimeas éifeachtach frith-sciúradh airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí. Faoin reachtaíocht um Fhrith-sciúradh Airgid, iarrtar ar gach Ballstát den AE Clár Lárnach um Úinéireacht Thairbhiúil Iontaobhas (CLÚTI) a bhunú. Is é cuspóir CLÚTI cúnamh a thabhairt le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc trí thrédhearcacht a fheabhsú maidir le cé leo iontaobhais Éireannacha agus cé a rialaíonn iad.

Tá an CLÚTI á bhainistiú ag na Coimisinéirí loncain i gcomhthéacs oibleagáidí na hÉireann mar Bhallstát den AE faoi reachtaíocht frith-sciúradh airgid. Tá ár ról i mbainistiú an CLÚTI go hiomlán ar leithligh ónár ról i riarachán cánach agus custaim. Tabharfar uimhir chlárúcháin do gach iontaobhas atá cláraithe chun críocha CLÚTI amháin. Tá sé seo sa bheis ar aon uimhir cláraithe cánach a d'fhéadfadh a bheith ag an iontaobhas cheana féin. Ní bhainfear úsáid as taifid na gCoimisinéirí loncain chun an clár a thabhairt cothrom le dáta.

Ón 26 Iúil 2021, féadtar le hlontaobhais ábhartha agus a n-úinéirí tairbhiúla clárú ar an CLÚTI atá ar fáil i ROS agus i moChúrsaí araon. Bhí go dtí an 23 Deireadh Fómhair 2021 ag gach iontaobhas sainráite a bunaíodh roimh an 24 Aibreán 2021 chun a sonraí faoi úinéireacht thairbhiúil a chlárú ar an CLÚTI. Tá 6 mhí le clárú ag iontaobhais arna mbunú tar éis an dáta sin.

Ag Dul i mBun na hOibre

Líon Foirne 2021



549

Foirne ceaptha

6,783

Buanfhoireann ag deireadh na bliana

Éagsúlacht, Uilechuimsitheacht agus Folláine



Revenue

Aithníonn muid agus tá meas againn ar an eagsúlacht agus tá muid tiomanta cuimsiú san ionad oibre a fheabhsú.

Revenue



Tacaíonn ár gclár folláine 'RevWell' lenár bhfoireann chun a meabhairshláinte a choimeád.

Oiliúint & Forbairt



26,178

Lá Oiliúna


175

Cáilíochtaí 3ú leibhéal OL bronnta

252

Cáilíochtaí gairmiúla cánach ITI bronnta

Cothromaíocht Inscne - Baineannaigh ag Leibhéil Bhainistíochta



56%

Rúnaí Cúnta

58%

Príomhoifigeach

55%

Príomhoifigeach Cúnta

55%

Oifigeach Riaracháin / Ardoifigeach Feidhmiúcháin

In iomlán **62%** is mná iad foireann na gCoimisinéirí Ioncaim

Deimhniúchán Inmheánach Theicneolaíocht Faisnéise



ISO 27001

Deimhniúchán Bhainistíocht na Slándála TF

ISO 22301

Deimhniúchán TF

ISO 20000

Bainistíocht Seirbhíse TF

Ag Dul i mBun na hOibre: Ár nDaoine agus ár Struchtúir

Leanaimid de bheith ag infheistiú inár ndaoine chun a scileanna agus ár gcumas iomlán mar eagraíocht a fhorbairt. Cuirimid sábháilteacht agus folláine ár ndaoine i gcroílár ár gcur chuige, ag baint amach ár bhfís le bheith mar fhostóir de rogha dár bhfoireann reatha agus d'earcaigh nua ionchasacha.

Tá ár n-éifeachtacht maidir le tacú le comhlíonadh agus le dul i ngleic le neamhchomhlíonadh ag brath ní amháin ar infheistíocht leanúnach inár ndaoine ach freisin ar infheistíocht leanúnach sa teicneolaíocht, úsáid earcaíochta spriocdhírithe, cultúr láidir rialachais agus cuntasachta éifeachtach mar aon leis an aclaíocht inár struchtúir.

Is eagraíocht mhór muid le beagnach 7,000 ball foirne in os cionn 30 ionad ar fud na tíre. Feictear dúinn go bhfuil sé ríthábhachtach dár n-éifeachtacht go leanann ár struchtúr agus ár ndaoine araon de bheith lúfar, athléimneach agus freagrúil. Is fachtóirí ríthábhachtacha iad scileanna, cumas agus gairmiúlacht ár ndaoine, solúbthacht ár struchtúir agus ár gcumas leanúnach leas a bhaint as nuálaíocht i dteicneolaíocht agus i gcleachtais ghnó a chuireann ar ár gcumas ár ról a chomhlíonadh agus ár spriocanna a bhaint amach.

Cothaímid timpeallacht oibre dhearfach shásúil trí rannpháirtíocht bhríoch agus trí fhócas láidir a choinneáil ar fholláine, ar éagsúlacht agus ar uilechuimsitheacht. Aithnímid freisin an gá atá le tógáil ar bhonn leanúnach ar an gcumas, ar an gceannaireacht, ar an mbainistíocht agus ar na scileanna teicniúla atá de dhíth sa lá atá inniu ann agus le haghaidh na ndúshlán eagraíochtúil atá ag athrú amach anseo.

Ní raibh sé níos soiléire riamh ná le dhá bhliain anuas go gcuireann ár aclaíocht ar ár gcumas oiriúnú go tapa do thimpeallachtaí athraitheacha. Leanfaimid lenár struchtúir a fhorbairt, a éabhlóidiú agus a bheachtú chun a chinntiú go ndéanaimid ailíniú ár n-acmhainní le riosca a bharrfheabhsú agus go gcuirfimid seirbhís ardchaighdeán ar fáil chun tacú le comhlíonadh cáiníocóirí.

Ár nDaoine

Tá solúbthacht, athléimneacht agus gairmiúlacht ár ndaoine ríthábhachtach do gach rud a bhainimid amach. Ag deireadh 2021, bhí 6,783 ball foirne buan ag obair sna Coimisinéirí Ioncaim, arb ionann é agus 6,530 coibhéis lánaimseartha. Déanaimid infheistíocht leanúnach inár ndaoine ionas go mbeimid in ann freagairt go héifeachtach do na dúshláin atá ann cheana féin agus do na dúshláin atá ag teacht chun cinn, d'athruithe ar iompar cáiníocóirí agus d'athruithe sa timpeallacht ghnó agus eacnamaíoch.

Bainimid úsáid as **earcaíocht spriocdhírithe** lena chinntiú go dtógaimid agus go gcoimeádaimid acmhainn inmheánach, tallann agus ceannaireacht agus go bhfuil na daoine agus na scileanna cearta againn. Le linn 2021, cheap muid 549 ball foirne ag gach grád ó chomórtais earcaíochta oscailte, idir-rannacha agus ó chomórtais an Choiste Bainistíochta Ardleibhéil (TLAC).

Chuimsigh siad seo: 3 Rúnaí Cúnta, 21 Príomhoifigeach, 42 Príomhoifigeach Cúnta, 1 Dlíodóirí, 80 Oifigeach Riaracháin, 33 Ardoifigeach Feidhmiúcháin, 84 Oifigeach Feidhmiúcháin, 282 Oifigeach Cléireachais agus 3 Oifigeach Seirbhísí.

I gcomhthéacs timpeallachta atá ag athrú go leanúnach, rioscaí oibriúcháin atá ag teacht chun cinn agus scor foirne le taithí, leanaimid ar aghaidh ag tacú lenár ndaoine agus ag cur ar a gcumas feidhmiú go dtí na leibhéil is airde trí raon de **chláir forbartha scileanna agus**

cumais. Cinntíonn sé seo go bhfanann ár mbaill foirne, agus ár struchtúir, inoiriúnaithe agus solúbtha.

Cuireann muid réimse cuimsitheach clár oiliúna teicniúla cánach agus custam riachtanas-bhunaithe ar fáil agus tá réimse clár creidiúnaithe go seachtrach againn chomh maith le modúil oiliúna inmheánacha aonair. Áirítear leis an oiliúint clár oiliúna teicniúla chun tacú le seirbhís do chomhlíontacht agus chun dul i ngleic le neamhchomhlíontacht. Cuirimid raon cuimsitheach oiliúna ceannaireachta, bainistíochta agus scileanna boga ar fáil freisin chun scileanna, cumas agus gairmiúlacht ár bhfoirne a fhorbairt agus chun tacú leo.

In 2021, seachadadh breis agus **26,170 lá oiliúna** d'fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim (Tábla 24). Feidhmímid samhail d'fhoghlaim chumaisc a chuimsíonn foghlaim fhéinbhainistithe, ríomhfhoghlaim, ábhar traenála taifeadta agus ranganna fíorúla. Mar shampla, chríochnaigh 183 ball foirne ár gClár Éascaithe Trádála in 2021 agus chríochnaigh 1,593 ball foirne oiliúint chustaim agus forfheidhmithe eile, lena n-áirítear Cuntasaíocht ar Athló le haghaidh CBL ar iompórtálacha. Chuir soláthar na gclár oiliúna seo feabhas suntasach lenár gcumas chun oiriúnú i leith na ndúshlán a bhaineann le himeacht na Ríochta Aontaithe ón AE.

Tá **comhpháirtíochtaí oideachais** láidre tógtha againn le hOllscoil Luimnigh (OL) agus le *Foras Cánachais na hÉireann (FCÉ)* a chabhraíonn linn infheistiú go leanúnach i riachtanais foghlama agus forbartha ár bhfoirne agus deiseanna forbartha gairmiúla a chur ar fáil trína bhfeabhsaítear mioneolas teicniúil, scileanna agus gairmiúlacht ár bhfórsa saothair.

In 2021, bhronn Ollscoil Luimnigh 175 cáilíocht tríú leibhéal ar mhic léinn na gCoimisinéirí Ioncaim. I measc na gcáilíochtaí, bhí Dioplóma sa Chánachas Feidhmeach, BA (Onóracha) sa Chánachas Feidhmeach, Teastais Custam agus Máistreacht sa Riarachán Gnó (MBA). Lena chois sin, bronnadh Foras Cánachais na hÉireann 252 cáilíochtaí gairmiúla cánach ar ball foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. I measc na gcáilíochtaí bhí Dioplóma sa Cháin chomh maith le Teastais na gCoimisinéirí Ioncaim i mBunphrionsabail Cánach Ioncaim agus Párolla, CBL agus Cánacha Indíreacha Eile, Cánacha Caipitiúla agus Cáin Chorporáide (Táblaí 25 agus 26).

Soláthraíonn ár **gclár forbartha pearsanta agus gairmiúla leanúnaí (FPGL)** raon tacaíochtaí agus deiseanna chun cumas ár bhfoirne a fhorbairt agus a chothabháil. Cuireann sé seo ar a gcumas feidhmiú go héifeachtach agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le feidhmiú i dtimpeallacht atá ag athrú ar luas tapa. In 2021, bhí sraith chuimsitheach cúrsaí ann a chur ar chumas na foirne freagracht a ghlacadh as a gcuid forbartha féin, a mioneolas agus scileanna a fheabhsú agus a saineolas a fhorbairt. Tá roghanna éagsúla maoinithe ina thaca breise dár bhfoireann a mbíonn cáilíochtaí aitheanta gairmiúla agus acadúla 3ú leibhéal ina dtoradh orthu.

Is cuid lárnach é an **Córas Bainistíochta 'OneLearning' (LMS)** den Athnuachan Státseirbhíse agus tá sé mar bhonn taca do Straitéis Daoine na Státseirbhíse agus dár Straitéis Acmhainní Daonna féin. Trí ardán dhigiteach na gCoimisinéirí Ioncaim *One Learning LMS*, tá teacht ag ár bhfoireann ar shraith chuimsitheach cúrsaí oiliúna. Tá rochtain díreach le fáil tríd an ardán seo ar réimse méadaitheach de mhodúil r-fhoghlama na gCoimisinéirí Ioncaim. Ó thairseach deisce, féadann an fhoireann clárú ar réimse de roghanna foghlama agus forbartha, scileanna boga agus oiliúint TCF san áireamh. Éascaíonn an córas riarachán, rianú agus tuairisciú ar ghníomhaíocht oiliúna eagraíochtúil freisin.

Ag teacht le fíis *Athnuachan na Státseirbhíse 2024* chun gairmiúlacht AD a mhéadú sa Státseirbhís, spreagadh ár bhfoireann chun a gcumas agus a scileanna i gcleachtas AD a fheabhsú. In 2021, bhronn an Foras Riaracháin (IPA) agus an Institiúid Chairte um Fhorbairt Phearsanta (CIPD) Teastais ar 4 ball foirne agus Dioplóma sa Chleachtas Acmhainní Daonna ar 10 ball foirne.

I rith 2021, lean an chuid is mó dár bhfoireann ag feidhmiú go héifeachtach i dtimpeallacht

chianoibre. Neartaíomar agus chuireamar feabhas ar na socruithe atá i bhfeidhm chun tacú lenár bhfoireann ina leith seo, lena n-áirítear bogearraí teicniúla agus réitigh chumarsáide a sholáthar. Mar shampla, thugamar faoi athnuachan mór ar ár n-eastát stáisiúin oibre in 2021. Cheadaigh an t-athnuachan bogearraí físchomhdhála níos nua-aimseartha agus níos fearr a úsáid ar scála na heagraíochta ar fad chun cumarsáid inmheánach agus sheachtrach a fheabhsú don fhoireann ar fad. Ina theannta sin, chuireamar teicneolaíocht bogfhóin isteach ar fáil don fhoireann go léir a oibríonn go cianda, rud a ligeann dóibh glaonna a ghlacadh trína ngléas stáisiúin oibre. Chuir sé seo ar chumas ár n-ionaid ghlaio feidhmiú go hiomlán agus an líon mór glaonna a fuarthas i rith na bliana a láimhseáil.

Fad is a bhí sciar suntasach den fhoireann ag obair ón mbaile, d'oibrigh líon beag ball foirne ar an láthair i róil riachtanacha. Chinntigh muid cur i bhfeidhm comhsheasmhach na mbeart sábháilteachta Covid-19 ag oifigí ina raibh an fhoireann ag obair ar an láthair. Cinntíonn ár bPlean Freagartha Covid-19 cur chuige comhordaithe maidir le víreas a chosc san ionad oibre agus déanaimid idirchaidreamh leanúnach le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus Ranna Rialtais eile chun dea-chleachtas a shainiú agus a nuashonrú. Áirítear leo seo oiliúint ionductaithe, bearta achar agus líon teoranta san ionad oibre, riachtanais TCP, nósanna imeachta glantacháin agus sláintíochta, comharthaíocht sláinte poiblí agus cur i bhfeidhm prótacail do bhaill foirne atá tinn ag an obair.

As riachtanas mar gheall ar na héigeandála de bharr Covid-19, agus mar go leor eagraíochtaí ar fud na tíre agus ar fud an domhain, táimid tar éis dul in oiriúint do bhealaí nua oibre le dhá bhliain anuas. Tugann an méid a d'fhoghlaimíomar ón taithí ar chianobair le linn an ama seo eolas mór do na deiseanna a bheidh ar fáil dúinn amach anseo i dtéarmaí an chaoi a n-oibrímid agus an áit a n-oibrímid. In ionad dul siar ar an mbealach a bhí cúrsaí roimh an bpaindéim agus ag féachaint don *Chreat Beartais Oibre Cumaisc d'Eagraíochtaí Státseirbhíse*²⁶ a foilsíodh le déanaí, táimid ag cur ár socrú oibre cumaisc níos fadtéarmaí chun cinn go gníomhach. Tá sé mar aidhm againn cur leis na héifeachtúlachtaí a baineadh amach le dhá bhliain anuas agus ár gcroíghnó á seachadadh againn agus úsáid níos mó a bhaint as réitigh teicneolaíochta feabhsaithe chun timpeallacht oibre a chumasú a éascaíonn meascán d'obair ar an láthair agus fíorúil, seachas fíor-mheascán de shuíomh seasta oifige agus obair bhaile amháin. Uasmhéadóidh an cur chuige seo solúbthachtaí a fheabhsaíonn folláine agus cothromaíocht oibre-saoil níos fearr, rud a mhéadóidh tarraingteacht na gCoimisinéirí loncaim mar fhostóir roghnaithe.

²⁶ <https://www.gov.ie/ga/publication/da010-blended-working-policy-framework-for-civil-service-organisations/>

Suirbhé Foirne 2021

I mí na Bealtaine 2021, rinneamar ár ndara suirbhé foirne ó thosaigh an phaindéim Covid-19. Thug an suirbhé léargas agus tuairimí cuiditheacha ar thrí shaincheist thábhachtacha: cianobair, folláine agus éagsúlacht ár bhfórsa saothair.

Bhí ráta freagartha den scoth againn ar an suirbhé, le 72% den fhoireann ar fad rannpháirteach. Sholáthair torthaí an tsuirbhé táscairí an-mhaithe maidir le folláine agus sláinte iomlán, sásamh poist agus feidhmíocht poist. Bhí na torthaí i gcomparáid go maith le taithí eagraíochtaí eile de chuid na Státseirbhíse arna tomhas i Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse 2020 (CSEES 2020).

Thug na torthaí le fios freisin go bhfuil taithí na cianoibre fós dearfach don chuid is mó den fhoireann. Seo cuid de na príomhthorthaí:


- Thug 94% de na freagróirí le fios gurbh fhearr leo gné éigin den chianobair a choinneáil ina socruithe oibre iarphaindéimeach
- Mhothaigh 70% níos dearfaí faoin gcianobair ó thús na paindéime (ní raibh 10% chomh dearfach)
- ar an meán, ba é 3.35 lá in aghaidh na seachtaine an líon laethanta ba mhian leis an bhfoireann oibriú ón mbaile amach anseo.

Úsáidfimid torthaí an tsuirbhé chun treoir a thabhairt d'fhorbairt tionscnamh 'RevWell' a thacóidh níos fearr le folláine na foirne. Beidh an suirbhé mar threoir freisin dár gcur chuige maidir le socruithe oibre cumaisc níos fadtéarmaí, a bhfuil súil againn a chur in bhfeidhm in éineacht leis an gcuid eile den Státseirbhís in 2022. Úsáidfimid na torthaí freisin chun éagsúlacht ár bhfórsa saothair a mheas agus chun eolas a thabhairt do thionscnaimh chomhionannais agus chuimsithe.

John Murtagh – Oifigeach Cléireachais

Rannóg an Ard-Bhailitheora

Thosaigh mé leis na Coimisinéirí loncaim i mí Dheireadh Fómhair 2019 tar éis gairmréim an-ilghnéitheach 30 bliain san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear ról i ndéantúsaíocht, iompar, seirbhís do chustaiméirí agus miondíola. Cé nach raibh a fhios agam céard a bheith ag súil le dul isteach sa Státseirbhís, bhí sé an-spreagúil dom an deis a bheith agam an taithí atá agam faoi láthair a chur i bhfeidhm ar eagraíocht mhór ilghnéitheach.



Bhí a fhios agam ón gcéad uair an choig de m'oilíúint ionduchtaithe cé chomh dea-eagraithe agus réamhmhachnamhach atá na Coimisinéirí loncaim ina gcur chuige agus an méid a infheistíonn siad i dtodhchaí a bhfoirne.

Chuaigh mé isteach san Aonad Tacaíochta Cóiríochta/Rannóige in oifig an Ard-Bhailitheora rud a bhí ina oscailt súl i ndáiríre chomh fada agus a théann an éagsúlacht post. Bhí mé ag déileáil le gach ceist laistigh den fhoirgneamh; imní na foirne, sláinte agus sábháilteacht agus saincheistanna fabraic foirgnimh chomh maith le déileáil le custaiméirí agus conraitheoirí seachtracha. Is féidir liom a rá go hionraic go bhfuil gach uile lá difriúil.

Bhí m'obair le linn na paidéime rithábachtach mar bhí go leor ball foirne a bhí i ról lárnacha fós ag obair 'ar an láthair'. Go luath sa phaindéim chuireamar cóiríocht ar fáil freisin do líon mór d'fhoireann rianaithe teagmhála FSS i dTeach an tSáirséalaigh. Faoi láthair, tá baint agam leis an mórthasc lóistíochta maidir le foireann na gCoimisinéirí loncaim go léir a aistriú ó River House go Teach an tSáirséalaigh i Luimneach. In ainneoin na ndúshlán, go dtí seo, táimid ceart ar an sceideal!

Táim dírithe go mór ar mo ghairm bheatha agus is féidir liom go leor roghanna agus deiseanna a fheiceáil dom féin laistigh de na Coimisinéirí loncaim. Is iontach an tacaíocht don fhéinfhoghlaim trí úsáid a bhaint as tairseach ar líne an Bhrainse Oiliúna, oiliúint ónár bhfoireann intí agus cabhair agus treoir ó bhainisteoirí agus gan an tacaíocht seo d'fhéadfadh go mbeadh an dá bhliain seo caite an-difriúil.

Agus mé leath bealaigh tríd an tríú bliain agam sna Coimisinéirí loncaim anois, is féidir liom a rá le fírinne go bhfuil mé bródúil as a bheith ag obair sna Coimisinéirí loncaim agus tá mé ar bís leis na deiseanna dul chun cinn atá ar fáil dom.

Snehalatha Myadam - Oifigeach Feidhmiúcháin



Rannóg na Teicneolaíochta Faisnéise, Cumarsáide agus Lóistíochta

Sula ndeachaigh mé isteach sna Coimisinéirí loncaim, bhí mé ag obair mar innealtóir sonraí páirtaimseartha san earnáil phríobháideach. Mar sin féin, bhí ról níos dúshlánaí ag teastáil uaim.

Thosaigh mé leis na Coimisinéirí loncaim mar Oifigeach Feidhmiúcháin in 2019 agus sannadh mé chun obair sa Rannán TFC ar an bhfoireann Bainistíochta Eisiúint. Tá m'fhoireann freagrach as córais TF na gCoimisinéirí loncaim a imscaradh agus tacaíonn sí le heisiúint cóid iarratais iolracha gach bliain. Déanaimid an cód a bhainistiú trí na timpeallachtaí tástála éagsúla agus ar deireadh eisítear é isteach i gcórais TF 'beo' na gCoimisinéirí loncaim, idir aghaidh an chustaiméara agus inmheánach. Tugann m'fhoireann aire do 37 timpeallacht tástála san iomlán. Sa ról atá agam faoi láthair cuireadh de chúram orm athruithe a dhéanamh ar chórais TF 'beo' uile na gCoimisinéirí loncaim agus anuraidh rinne m'fhoireann bainistiú ar bheagnach 2,400 eisiúint cód chuig ár gcórais bheo. Toisc go dtacaíonn na córais seo le príomhghnó na gCoimisinéirí loncaim, tá sé thar a bheith tábhachtach go n-imíonn na heisiúintí seo go réidh agus go dtugtar aghaidh go tapa ar aon cheisteanna.

Cuidíonn m'fhoireann freisin le timpeallachtaí tástála iolracha a chothabháil, ag cinntiú go bhfuil siad socraithe i gceart, cumraithe, agus ar fáil do gach tionscadal mar atá sceidealta. Déileálann mé freisin le hiarratais theicniúla éagsúla agus le fabhtcheartú a dhéanamh ar shaincheisteanna a ardaítear d'fhonn iad a réiteach chomh tapa agus is féidir.

Tá tacaíocht an-mhaith faighte agam chun an oiliúint riachtanach a fháil chun mo chumais a fheabhsú. Chomh maith le leas a bhaint as tacaíocht agus treoir na foirne, bhí deis agam cabhrú le baill foirne nua a oiliúint agus a mheantóireacht. Cé go bhfuil an obair dúshlánach, baineann an-taitneamh as agus tá éiteas iontach foirne ann le neart deiseanna dul chun cinn. Táim muiníneach go leanfaidh mé ag forbairt go pearsanta agus go gairmiúil leis na Coimisinéirí loncaim.

Bhí an tacaíocht a fuair mé sna Coimisinéirí loncaim eisceachtúil. Chuidigh an post seo liom éirí níos muiníní agus tá eolas fíorluachmhar faighte agam ó chomhghleacaithe a bhfuil níos mó taithí acu. Bhí mo ghairm bheatha sna Coimisinéirí loncaim an-taitneamhach go dtí seo, dírithe ar fhoireann agus sásúil, agus táim bródúil as a bheith mar chuid den eagraíocht seo.

Damien Dolan – Ardoifigeach Feidhmiúcháin

Rannóg na gCásanna Móra – Lucht Ardrachmais

In 2009, bhain mé céim bhaitisiléara amach sa Chuntasaíocht agus thosaigh mé ag obair i gcleachtas cuntasaíochta beag ag ullmhú cuntais do dhaoine aonair féinfhostaithe agus do chuideachtaí beaga.



In 2017, thosaigh mé ag obair leis na Coimisinéirí loncaim mar Oifigeach Feidhmiúcháin. Sannadh ról iniúcháireachta, chanach agus comhlíontachta mé atá bunaithe i nGaillimh. Chuir mé tús láithreach le cúrsa oiliúna Dioplóma i gCánachas Feidhmeach na gCoimisinéirí loncaim.

In 2018, d'aistrigh mé go dtí an oifig i mBaile Átha Luain, ag obair arís i ról iniúchta agus comhlíontachta. D'oibrigh mé ar roinnt tionscadal éagsúil lena n-áirítear Nua-Aoisiú ÍMAT a chur chun cinn. Fuair mé taithí ar éagsúlacht leathan oibre ó lá go lá agus chomh maith leis sin chríochnaigh mé mo dhioplóma, agus bhain mé céim amach in 2019.

I rith 2018, thosaigh mé ag obair i gCásanna Móra - Rannóg na nDaoine Aonair Ardrachmais (LC-HWID). I mí Iúil 2019, tugadh ardú céime dom go dtí Ardoifigeach Feidhmiúcháin i mBaile Átha Cliath, agus d'fhan mé in LC-HWID. Cuid de mo ról is ea a thuiscint conas a bhainistíonn na daoine ard-saibhreas a bhfuil mé freagrach astu a gcuid saibhris agus tabhairt faoi na hidirghabhálacha comhlíontachta cuí chun dul i ngleic le haon rioscaí cánach aitheanta.


D'aistrigh mé ar ais go dtí an oifig i mBaile Átha Luain i mí Iúil 2021. I ngach oifig inar oibrigh mé tá taithí luachmhar faighte agam ó chomhghleacaithe a bhfuil leibhéil éagsúla saineolais acu, a bhíonn toilteanach i gcónaí a gcuid eolais agus cúnamh a sholáthar. Bhí deis agam freisin eolas agus taithí a roinnt le comhghleacaithe thar Rannáin eile.

Mar gheall ar an bpaindéim, tá mé ag obair as baile ó mhí an Mhárta 2020. Mar sin féin, leis na háiseanna TF a chuireann na Coimisinéirí loncaim ar fáil dom bíonn sé éasca dom cumarsáid a dhéanamh le m'fhoireann in ainneoin na srianta. Bhí an t-ádh orm go bhfuil na Coimisinéirí loncaim an-solúbtha mar eagraíocht maidir le cianobair.

De bharr na tacaíochtaí oideachais agus gairmiúla atá ar fáil laistigh den eagraíocht agus an éagsúlacht leathan oibre is áit iontach iad na Coimisinéirí loncaim le haghaidh dul chun cinn gairme, agus ag an am céanna cuireann siad go leor deiseanna ar fáil chun sásamh gairme a bhaint amach. Cuireann bheith ag obair sna Coimisinéirí loncaim ar mo chumas freisin cothromaíocht mhaith oibre is saoil a bheith agam, rud a ligeann dom a bheith rannpháirteach i mo spéiseanna spóirt sa tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine.

Yvonne Clifford – Príomhoifigeach Cúnta

Rannóg an tArd-Chuntasóir & Pleanála Straitéisí (AGSPD)– Brainse Measúnaithe agus Polasaí um Chomhlíonadh



Thosaigh mé leis na Coimisinéirí Ioncaim in Aibreán 2002 mar Oifigeach Cléireachais. Chuir mé tús le mo ghairm bheatha i gCánacha Caipitiúla agus, in 2003, bhog mé go dtí an Rannóg Imscrúduithe agus Ionchúiseamh (IPD) mar a tugadh air ag an am. Thar mo 13 bliana i IPD, bhí an t-ádh dearg orm gur cuireadh réimse leathan oibre ar fáil, scileanna nua a fhorbairt agus taithí fhairsing a fháil.

Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim deiseanna iontacha ar fáil le haghaidh forbartha agus, in 2013, le tacaíocht agus spreagadh ó mo bhainisteoir, thug mé faoi chúrsa Teicneora Cánach le Foras Cánach na hÉireann (ITI). Cé nach tasc éasca é, mhéadaigh mé m'eolas cánach tuilleadh trí chlárú leis an ITI chun staidéar a dhéanamh do cháilíocht mar Chomhairleoir Cánach Cairte (CTA), ag cáiliú in 2019.

In 2016, tugadh ardú céime dom mar Oifigeach Feidhmiúcháin agus sannadh do réimse iniúchta agus comhlíontachta mé. Ba dheis iontach é seo dom mo scileanna teicniúla cánach a chur i bhfeidhm. In 2017, tugadh ardú céime dom go hArdoifigeach Feidhmiúcháin agus cé gur fhan mé san iniúchadh agus comhlíontacht, dhírigh mo ról níos mó ar aghaidh a thabhairt ar chásanna imscrúdaithe ardriosca. Bhí mé nochta do chásanna iniúchta níos casta a thug deis dom na scileanna agus an t-eolas a bhí foghlamtha agam mar chuid de mo staidéir CTA a chur i bhfeidhm go praiticiúil.

Le linn an ghlaslais chláraigh mé ar chúrsa ríomhCholáiste do Bhainistíocht Tionscadal agus bhain mé cáilíocht amach mar chomhlach deimhnithe de Bhainistíocht Tionscadal leis an Institiúid Bainistíochta Tionscadal (PMI).

Ag deireadh 2020, tugadh ardú céime dom go Príomhoifigeach Cúnta agus sannadh don Bhainse Measúnaithe agus Polasaí um Chomhlíonadh san AGSPD mé. Toisc gur ról polasaí-bhunaithe é an ról seachas ról feidhmiúil, bhí go leor le foghlaim agam agus thug sé a dhúshláin féin as sin go cianda. Mar sin féin, sháraigh mé na dúshláin seo le tacaíocht agus cineáltas mo chomhghleacaithe Brainse. I mí Mheán Fómhair 2021, chun cabhrú liom sa ról atá agam faoi láthair, chuir mé tús le Máistreacht san Eolaíocht Eacnamaíoch (Anailís Polasaí) leis an bhForas Riaracháin.

Nuair a thosaigh mé ar mo ghairm bheatha sna Coimisinéirí Ioncaim 20 bliain ó shin, níor shíl mé riamh go mbeinn san áit a bhfuilim inniu. Mothaím go bhfuil an t-ádh orm gairm bheatha a bheith agam sna Coimisinéirí Ioncaim agus tá mé beannaithe go raibh na deiseanna agam cairdeas agus líonraí den sórt sin a fhorbairt agus a thógáil laistigh den eagraíocht.

Ár gCultúr

Is eagraíocht ardfhreagrach muid a chuireann timpeallacht oibre dhearfach, idirghníomhach agus shásúil ar fáil dár ndaoine. Tá ár gcroíluachanna meas, gairmiúlacht, comhoibriú, aclaíocht agus ionracas fite fuaite inár gcultúr, inár n-idirghníomhaíochtaí le comhghleacaithe agus inár ndéileálacha go léir le cáiníocóirí. Cothaímid oscailteacht agus cuntasacht i ngach rud a dhéanaimid agus tá comhlíontacht lenár ndualgais dhlíthiúla, lena n-áirítear sláinte & sábháilteacht, cosaint sonraí, rúndacht cáiníocóirí, bainistíocht airgeadais agus saoráil faisnéise, i gcroílár an chaoi a n-oibrímid.

Tacaíonn muid lenár ndaoine trí rannpháirtíocht fhóinteach leis an bhfoireann, trí shláinte agus folláine san ionad oibre a chur chun cinn agus trí dheiseanna forbartha a sholáthar. Tá ár dtiomantas do **rannpháirtíocht fostaithe** a dhoimhniú ag gach leibhéal ar fud na heagraíochta mar phríomhthosaíocht i gcónaí. Oibríonn muid le chéile i gcur chuige comhpháirtíochta, cinntíonn muid a oiread rannpháirtíochta is féidir agus tacaíonn muid le bainteacht, nuálaíocht agus ardfeidhmíocht chun tacú lenár bhfeabhsú leanúnach.

Is é an Cathaoirleach a bhíonn i mbun chathaoirleacht ar ár *bPríomhchoiste Comhpháirtíochta* agus freastalaíonn an Bord iomlán air mar aon le hionadaithe ón mbainistíocht, ó cheardchumann agus ón bhfoireann. I rith 2021, tháinig an Coiste le chéile trí huaire. Ní hamháin go dtacaíonn agus cuireann an rannpháirtíocht rialta dhearfach seo le rannpháirtíocht na bhfostaithe ach cuireann sé taca faoi ár Misean, Fís agus Croíluachanna agus baint amach na gcuspóirí atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise.

Glacaimid leis an indibhidiúlacht agus tá cultúr láidir glactha agus **comhionannais** tógtha againn i measc ár bhfoirne, ag cinntiú go bhfuil meas ar **chearta an duine** i dtimpeallachtaí inmheánacha agus seachtracha araon, agus go gcuirtear ár bPlean Gníomhaíochta um Dhualgas Earnála Poiblí i bhfeidhm. Cuirtear oiliúint ar ár bhfoireann nua-earcaithe go léir sa Chomhionannas agus san Éagsúlacht mar chuid dá n-oiliúint ionduchtaithe. Tar éis bunú Grúpa Dianchomhpháirtíochta, tá straitéis nua um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) agus an Plean Gníomhaíochta gaolmhar á gcur i gcrích. Soláthraíonn an straitéis creatlach EDI don todhchaí, ag cinntiú go bhfuil an cleachtas is fearr á leanúint againn sa réimse tábhachtach seo, ag cur cultúr dínite agus meas ar gach fostaí chun cinn, agus ag fáil réidh le gach cineál idirdhealaithe. Comhlánófar an straitéis agus an plean gníomhaíochta le beartas EDI atá á fhorbairt faoi láthair. Déanfar tuilleadh forbartha ar an obair seo in 2022, i gcomhthéacs ár Ráiteas Straitéise agus Plean nua d'Fhórsa Saothair don tréimhse 2021-2026

Mar fhostóir do bheagnach 7,000 ball foirne, aithníonn agus cuireann muid fáilte roimh, agus tá meas againn ar an **éagsúlacht** maidir le féiniúlacht ghnéis agus inscne agus tá muid tiomanta cuimsiú san ionad oibre a fheabhsú. Oibríonn ár Líonra Foirne LADT+ agus ár gcoiste stiúrtha le Ranna eile de chuid na Státseirbhíse chun Líonra Fostaithe agus Comhghuaillithe LADT+ ar fud na státseirbhíse agus poiblí a fhorbairt atá ina phríomhchuid den *Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú LADTI+*. In 2021, thacaíomar arís le Mí Bród le roinnt imeachtaí lena n-áirítear:

- seisiún 'lón agus foghlama' don fhoireann ar fad arna óstáil ag ár Líonra Foirne LADT+. I ndiaidh óráid oscailte an Chathaoirligh, thug aoichainteoir forbhreathnú ar stair na féile Bród in Éireann.
- ag glacadh páirte i bparáid fhíorúil Fhéile Bród Bhaile Átha Cliath, in éineacht le Líonraí Foirne eile sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí LADT+ faoin mbratach 'Bródúil a bheith ag obair ar son na hÉireann'.
- bratach Bród ar foluain ag ár n-oifigí i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath agus Port Láirge
- ag tacú le Bród 2021 ar ár láimhseáil twitter in éineacht lenár lógó Líonra Foirne LADT+.

Tá leathanach inlín agus mol teagmhála tiomnaithe bunaithe againn a chuireann ar chumas ár Líonra Foirne LADT+ eolas, acmhainní, piarthacaíocht agus deiseanna líonraithe a chur ar fáil do bhaill foirne uile.

Mar sin féin, aithnímid nach mbaineann an éagsúlacht le giniúint, le tréithe fisiceacha nó le hinscne amháin. Trínár gcláir earcaíochta, táimid ag leanúint ar aghaidh ag tógáil fórsa saothair ilghnéitheach a léiríonn sochaí na hÉireann atá ag teacht chun cinn agus atá ag forbairt, ag daingniú ár dtiomantas don chomhionannas. Cuidíonn éisteacht le, agus foghlaim ó, eispéiris agus dearcthaí éagsúla ó fhórsa saothair comhchoiteann le raon de chúlraí sóisialta, eitneacha, cultúrtha agus oideachais sinn a fhorbairt le bheith níos fearr ag an méid a dhéanaimid. Ina theannta sin, méadaíonn lucht saothair a léiríonn níos dlúithe an tsochaí ar a bhfuilimid ag freastal ar mhuintir sa mhéid a dhéanaimid agus an chaoi a dhéanaimid é.

Tacaímid go gníomhach le tionscnaimh chun **cothromaíocht inscne** a fheabhsú ag gach leibhéal, ar fud na heagraíochta agus tá dul chun cinn suntasach déanta ina leith seo le 6 bliana anuas (Tábla 27).

Seachtain na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe

Trínár gCoiste Náisiúnta Folláine, Líonra Foirne LADT+ chomh maith le foirne tacaíochta Rannáin agus Acmhainní Daonna, tá creat seanbhunaithe againn chun éagsúlacht agus cuimsiú san ionad oibre a chur chun cinn agus tacú leo.

I mí na Samhna 2021, thionóileamar ár seachtain bhliantúil tionscnaimh um Éagsúlacht agus Cuimsiú. Ba é cuspóir an tionscnaimh seo deis a chur ar fáil don fhoireann ar fad ar fud na heagraíochta machnamh a dhéanamh ar thábhacht na héagsúlachta agus an chuimsithe sna Coimisinéirí loncaim, agus machnamh a dhéanamh ar an ról tábhachtach atá againn go léir chun a chinntiú go mothaíonn ár gcomhghleacaithe, ár bpiaraí agus ár mbainisteoirí uile go bhfuil cuimsiú agus meas orthu.

Bhí fócas oideachasúil ag an tionscnamh freisin chun feasacht a ardú i measc ár bhfoirne ar shaincheisteanna a bhaineann le héagsúlacht agus cuimsiú san ionad oibre, agus go seachtarach dár gcustaiméirí. Leagadh béim ar thábhacht agus ar thábhacht na seachtaine in óráid oscailte ón gCathaoirleach agus ateangaire Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) in éineacht leis.

I measc na n-imeachtaí eile bhí réamhrá ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, plé cois tine ar an éagsúlacht san ionad oibre, cur i láthair ar Chearta an Duine agus Comhionannas san Earnáil Phoiblí, agus tráth na gceist ar chlaonadh neamhfhirosach.

Sheolamar an chéad eagrán dár *Nuachtlitir Éagsúlachta agus Cuimsithe* freisin. Chuir an foilseachán béim ar na tacaíochtaí atá ar fáil don fhoireann, lena n-áirítear faisnéis faoi Oifigigh Rochtana na gCoimisinéirí loncaim, Oifigigh Idirchaidrimh Míchumais agus ár Líonra LADT+. Bhí ailt ann freisin ó chomhghleacaithe ó chúlraí éagsúla ag cur síos ar a dtaithe ag obair sna Coimisinéirí loncaim, agus alt a thug leideanna maidir le seirbhís do chustaiméirí chun déileáil lenár mbonn custaiméirí éagsúil.

Cé go bhfuil sé ar intinn againn cur le rath an tionscnaimh seo trí sheachtain na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe a dhéanamh mar bhuan-ghné inár bhféilire gach bliain, aithnímid go bhfuil éagsúlacht agus cuimsiú thar a bheith tábhachtach dúinn go léir gach lá. Ní dhéanann an tionscnamh seo ach an fócas a ghéarú ar an ngá atá le meon meabhrach i gcónaí agus le modh iompair a chuimsíonn go dearfach na difríochtaí eadrainn ionas go mothaímid go léir muintearas agus meas sna Coimisinéirí loncaim.

Inscne agus Pá sna Coimisinéirí loncaim

Ceanglóidh an tAcht um Fhaisnéis ar Bhearna Pá Inscne 2021, a luaithe a dhéanfar rialacháin, ar fhostóirí áirithe faisnéis a fhoilsiú a bhaineann le luach saothair a gcuid fostaithe, faoi threoir inscne fostaithe den sórt sin, chun a thaispeáint an bhfuil difríochtaí i luach saothair den sórt sin inchurtha le hinscne.

In 2020, roimh achtú na reachtaíochta, d'fhoilsíomar, don chéad uair, anailís ar ár mbearna pá inscne bunaithe ar phá agus leibhéal foirne 2019. Rinne an taighde doiciméadú ar an mbearna pá sna Coimisinéirí loncaim agus na fachtóirí as a dtagann difríochtaí i leibhéal pá idir fir agus mná. Áiríodh an anailís samhail staitistiúil a dhéanann miondealú ar an mbearna pá idir na hinscní de réir a chomhábhar. Is iad difríochtaí inscne de réir gráid an phríomhchúis leis an mbearna pá sna Coimisinéirí loncaim. Tá sé seo mar gheall ar an bhfíric go bhfuil níos mó ban ag obair sna gráid sóisearacha agus go bhfuil cúig huaire níos mó seans ann go n-oibreoidh mná go páirtaimseartha. Léiríodh san anailís nach raibh aon mhíniú neamhaitheanta, cosúil le hidirdhealú pá, maidir le bearna pá inscne na gCoimisinéirí loncaim a bheith ann.

€47,800

Meánphá
comhlán bliantúil
na bhfear in 2021



€42,300

Meánphá
comhlán bliantúil
na mban in 2021

16%

In 2019



12%

In 2021

Níos luaithe i mbliana, rinneamar ár n-anailís a nuashonrú bunaithe ar shonraí 2021. Meastar gurb ionann bearna pá inscne na gCoimisinéirí loncaim in 2021 agus €5,500 nó 12%.

Léiríonn an anailís go bhfuil bearna pá inscne na gCoimisinéirí loncaim ag cúngú agus go bhfuil laghdú ceathrú tagtha uirthi ó 2019.

Aithnítear roinnt na h-inscne a athrú thar na gráid mar phríomhfachtóir don fhás pá níos láidre do mhná agus don laghdú gaolmhar ar an mbearna pá in 2021. Is é frúiliú agus scor go príomha is cúis le tionchar a bhíonn ag athrú ar an roinnt den ghrád, agus ról teoranta ag ardú céime na foirne reatha sa mhíniú.

Is é is cúis leis an laghdú ar an mbearna pá idir 2019 agus 2021 ná méadú ar líon na mban sna gráid níos sinsearaí, agus tháinig laghdú ar a líon sna gráid níos sóisearaí, chomh maith le harduithe ar líon na mban atá ag obair go lánaimseartha. Tá an bearna pá laghdaithe freisin laistigh den chohórt oibríthe a oibríonn go lánaimseartha, ag laghdú ó 12% go 8%.

Tuigimid go bhfuil páirt ag gach éinne againn sa troid in aghaidh athrú aeráide agus, ar bhonn leanúnach, lorgaimid deiseanna go gníomhach lenár lorg carbóin a laghdú. Tagraíonn **Soláthar Poiblí 'Glas'** do sholáthairtí, a úsáideann cistí poiblí, a bhfuil sé mar aidhm acu earraí, seirbhísí agus oibreacha a bhfuil tionchar comhshaoil laghdaithe acu ar feadh a saolré a cheannach i gcomparáid le hearraí, seirbhísí agus oibreacha a bhfuil an cuspóir céanna acu agus a bheadh ceannaithe murach sin.

I rith 2021, tar éis comórtais soláthair a foilsíodh go náisiúnta agus san AE, bhronnamar 21 conradh chun earraí agus seirbhísí éagsúla a sholáthar. As na conarthaí a bronnadh, chuimsigh ceithre cinn de na próisis soláthair critéir tionchair chomhshaoil 'glasa' nó laghdaithe. Bhronnamar 17 gconradh breise faoi chreat-chomhaontuithe na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP), lena n-áirítear 15 acu sin critéir 'glasa' agus breithnithe comhshaoil.

As seo amach, cuirfidimid tuilleadh feachtas ar Sholáthar Poiblí 'glas' chun cinn agus é mar chuspóir aige líon na gconarthaí amach anseo a chuimsíonn forálacha comhshaoil a mhéadú trí threoir, trí phleanáil soláthair agus trí bheartas inmheánach.

Nuálaíocht

Bainimid an leas is fearr as teicneolaíocht agus leanaimid ag infheistiú inár gcumas TF. Cuireann an cur chuige seo ar ár gcumas réitigh ghnó forásacha agus nuálaíocha a fhorbairt a chuideoidh le héifeachtúlacht agus cáilíocht a thiomáint. Is é ár dtosaíocht agus ár bhfócas a

chinntiú go bhfuil an t-ardán TF agus an cumas againn chun ár bpríomhchláir ghnó a chumasú agus chun tuilleadh cánacha agus dleachtanna a nuachóiriú trí uathobriú próisis, digitiú agus oiriúnú seirbhísí.

Mar chuid den athnuachan leanúnach ar ár mbonneagar teicneolaíochta, thugamar faoi dhá Chruthúnas ar Choincheapa **(CC) Intleachta Shaorga (IS)** in 2021. Bhain an chéad cheann le fiosrúcháin cháiniócóra a aicmiú go huathoibríoch, rud a chuir le taithí an chustaiméara trí roghchláir anuas ilchiseal a bhaint de fhoirm ghréasáin chun go bhféadfaidh an cáiniócóir a fhiosrúchán féin a rangú. Athraíodh an córas chun fiosrúchán saor-théacs a chur in ionad roghanna anuas agus IS & Próiseáil Teanga Nádúrtha (NLP) a chur i bhfeidhm chun an cheist a rangú go huathoibríoch agus a dhíriú chuig an ngrúpa cuí lena phróiseáil. Mar thoradh air seo tá taithí feabhsaithe ag custaiméirí agus próiseáil níos éifeachtaí le níos lú earráidí maidir le fiosrúcháin a rangú agus a stiúradh. Bhain an dara CC le próiseáil uathoibríoch d'fhiosruithe trí ríomhphoist a sheoladh chuig deasc chabhrach tacaíochta teicniúil dírithe ar an gcáiniócóir. Arís cuireadh IS & NLP i bhfeidhm chun an cheist a rangú go huathoibríoch agus a dhíriú chuig an ngrúpa cuí lena phróiseáil. Ina theannta sin, bhíodhas in ann ríomhphoist freagartha 'gan gníomh ar bith' a bhaint go huathoibríoch (m.sh. 'go raibh maith agat, d'oibrigh sé sin'). Mar thoradh air seo tá próiseáil níos éifeachtaí ar ríomhphoist agus coigilteas foirne i bpróiseáil láimhe ar chineálacha áirithe ríomhphoist.


Leanaimid orainn le háiseanna roinnte ríomhaireachta a sholáthar agus cur leo do chomhlachtaí eile san earnáil phoiblí ónár nIonad Sonraí agus tá breis agus 47 eagraíocht éagsúla ag baint leas as an tseirbhís seo. Leis an tseirbhís óstála seo, meastar go sábháiltear €2.5 milliún sa bhliain ar a laghad do na heagraíochtaí a bhfreastalaítear orthu. Táimid ag leanúint freisin ag soláthar seirbhísí priontála agus postála do roinnt eagraíochtaí (thart ar 0.5 – 1 milliún mír in aghaidh na míosa). Don bhliain 2021, sholáthair an tseirbhís priontála seo coigilt iomlán de bheagnach €1.5 milliún do na heagraíochtaí ábhartha.

Dámhachtainí IBT (Institiúid Bainistíochta Tionscadal).

Tugann Caibidil na hÉireann de IBT (Institiúid Bainistíochta Tionscadal) onóir don sármhaitheas i mbainistíocht tionscadal ar fud na hÉireann, in earnálacha mar TF, an earnáil phoiblí, tógáil, cógaisíocht, seirbhísí gairmiúla, seirbhísí airgeadais agus déantúsaíocht.

Bhronn an IBT 'Oifig Bainistíochta Tionscadal (OBT) na Bliana 2021' ar Oifig Bainistíochta Clár na gCoimisinéirí Ioncaim. Tugann an dámhachtain aitheantas do OBT cumas bainistíochta tionscadal eagraíochtúil níos fearr a léirigh trí luach a chur lena eagraíocht trína thacaíocht do thionscnaimh straitéiseacha rathúla.

Agus an dámhachtain á bronnadh ar OBT na gCoimisinéirí Ioncaim, tugadh aitheantas do *"chur chuige cuimsitheach na foirne maidir le bealaí bainistíochta tionscadail a fhorbairt agus a leabú chun oibriú ar fud na heagraíochta"*.



Taispeánann an grianghraf Cleo O'Beirne, na Coimisinéirí Ioncaim agus Tara Loughrey-Grant ag Gradaim IBT

Rúndacht an Cháiniócóra

Tuigimid go hiomlán ár ndualgas dlíthiúil rúndacht faisnéise cáiniócóirí a chosaint. Thar ár seirbhísí agus próisis ghnó go léir, caitear le sonraí pearsanta cáiniócóirí leis na caighdeáin is

airde slándála agus rúndachta.

Ina theannta sin, i gcomhthéacs bhagairt leanúnach Cibearionsaithe, tá sé tábhachtach a athdhearbhú go bhfuil slándáil ár gcóras agus ár sonraí mar thosaíocht bhunúsach don eagraíocht. Tá urrús deartha isteach do na seirbhísí go léir a oibríonn na Coimisinéirí Ioncaim nó a fheidhmíonn dóibh. Leagtar béim ar shlándáil don fhoireann ar fad agus is cuid de chultúr na heagraíochta í. Ní fhéadaimid, áfach, glacadh leis go bhfuilimid díolmhaithe ón mbaoil a bhaineann le hionsaí agus, dá bhrí sin, leanaimid de bheith airdeallach agus infheistíocht a dhéanamh inár mbonneagar slándála, ár n-athléimneacht agus ár bhfreagrúlacht agus a uasghrádú.

Cosnaítear seirbhísí poiblí agus sonraí cáiníocóirí trí Chóras Bainistíochta um Shlándáil Faisnéise (ISMS) atá deimhnithe ag ISO27001. D'éirigh linn athdheimhniú a bhaint amach i mí Mheán Fómhair 2021. Déantar criptiú ar fhaisnéis phearsanta a thaispeántar ar ár suíomh idirlín le deimhniú Bailíochtaíthe Breise (EV) SSL 256 giotán agus é sínithe ag údarás deimhniúcháin faoi iontaoibh an phobail. Féadfaidh cáiníocóirí a fhíorú go bhfuil an leathanach slán trí dheilbhín glas fraincín a lorg ina mbrabhsálaí.

Ceanglaítear ar gach seirbhís gnó a bhaineann le bailiú cánacha nós imeachta leanúnachais gnó agus cineál ard-infhaighteachta agus athléimneachta a bheith acu agus a chothabháil. Bainistítear é seo de réir **ISO22301** agus tá sé deimhnithe dó. D'éirigh linn an t-iniúchadh faireachais maidir leis seo i mí Iúil 2021.

Déantar ár gcórais agus ár seirbhísí a thástáil go caighdeán **ISO29119** agus ansin seachtadtar, bainistítear agus deimhnítear iad go dtí an caighdeán **ISO20000** chun rialú athraithe, bainistíocht seirbhíse, bainistíocht teagmhais agus athbhreithniú teagmhais a chinntiú. Déanann ár bhfoirne Tacaíochta TFC monatóireacht agus measúnú gníomhach ar chomhairleoirí slándála do chórais agus feidhmchláir atá faoina smacht. Ina theannta sin, bainimid úsáid as 3ú páirtithe chun Tástáil Treáite a dhéanamh ar fud ár seirbhísí seachtracha ar bhonn rialta.

In 2021, mar chuid dár n-iarrachtaí leanúnacha chun leanúint le cosaint a sholáthar d'úsáideoirí ár gcórais poiblí, thugamar isteach **Fiordheimhniú Dhá Fhachtóir (2FA)** dár seirbhís ar líne *moChúrsaí*. Is céim roghnach bhreise í seo do cháiníocóirí faoi láthair agus ciallaíonn sé, chomh maith lena n-ainm úsáideora agus pasfhocal a chur isteach, go dteastaíonn pasfhocal aonuaire freisin chun logáil isteach ar *moChúrsaí*. Seoltar é seo chuig an gcáiníocóir trí téacs chuig a uimhir soghluaiste bhailíochtaíthe. Cosnaíonn sé seo cáiníocóirí ar fhoirmhór na n-ionsaithe buainte dintiúr uathobrithe agus feidhmíonn sé freisin mar foláireamh má dhéanann duine iarracht rochtain a fháil ar a gcuntas i gcás goidte dintiúir.

Thugamar faoi uasghrádú mór freisin ar an **mBonneagar Eochrach Poiblí (PKI)** atá mar bhonn agus mar thaca ag síniú deimhnithe *Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS)* le húsáid ag cáiníocóirí agus/nó gníomhairí cánach. Mar sheirbhís lán-bhainistithe, tá ardán PKI den scoth againn atá in ann déileáil le hiarratais mhéadaithe ar thrácht agus ar acmhainní do na blianta amach anseo, go háirithe de réir mar a éiríonn algartaim cripteagrafach um siniú deimhnithe níos casta agus go dteastaíonn acmhainní ríomhaireachta níos mó uathu a ghiniúint agus a chothabháil.

Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag cur i gcónaí leis an méid staitisticí agus taighde ar fháltais chánach agus ar chostálacha na roghanna polasaí cánach. Agus é seo á dhéanamh againn, déanaimid cothromaíocht idir ionchais an phobail, thaighdeoirí, an Rialtais agus an Oireachtais maidir le faisnéis leis an gceanglas rialacha cosanta sonraí a chomhlíonadh agus an gá atá le rúndacht faisnéise cáiníocóirí a chosaint. Le cinntiú go bhfuil an chosaint rathúil ar shonraí cáiníocóirí ina chuid lárnach d'fhoilsiú na staitisticí, tá polasaí Rialaithe Staidrimh²⁷ á chothabháil againn agus tá sé foilsithe ar ár suíomh idirlín.

²⁷ <https://www.revenue.ie/ga/corporate/documents/statistics/about/statistical-disclosure-control.pdf>.

Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí & Athnuachan na Státseirbhíse

Tá ról gníomhach againn i gcur i bhfeidhm leanúnach Athnuachan na Státseirbhíse agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí I measc na n-éachtaí a bhain leis na torthaí ardleibhéil don tseirbhís phoiblí in 2021 tá:

- rannchuidiú le forbairt Athnuachan na Státseirbhíse 2024 agus an Plean Athnuachana uileghabhálach 10 mbliana 2030
- rannpháirtíocht ghníomhach sa ghrúpa idir-rannach atá ag forbairt an chreat Oibre Cumaisc don Státseirbhís
- seoladh an chórais leictreonach um Cháin Iarchoimeádta ar Sheirbhísí Gairmiúla (rCISG) a bhain méid suntasach páipéir den chóras agus a laghdaigh an t-ualach riaracháin orthu siúd a bhfuil oibleagáidí tuairiscithe orthu
- áis ar líne a fhorbairt a chuireann chumas ar cáiníocóirí creidmheasanna agus faoisimh cánach áirithe a éileamh i 'fíor-am' i.e. de réir mar a thabhaítear an costas
- gearrliostú na seirbhíse Custam RoRo do Ghradaim Sármhaitheasa agus Nuálaíochta na Státseirbhíse 2021 sa chatagóir 'Sármhaitheas Digiteach Chomhtháite'
- tacaíocht leanúnach do Bhonneagar Sonraí Náisiúnta na hÉireann (NDI) agus do phrionsabail na Sonraí Oscailte de réir na Straitéise Náisiúnta Sonraí Oscailte.

Dámhachtainí an CIO agus na gCeannairí TF

Fuair John Barron, Príomhoifigeach Faisnéise na gCoimisinéirí Ioncaim (CIO) an dámhachtain "CIO na Bliana don Rialtas/ Earnáil Phoiblí" i mí an Mhárta 2022.

Tá an reachtaíocht Cánach agus Custam agus na ceanglais riaracháin riachtanacha leathan agus casta, agus éilíonn siad seo réitigh agus seirbhísí sofaisticiúla TFC. Faoi cheannaireacht John, bhí príomhról ag Rannóg TFC na gCoimisinéirí Ioncaim i dtacú le misean na gCoimisinéirí Ioncaim trí Nua-Aoisíú ÍMAT, cianobair ar scála, scéimeanna fóirdheontais pá Covid agus córas lompórtála nua a sheachadadh chun tacú le riachtanais Breatimeacht. Chinntigh sé, trí infheistíocht straitéiseach leanúnach i gcumas TFC, gur féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim leanúint go héifeachtach lena gcuid oibre ríthábhachtach maidir le cánacha agus dleachtanna a bhailiú chomh maith le ról lárnach a imirt i seachadadh príomhthacaí gnó mar chuid den fhreagairt náisiúnta ar Phaindéim Covid-19.

Tá John ag maoirsiú treochlár tionscadal faoi láthair chun feidhmchláir agus comhpháirteanna ailtireachta a uasghrádú a thabharfaidh aghaidh ar phríomhrioscaí as feidhmiúlacht na teicneolaíochta, a laghdóidh costas úinéireachta stoic teicneolaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim agus a sholáthróidh feidhmiúlacht feabhsaithe agus taithí úsáideora d'fhostaithe agus do cháiníocóirí. Beidh an nuachóiriú teicneolaíochta seo ina thiománaí don athrú digiteach laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim amach anseo. Is mór an t-aitheantas é an dámhachtain seo ar an ról ríthábhachtach atá ag TFC chun na Coimisinéirí Ioncaim a choinneáil mar Phríomh-Riarachán Cánach agus Custaim.



Grianghraf: John Barron á bhronnadh lena ghradam ag Shane Heraty, stiúrthóir bainistíochta Cisco d'Éirinn agus d'Albain.

Tá triúr Coimisinéirí ar Bhord na gCoimisinéirí Ioncaim, arna gceapadh ag an Taoiseach, agus ceapann an tAire Airgeadais duine amháin acu mar Chathaoirleach. Tá freagracht reachtúil ar an mBord a chuid feidhmeanna a chur i gcrích. Cuireann ár struchtúir rialachais trédhearcacht chun cinn agus cinntíonn siad cuntasacht agus tá siad deartha le cur ar ár gcumas ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach, ár gcláir ghnó a sheachadadh ar bhealach cost-éifeachtach agus ár riachtanais rialála go léir a chomhlíonadh.

Tugtar ár *gCreat Rialachais Chorporáidigh*²⁸ cothrom le dáta go rialta agus foilsítear é ar ár suíomh idirlín. Leagann sé amach an creat chun ailíniú ceart ár struchtúr a chinntiú le straitéisí agus treo gnó, le fócas soiléir ar thrédhearcacht mhéadaithe agus ar mhaolú riosca. Socraíonn sé na luachanna, an fhealsúnacht, na cleachtais agus an cultúr comhroinnte laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim a chinneann, in éineacht lenár struchtúir agus ár socruithe oibre, conas a dhéanaimid ár misean a sheachadadh agus torthaí ardchaighdeán a chinntiú.

Foilsíodh ár *Ráiteas Straitéise 2021–2023*²⁹ i mí na Nollag 2020.

I rith 2021, rinne ár **gCoiste Bainistíochta Riosca** faireachán gníomhach agus nuashonrú ar ár *gCreat Riosca Chorporáidigh* lena chinntiú gur tógadh bearta cuí chun rioscaí a mhaolú a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ár gcuspóirí corporáideacha a bhaint amach. Méadaíodh an leibhéal rannpháirtíochta inár bpróiseas sainaitheanta agus measúnaithe riosca chun creat bainistíochta riosca níos éifeachtaí a sholáthar agus nasc feabhsaithe le bainistíocht riosca na rannóige. Bhí ionchur ag an gCoiste Bainistíochta Riosca i bPobal Leasa Bainistiú Riosca Fiontraíochta de chuid an Fhórais ar Chórais Riartha Cánach (FCRC) i rith 2021. Díríonn an pobal FCRC de chuid an OECD seo ar na rioscaí is mó do chórais riartha cánach anois agus amach anseo.

Tá an Bord tiomanta d'fheidhm **Iniúchta Inmheánaigh** ardchaighdeán a chothabháil agus a thacú. Is é an tAonad Iniúchta Inmheánaigh (IAU) a fheidhmíonn an fheidhm seo a oibríonn le húdarás díreach an Bhoird agus faoi mhaoirseacht agus treoir ghinearálta an Choiste Iniúcháireachta. Feidhmíonn IAU de réir na gCaighdeán Iniúchta Inmheánaigh arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun dearbhú neamhspleách oibiachtúil a sholáthar go ndéantar na córais, próisis agus nósanna imeachta atá mar bhonn agus thaca ag ár ngníomhaíochtaí a bhainistiú i gceart agus go héifeachtach, nó chun bearta ceartaitheacha a mholadh mar is cuí.

Mar bhonn eolais faoinár gclár iniúcháireachta inmheánaí tá ár gCruinne Iniúcháireachta Inmheánaí, an Clár Rioscaí Corporáideacha, Tosaíochtaí Corporáideacha Bliantúla agus *Ráiteas Straitéise*. In 2021, tugadh chun críche 21 n-iniúchadh, lena n-áirítear 11 n-iniúchadh inmheánach agus 10 n-iniúchadh athleantacha.

Déanann an **Coiste Iniúcháireachta** maoirsiú ar fheidhm na hIniúcháireachta Inmheánaí sna Coimisinéirí Ioncaim agus cuireann sé comhairle ar an mBord maidir lena feidhmiú agus a forbairt. Tuairiscíonn an Coiste don Chathaoirleach mar Oifigeach Cuntasaíochta agus déanann sé measúnú ar shocruithe rialachais a thugann comhairle agus treoir maidir leis na córais bhainistíochta riosca agus rialuithe inmheánacha. Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire in 2021.

Comhaltas an Choiste Iniúcháireachta

- John Murphy, Cathaoirleach an Coiste Iniúcháireachta, iar-Ard-Rúnaí na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

²⁸ <https://www.revenue.ie/ga/corporate/documents/governance/governance-framework.pdf>

²⁹ <https://www.revenue.ie/ga/corporate/documents/governance/sos-2021-2023.pdf>

- An tOllamh Barbara Flood, Ollamh Iomlán Cuntasaíochta, Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Helen Hall, Príomhfheidhmeannach, Údarás Póilíneachta
- An Dochtúir Paul Lyons, Ollamh Taca Cúnta, Scoil Ghnó na Tríonóide, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Gerard Moran, Rúnaí Cúnta, An Rannóg Beartas agus Reachtaíochta um Chánacha Indíreacha, na Coimisinéirí Ioncaim (go dtí Márta 2021)
- Declan Rigney, Rúnaí Cúnta, Rannóg Beartais agus Reachtaíochta Cánacha Pearsanta, na Coimisinéirí Ioncaim (ó Aibreán 2021).
- Tháinig an Dr Karen-Ann Dwyer, Ollamh Cúnta Cuntasaíochta, Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath isteach ar an gCoiste Iniúcháireachta i mí Eanáir 2022 agus tháinig sí in ionad an Ollaimh Barbara Flood.

Nochtaithe faoi Chosaint

Cothaíonn muid timpeallacht thacúil dár mbaill foirne chun cúiseanna inní a ardú maidir le héagóir nó éagóir fhéideartha san ionad oibre agus cuireann muid na tacaíochtaí riachtanacha ar fáil do bhaill foirne a n-ardaíonn fíorchúiseanna inní.

Ardaíodh dhá ábhar inní den sórt sin in 2021 faoin *'Beartas na gCoimisinéirí Ioncaim ar Thuairisciú ar Nochtadh Cosanta san Ionad Oibre'*³⁰. Rinne Grúpa Nochtadh Cosanta na gCoimisinéirí Ioncaim measúnú ar na hábhair inní seo agus rinneadh beart leantach cuí.

'Duine forordaithe' is ea ár Stiúrthóir Iniúcháireachta Inmheánaí chun nochtuithe cosanta a fháil ar ábhair a bhaineann le cánacha agus dleachtanna a mheasúnú, a bhailiú agus a bhainistiú. Fuair an Stiúrthóir Iniúchta Inmheánaigh aon nochtadh seachtrach déag in 2021.

Tá na Coimisinéirí Ioncaim ina mbaill de chlár *Ionracas ag an Obair* de chuid Trédhearcacht Idirnáisiúnta na hÉireann agus tá muid tiomanta d'ionad oibre eiteiciúil a chothú. In 2021, fuair 30 ball foirne oiliúint ar dhea-chleachtais maidir le déileáil le sceithireacht agus nochtaithe cosanta.

Eitic, Caighdeán agus Iompar

Cloíonn gach oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim leis na prionsabail, caighdeán agus luachanna atá leagtha amach in *Cód Eitice na gCoimisinéirí Ioncaim* agus *Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse*. I rith 2021, thug na Coimisinéirí Ioncaim a gCód Eitice cothrom le dáta chun soiléireacht bhreise a thabhairt dár bhfoireann maidir le caighdeán iompraíochta. In 2021, thólaic baill foirne ag leibhéal Príomhoifigigh Chúnta agus os a chionn, chomh maith le hoifigigh i bpoist shainithe áirithe, Ráiteas Leasanna faoi na hAchtanna um Eitic in Oifig Poiblí, 1995 agus 2001.

De réir Alt 6(4) den **Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015**, foilsítear ainmneacha, gráid agus sonraí gearra faoi ról/freagrachtaí na "nOifigeach Poiblí Ainmnithe" in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ar ár suíomh idirlín³¹.

Tá muid tiomanta dár n-oibleagáidí cosanta sonraí a chomhlíonadh agus próiseálfaidh muid sonraí pearsanta de réir na reachtaíochta um chosaint sonraí. Cosnaíonn muid sláine na sonraí a sholáthraíonn ár gcáiníocóirí agus tríú páirtithe dúinn. In 2021, lean muid le feasacht a mhéadú, agus comhlíontacht a fheabhsú, maidir leis an gcosaint sonraí i measc ár mball foirne.

³⁰ <https://www.revenue.ie/ga/corporate/statutory-obligations/protected-disclosures/protected-disclosure.pdf>

³¹ <https://www.revenue.ie/ga/corporate/statutory-obligations/regulation-of-lobbying-act/designated-officers.aspx>

Áiríodh leis seo bearta le glacadh chun slándáil sonraí a chosaint i dtimpeallacht chianoibre.

Tá ár **nOifig Clár-Bhainistíochta (PMO)** freagrach as cinntiú go nglactar le cur chuige leanúnach rialachais ar fud gach tionscadal TF. Is struchtúir ar leibhéal tionscadail iad an Bord Tionscadail agus an Coiste Stiúrtha atá freagrach as an gcur chuige seo a chomhlíonadh, agus cinntítear dá réir go ndéantar monatóireacht agus tuairisciú cruinn ar thionscadail TFC le himeacht ama.

Saoráil Faisnéise (SF).

In 2021, fuaireamar 205 iarraidh ar SF (Tábla 28) agus leanaimid ag oibriú leis an An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le hoibriú éifeachtúil agus éifeachtach an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014 sna Coimisinéirí loncaim a chinntiú.

I mí Mheán Fómhair 2021, d'fhógair an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Michael McGrath, T.D., go bhfuarthas faomhadh na Comh-Aireachta le haghaidh athbhreithniú ar an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Cuireadh tús leis an bpróiseas athbhreithnithe sa ráithe dheireanach de 2021, agus táthar ag súil le obair thaighde a thabhairt chun críche faoi lár na bliana 2022. Cuirfear tuarascáil, mar aon le moltaí faoi bhráid an Rialtais agus foilseofar iad ag an bpointe sin. Mar chomhlacht um SF faoin Acht, tá na Coimisinéirí loncaim ag plé go hiomlán leis an bpróiseas athbhreithnithe.

Gearáin

Féadfaidh cáiníocóirí atá míshásta leis an láimhseáil a dhéanann na Coimisinéirí loncaim ar a ngnóthaí cánach iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar a gcás, bíodh sé go himmheánach ag oifigeach sinsearach de chuid na gCoimisinéirí loncaim, nó ag Athbhreithneoir Seachtrach. In 2021, glacadh le 5 iarratas ar athbhreithniú inmheánach, agus glacadh le 17 n-iarratas ar athbhreithnithe seachtracha (Tábla 29). Thug an tOmbudsman 25 gearán maidir leis na Coimisinéirí loncaim chun críche (Tábla 30).

Coistí Oireachtais

In 2021, tháinig an Cathaoirleach agus oifigigh eile de chuid na gCoimisinéirí loncaim os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí agus an Chomhchoiste agus an Roghchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach.

Ina theannta sin, tháinig Gerry Harrahill, an Coimisinéir loncaim agus an tArd-Stiúrthóir Custaim, os comhair an Chomhchoiste um Líonraí Iompair agus Cumarsáide agus Roghchoiste an tSeanaid um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

Ábhair Eile Rialachais

Tá muid comhlíontach leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 (Tábla 31). Foilsítear ár dTuairisceáin ar Íocaíochtaí Prasa ar ár suíomh idirlín. Rinneadh díreach os cionn 93% de na híocaíochtaí uile taobh istigh de 15 lá.

Sholáthair muid freagraí ar 900 Ceist Pharlaiminteach agus d'fhreagair muid 639 Uiríoll ó Ionadaithe Poiblí.

Athruithe Ardbhainistíochta

Tar éis chomórtais an Choimisiúin um Cheapacháin Ardleibhéil (TLAC), rinne an tAire Airgeadais, Paschal Donohoe, T.D. ceapacháin chuig trí phost ar Leibhéal Rúnaí Cúnta in 2021:

- tar éis a ceapacháin ar an 19 Márta 2021, sann an Bord Maura Kiely mar Aturnae de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim
- tar éis a ceapacháin ar an 6 Iúil 2021, sann an Bord Ruth Kennedy chun Rannóg na gCánacha Pearsanta
- tar éis a ceapacháin ar an 13 Iúil 2021, sann an Bord Lynda Slattery chun Rannóg Imscrúduithe, Ionchúiseamh agus Bainistíochta Teorann.

Tar éis próisis Soghluaisteachta Sinsearach sa tSeirbhís Phoiblí, chuaigh Deirdre Hanlon isteach sna Coimisinéirí Ioncaim ón Roinn Iompair, agus thosaigh sí ag obair mar Rúnaí Cúnta san Rannóg Beartais agus Reachtaíochta Cánacha Indíreacha ar an 1 Bealtaine 2021.

Chuaigh Gerard Moran, Rúnaí Cúnta, ar scor ar an 21 Bealtaine 2021.

Coiste Bainistíochta na gCoimisinéirí Ioncaim ag Leibhéal an Rúnaí Chúnta



John Barron
Rannóg na
Teicneolaíochta
Faisnéise,
Cumarsáide agus
Lóistíochta

Freagrach as soláthar seirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide atá slán, iontaofa agus ar ardchaighdeán, chomh maith le nuálaíocht, oiriúnacht agus dul chun cinn nua sa teicneolaíocht. Freagrach freisin as bainistiú agus seachadadh na seirbhísí lóistíochta atá lárnach i reáchtáil na gCoimisinéirí Ioncaim.



Brian Boyle
Rannóg an Ard-
Chuntasóra & na
Pleanála Straitéisí

Freagrach as formhaoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar fheidhmiú polasaithe gnó agus as monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí comhlíontachta náisiúnta cánach. Áirítear ar na freagrachtaí freisin tomhas agus tuairisciú feidhmíochta, staitisticí agus taighde eacnamaíoch. Freagrach chomh maith as bainistíocht airgeadais agus eolais, feidhmeanna baincéireachta, feidhmeanna cumarsáide agus bainistíochta saineolais.



Noel Brett
Rannóg na
gCánacha Gnó

Freagrach as bainistiú agus forbairt feidhmeanna seirbhíse, comhlíontachta agus iniúchóireachta d'eintitis atá cláraithe le haghaidh CBL, CCI, Custaim agus Mál. Freagrach chomh maith as eintitis ceadúnais máil le hioncam trádála nó gairmiúil, Stiúrthóirí Dílseánaigh agus Fo-Chuideachtaí/ Máthairchuideachtaí cuideachtaí sa Rannóg Gnó



Orla Campbell
Rannóg na Seirbhísí
Corparáideacha

Freagrach as straitéisí bainistíochta acmhainní daonna na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear pleanáil an fhórsa saothair, earcaíocht, oiliúint agus forbairt cumais, forbairt eagraíochtúil, bainistíocht buiséid riaracháin, iniúchóireacht inmheánach, rialachas, comhlíontacht eolais agus athchóiriú corparáideach.



Florance Carey
An Rannóg Custam

Freagrach as an reachtaíocht Custam agus córais a fhorbairt agus as cinntiú go bhfeidhmítear rialuithe custam. Freagrach chomh maith as tionchar a imirt ar fhorbairt an pholasaí AE ar gach ní a bhaineann le custaim, lena n-áirítear feidhmiú Chód Custam an Aontais (AE) agus as ionadaíocht a dhéanamh ar na Coimisinéirí Ioncaim agus ar leasanna na hÉireann ag fóraim éagsúla idirnáisiúnta.



Eugene Creighton
Rannóg na
gCorparáidí Móra

Freagrach as feidhmeanna bainistíochta agus forbartha seirbhísí, comhlíontachta agus iniúchóireachta do na custaiméirí gnó is mó sa Stát agus freagracht as earnálacha iomlána áirithe, amhail baincéireacht, árachas, léasú aerárthaigh, 'comhlachtaí faoi Alt 110' agus cistí infheistíochta. Freagrach chomh maith as cur i gcoinne idirbhearta seachanta cánach corparáide lena n-áirítear praghsáil aistrithe drochúsáide.



Jeanette Doonan
Rannóg an
Bheartais agus
na Reachtaíochta
Cánacha Gnó

Freagrach as feidhmeanna beartais, reachtaíochta agus mínitheacha maidir le cáin gnóthachan caipitiúil (CGC), cáin chorparáide, dreasachtaí, seirbhísí airgeadais agus cánacha eile gnó.



Orla Fitzpatrick
An Rannóg Fiontar
Meánmhéide

Freagrach as bainistiú agus forbairt na bhfeidhmeanna seirbhíse, comhlíontachta agus iniúchóireachta le haghaidh fiontar mheánmhéide agus Stiúrthóirí Dílseánaigh agus Fochuideachtaí/Máthairchuideachtaí ar chuideachtaí na Rannóige Fiontar Meánmhéide, Ranna Rialtais agus Comhlachtaí Poiblí. Freagracht náisiúnta as seachadadh Sheirbhís Theicniúil na gCoimisinéirí Ioncaim (RTS).



Deirdre Hanlon
An Rannóg Beartais
agus Reachtaíochta
Cánacha Indíreacha

Freagrach as rannchuidiú na gCoimisinéirí Ioncaim le forbairt bheartas agus reachtaíocht chánach indíreach ag leibhéal náisiúnta agus AE agus as riarachán éifeachtach agus éifeachtúil CBL agus na ndleachtanna Máil éagsúla a éascú.



Joe Howley
**Rannóg an Ard-
Bhailitheora**

Freagrach as cánacha a bhailiú agus cláir bhainistíochta fiachais a fheidhmiú, lena n-áirítear idirghabhálacha cuí chun comhlíontacht thráthúil a uasmhéadú. Freagrach chomh maith as bearta forfheidmithe fiachais in aghaidh iad siúd a loiceann a bheith comhlíontach.



Ruth Kennedy
**Rannóg na
gCánacha
Pearsanta**

Freagrach chomh maith as feidhmeanna bainistíochta agus forbartha seirbhísí, comhlíontachta agus iniúchóireachta do dhaoine aonair nach bhfuil ach ioncam ÍMAT acu nó a bhfuil ioncam neamhthrádála féinmheasúnaithe/ gairmiúil acu; agus eintitis eile amhail iontaobhais, carthanais agus comhlachtaí spóirt. Freagrach chomh maith as comhordú seirbhísí Gaeilge.



Maura Kiely
**Rannóg Dhlíodóirí
na gCoimisinéirí
Ioncaim**

Freagrach as seirbhísí cuimsitheacha tacaíochta dlí a chur ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim lena n-áirítear maidir le dlíthíocht agus achomhairc a dhéanamh agus in ionchúiseamh cionta coiriúla



Eamonn O'Dea
**Rannóg na
gCánacha
Idirnáisiúnta**

Freagrach as rannpháirtíocht idirnáisiúnta (déthaobhach, AE agus nithe a bhaineann leis an OECD) ar bheartas cánachais dhírigh agus ar ábhair oibríochtúla lena n-áirítear idirbheartaíocht a bhaineann le praghsáil aistriithe agus malartú faisnéise le húdaráis chánach eile. Freagrach freisin as monatóireacht agus nuashonrú a dhéanamh ar líonra conarthaí cánach na hÉireann.



Declan Rigney
**An Rannóg Beartais
agus Reachtaíochta
Cánacha Pearsanta**

Freagrach as beartas cánach pearsanta agus cánacha caipitiúla a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta agus an AE agus as bainistiú a dhéanamh ar fheidhmeanna beartais, reachtaíochta agus léirmhínte do chánacha pearsanta agus caipitil (gan cáin ghnóthachan caipitiúil a áireamh).



Breda Ruddle
**An Rannóg
Cásanna Móra
– Daoine Aonair
Ardrachmais**

Freagrach as bainistiú agus forbairt na bhfeidhmeanna seirbhíse, comhlíontachta agus iniúchóireachta do na daoine is saibhre sa Stát, scéimeanna pinsin/árachais agus cistí scoir. Freagrach chomh maith as cur i gcoinne idirbhearta seachanta cánach leis an Riail Ghinearálta um Fhrith-Sheachaint.



Lynda Slattey
**An Rannóg
Imscrúdaithe,
Ionchúisimh &
Bainistíochta
Teorainneacha**

Freagrach as feidhm imscrúdaithe choiriúil na gCoimisinéirí Ioncaim a threorú, sábháilteacht agus slándáil iomlán an tslabhra soláthair a chinntiú, teorainneacha seachtracha an AE a bhainistiú agus toirmisc agus srianta ar an leibhéal náisiúnta a chur i bhfeidhm. Freagrach freisin as feidhmeanna imscrúdaithe náisiúnta na gCoimisinéirí Ioncaim agus as stiúradh oibríochtaí ábhartha atá dírithe ar chalaois trasteorann, smuigleáil drugaí agus atreorú earraí inchánach.

Bainistíocht Airgeadais


Gach bliain, déanann na Coimisinéirí Ioncaim an Cuntas ar Fháiltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim agus an Cuntas Leithreasa ar chaiteachas Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, a ullmhú agus a thíolacadh lena n-íniúchadh.

Cuirtear an 'Cuntas ar Fháiltas Ioncaim an Stáit' iniúchta arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain 2021 faoi bhráid an Oireachtais i gcomhthráth leis an Tuarascáil Bhliantúil. Tá figiúirí na bhfáiltas comhlán agus glan ón Státchiste agus Neamh-Státchiste ar fáil ag Táblaí 1 agus 2 faoi seach sa tuarascáil seo.





Tá an Cuntas Leithreasa maidir leis an tsuim a chaith na Coimisinéirí Ioncaim i leith tuarastail agus costais sa bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2021 curtha faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste taobh istigh den amlíne reachtúil. De réir Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, foilseofar an cuntas iniúchta faoi Mheán Fómhair mar chuid den Tuarascáil maidir le cuntais na Seirbhísí Poiblí. Foilseofar an cuntas agus beidh fáil air ag **www.audgen.gov.ie**. Dá réir, is figiúirí sealadacha iad na figiúirí dá ndéantar tagairt thíos agus tabharfar chun críche iad ar chríochnú an iniúchta ar Chuntas Leithreasa na gCoimisinéirí Ioncaim ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Feidhmíocht Airgeadais

In 2021, ba ionann €488.7 milliún agus caiteachas na gCoimisinéirí Ioncaim ar riar agus bailiú cánacha agus dleachta, agus ar bhainistíocht teorann. Tháinig cuid den chaiteachas seo ó fháltais Leithreasáí i gCabhair ar luach €56.7 milliún, a fuarthas ó sheirbhísí maidir le ÁSPC den chuid is mó, chomh maith le sciar de na dleachtanna Custam a bailíodh ón Údarú Aonair do Nósanna Imeachta Simplithe (SASP). Tá barrachas sealadach deireadh bliana ar luach €9.3m i gceist mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19.



Cuntas ar Fháiltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021



**Ábhar
Leathanach**

Ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta ar Rialú Inmheánach Airgeadais	79 - 83
Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	84 - 85
Beartais Chuntasaíochta	86 - 88
Cuntas ar Fháiltas agus Diúscairt an Ioncaim a bailíodh	89
Ráiteas Iarmhéideanna	90
Nótaí leis na Cuntais	91 - 95

Ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an Oifig. Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na n-oibleagáidí eile atá orm mar Cheannasaí Oifige. Freisin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a aimsiú in am trátha. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Is mar seo a leanas atá an suíomh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta um riarachán, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht um Rialú Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na heilimintí seo a leanas ann:

- Déantar freagrachtaí airgeadais a shannadh ag leibhéal bainistíochta leis an gcuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus a chinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chomhlíonadh.

Rialúcháin Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas:

- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig chun rioscaí féideartha a aithint agus chun a chinntiú go bhfuil straitéis maolaithe chuí i bhfeidhm. I measc na maoluithe a úsáidtear chun riosca a bhainistiú tá:
 - Struchtúir rialachais na gCoimisinéirí Ioncaim.
 - Scanadh timpeallachta lena chinntiú go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoi na tionchair a mbíonn éifeacht acu ar riosca.
 - Pleanáil straitéiseach/gnó comhtháite agus creat bainistíochta riosca lena n-áirítear measúnú ar riosca ag leibhéal na heagraíochta, na Rannóige agus na mBrainse.
 - Creat bainistíochta tionscadal láidir agus comhtháite a chur i bhfeidhm do gach tionscadal suntasach.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na bhfeidhmchlár TFC a áirithiú, go háirithe maidir le cibearbhagairtí agus ionsaithe mailíseacha.

Iniúchóireacht Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig a bhfuil pearsanra aige atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir Cairt Iniúchóireachta Inmheánaí scríofa fhoirmiúil. Bonn eolais dá chuid oibre is ea an anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Oifig neamhchosanta orthu, agus tá a chuid pleananna

iniúcháireachta inmheánaí, arna gceadú agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúcháireachta an fheidhm iniúcháireachta inmheánaí a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaigh.

Creat Riosca agus Rialaithe

Feidhmíonn an Oifig seo córas bainistíochta riosca Corparáideach a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá Clár Riosca Corparáideach i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Oifig seo. Déantar cur síos, luacháil agus grádú ar na rioscaí seo de réir a dóchúlachta agus a dtionchar. Sonraítear sa chlár rioscaí na gníomhartha a theastaíonn chun na rioscaí a mhaolú agus tá siad seo comhtháite isteach i bpróiseas pleanála straitéisí agus gnó na gCoimisinéirí loncaim.

Tugadh isteach feabhsúchán ar an gcóras bainistíochta riosca i R3 2021. Faoi shocruithe nua, tuairiscíonn na Rannóige go ráithiúil ar éifeachtacht na rialuithe ar ghníomhartha maolaithe agus leibhéil riosca iarmharacha tar éis an mhaolaithe. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca (CBR) athbhreithniú ar na tuarascálacha seo, agus déanann an Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) an Clár Riosca Corparáideach a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Cuireann an Coiste san áireamh freisin an t-aiseolas a fhaightear ó bhainistíocht na Rannóige agus iad ag cinneadh ar cheart athruithe a dhéanamh ar an tosaíocht nó ar rangú riosca agus cuireann sé aiseolas ar fáil do na Rannóige ar a dtuarascálacha ráithiúla. Soláthraíonn an próiseas seo go n-aithnítear ardú riosca, go n-athbhreithnítear é, go dtuairiscítear agus go gcuirtear san áireamh é sa Chlár Riosca Corparáideach. Cuireann Cathaoirleach an CBR Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht Riosca Corparáideach faoi bhráid Bhord na gCoimisinéirí loncaim a leagann amach gníomhaíochtaí an CBR i rith na bliana roimhe sin agus a chinntíonn go gcloítear leis an mbeartas bainistíochta riosca sna Coimisinéirí loncaim.

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí i bhfeidhm le freagracht as maoirsiú a dhéanamh ar straitéis agus cur i bhfeidhm cosanta sonraí na gCoimisinéirí loncaim, lena n-áirítear comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta ar Chosaint Sonraí (RGCS) agus tacaíonn Aonad Cosanta Sonraí leis.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd freagrach as gníomh ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don CCB, nuair is cuí, in am is i dtráth. Deimhním gur aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus tuairisc a thabhairt ar aon easnaimh a aithníodh.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig seo chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus tá an bhainistíocht shinsearach laistigh den Oifig seo freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú inmheánach airgeadais.

Taiscí Cánach Neamh-Leithdháilte (UTD)

Áiríonn an t-iarmhéid UTD de €85.4m (nóta 10) €32.5m measta i socraíochtaí cánach iniúchta a leithdháileadh ar thaifid na gcáiníocóirí ach amhail ar an 31 Nollaig 2021 nár leithdháileadh ar fháltais cheannteidil chánach mar thoradh ar moille maidir le nuashonrú córais a dhéanamh. Áireofar na socraíochtaí sin sna hadmhálacha ceannteideal cánach in 2022.

Saincheisteanna um Rialú Inmheánach Airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2021 a raibh nó a bhféadfaidh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh air.

Tionchar Leanúnach Phaindéime Covid-19

Bhí dúshlán shuntasacha fós ag baint le paindéim Covid-19 do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus do na Coimisinéirí Ioncaim. Leanadh ar aghaidh le cianobair le linn 2021 do thart ar 4,500 den 7,000 ball foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Le tiomantas agus rannpháirtíocht fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim, thug sé seo deis do na Coimisinéirí Ioncaim seachadadh rathúil ár bpríomhchlár gnó a choinneáil agus leanúint ar aghaidh lenár ról breise maidir le scéimeanna tacaíochta Covid a riar. Tá sé beartaithe go dtabharfar isteach socruithe foirmiúla oibre cumaisc le linn 2022.

Tá athbheithniú déanta ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ar a thimpeallacht rialaithe chun tionchar Covid-19 a chur san áireamh agus tá sé sásta go bhfuil an creat oibre riosca agus rialaithe láidir a dhóthain chun freagairt d'aon leibhéal méadaithe riosca a bhféadfaidh eascairt as.

Scéimeanna Tacaíochta Gnó Covid-19

Lean na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh ag baint úsáide as a mbonneagar ardteicneolaíochta agus as a n-acmhainní láidre oibriúcháin agus bainistíochta tionscadail chun raon na scéimeanna fóirdheontais agus tacaíochta a thug an Rialtas isteach chun tacú le gnólachtaí cáin-chomhlíontacha agus a gcuid fostaithe a bhainistiú le linn na tréimhse deacra seo. Lean na Coimisinéirí Ioncaim leis an Scéim Fóirdheontas Pá Fostaíochta Covid (SFPF) agus leis an Scéim Tacaíochta Srianthaí Covid (STSC) agus tugadh isteach an Scéim Tacaíochta Atosaithe Gnó (STAG) le linn 2021. Chinntigh na scéimeanna seo gur cuireadh íocaíochtaí rithabhachtacha tacaíochta ar fáil d'fhostóirí, d'fhostaithe agus do ghnólachtaí.

Bhain bainistíocht ar shuímeanna suntasacha le riar na scéimeanna maoinithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, agus bhí iomlán de €4.6 billiún íoctha i leith an SFPF go dtí deireadh 2021. Is i gCuntas Leithreasa 2021 na gCoimisinéirí Ioncaim a thabharfar cuntas ar aon iarmhéid atá dlite do nó ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Idirghabhálacha Iniúcháireachta agus Comhlíontachta

Mar fhreagra do Covid-19, chuir na Coimisinéirí Ioncaim gníomhaíochtaí iniúcháireachta agus idirghabhálacha comhlíontacha eile ar áitreabh na gcáiníocóirí ar fionraí ó mhí an Mhárta 2020. Nuair ab fhéidir, lean na Coimisinéirí Ioncaim de bheith i dteagmháil le gnóthaí chun idirghabhálacha a bhrú chun cinn trínár dtairseach M'Fhiosruithe nó ar an bhfón. D'ullmhaigh na Coimisinéirí Ioncaim treoirlínte chun idirghabhálacha comhlíontachta a reáchtáil ó chian le linn phaindéim Covid-19, agus comhairle sláinte poiblí fhoilsithe an Rialtais curtha san áireamh. Amhail Márta 2022, ní raibh aon athrú ar an gcur chuige iomlán agus leantar le hidirghabhálacha a dhéanamh go cianda don chuid is mó. Faoi réir comhairle sláinte poiblí, tá na Coimisinéirí Ioncaim ag súil le bogadh go leibhéal méadaithe gníomhaíochta ar an láthair in 2022 ag féachaint do na ceachtanna a foghlaimíodh maidir le hiompar cian-idirghabhálacha le linn na paindéime.

In ainneoin na timpeallachta oibriúcháin dhúshlánacha, leanadh le gníomhaíocht chomhlíontachta maidir le gach earnáil den gheilleagar agus chuir na Coimisinéirí Ioncaim 463,814 idirghabháil comhlíontachta i gcrích le toradh de €1.39 billiún. Ba ionann é seo agus laghdú i líon na n-idirghabhálacha ó 595,143 in 2020 ach méadú sa toradh ó €487.4 milliún. Bhí tionchar suntasach ag líon beag idirbheart ardluacha ar thorthaí 2021.

Le linn 2021, thug na Coimisinéirí Ioncaim faoi chur chuige ilghnéitheach maidir le seiceálacha comhlíontachta chun sláine an SFPF a chosaint. Áiríonn sé seo seiceáil córasach fíor-ama ar éileamh ó fhostóirí a bhaineann leas as an scéim agus crostagairt a dhéanamh ar éilimh i gcoinne foinsí sonraí eile de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim chun aimhrialtachtaí nó treoachtaí ar gá aird a thabhairt orthu a aithint. Ní hamháin gur aithin na próisis seo rioscaí mí-úsáide na scéime, ach freisin chinntigh fostóirí a dteidlíocht cheart don SFPF. Go dtí deireadh 2021, bhí idirghabhálacha a bhain leis an SFPF tugtha chun críche ag na

Coimisinéirí Ioncaim maidir le 3,500 fostóir, ag forchúiteamh €19.2 milliún d'fhóirdheontais.

Mar an gcéanna, rinneadh sraith de sheiceálacha córasacha fíor-ama ar chomhlíonadh nuair a chuir gnólachtaí a n-éilimh isteach faoi na scéimeanna STSC agus STAG.

Tacaíochtaí Gnó eile maidir le Covid-19

Lean na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh ag cur raon beart ar fáil freisin chun tacú le gnólachtaí atá ag fulaingt ó shreabhadh airgid nó deacrachtaí trádála, lena n-áirítear trí fhiach a stóráil, ús ar íocaíochtaí déanacha a chur ar fionraí, agus gníomhaíocht forfheidhmithe bailiúcháin a chur ar fionraí.

Maidir leis an Scéim Stórasaithe Fiachais Cánach, chuir an Rialtas síneadh leis an tréimhse inar féidir dliteanais chánach ábhartha a stórasú go dtí an 30 Aibreán 2022 do ghnóthais a bhfuil tionchar ag na srianta sláinte poiblí a tugadh isteach i mí na Nollag 2021 i bhfeidhm orthu. Mar thoradh air sin, fanfaidh fiacha cánach na gnólachtaí seo “páircáilte” ar bhonn saor ó ús go dtí 30 Aibreán 2023. Dóibh siúd nach bhfuil cáilithe don síneadh ama, fanfaidh fiachas cánach “páircáilte” go dtí 31 Nollaig 2022. Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí breis agus 98,000 custaiméir aonair ag baint leasa as an tsaoráid Stórasaithe Fiachais maidir le fiacha cánach arbh fhiú €2.9bn san iomlán iad.

I mí an Mhárta 2020, ag tús na paidéime, glacadh cinneadh stádas imréitigh cánach gach gnóthas a raibh imréiteach cánach acu ag an bpointe sin a choinneáil agus na próisis athbhreithnithe agus athnuachana tréimhsiúla a bheadh i bhfeidhm i ngnáthchúinsí a chur ar fionraí.

Le linn 2021, áfach, rinne na Coimisinéirí Ioncaim dhá fheachtas spriocdhírthe imréitigh cánach maidir le gnólachtaí a bhí ag éileamh SFPF agus/nó STSC chun a chinntiú go raibh na gnólachtaí sin ag leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh a n-oibleagáidí tuairisceáin chánach a dhéanamh. Tá sé beartaithe tús a chur le hathbhreithnithe tréimhsiúla rialta ar imréiteach cánach ar bhonn céimnithe le linn 2022. Le tionchar COVID-19 agus fionraí na gníomhaíochta forghníomhaithe fiachais, dhírigh na Coimisinéirí Ioncaim ar thacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí agus do dhaoine aonair. De réir mar a thagann an geilleagar ar ais ó thionchair na paidéime, tá ár gcur chuige riosca-bhunaithe i leith fiacha á leathnú go hincriminteach chun díriú ar na gnólachtaí sin nach bhfuil ag dul i ngleic lena n-oibleagáidí, go háirithe iad siúd a oibríonn sna hearnálacha nach raibh tionchar mór ag COVID-19 orthu agus iad siúd a bhfuil comharthaí suntasacha téarnaimh iarphaindéimeach orthu anois.

Rialuithe Custam

D'aithin Coimisiún an AE patrún calaoise uile-Aontais arb éard é iompórtálacha teicstílí agus coisbhirt ó Dhaon-Phoblacht na Síne ar luach a bhí ró-íseal agus ba chúis le cailteanas córasach acmhainní dílse traidisiúnta (TOR) thar roinnt blianta. Ag baint úsáide as modh staidrimh, ríomh an Coimisiún cailteanas TOR na hÉireann ag €30.4m nó 0.69% de na cailteanas a tabhaíodh ar leibhéal an AE28. Rinne Éire, tríd an Roinn Airgeadais íocaíocht de €30.4m mar chúlchiste an 30 Iúil 2021 tar éis cuireadh a fháil ó Choimisiún an AE carnadh úis ar íocaíocht dhéanach a sheachaint a bhaineann le cailteanas measta acmhainní dílse traidisiúnta maidir le hiompórtálacha teicstílí agus coisbhirt nach bhfuil mórán luach orthu ó Dhaon-Phoblacht na Síne.

I mí an Mhárta 2022, chinn an Chúirt Bhreithiúnais gur mhainnigh an Ríocht Aontaithe a hoibleagáidí a chomhlíonadh maidir le rialú custaim agus infhaighteacht acmhainní dílse an AE trí theip ar na bearta is gá a ghlacadh chun calaois a chomhrac maidir le hiompórtálacha teicstílí agus coisbhirt nach bhfuil mórán luach orthu ón tSín. Dhiúltaigh an Chúirt go páirteach do ríomh an Choimisiúin, ag cinneadh nár bhunaigh an Coimisiún na méideanna iomlána don chaighdeán dlíthiúil riachtanach. D'fhormheas an Chúirt, áfach, an modh a d'úsáid an Coimisiún chun meastachán a dhéanamh ar mhéid na gcaillteanas acmhainní dílse traidisiúnta ar feadh cuid den tréimhse sáraithe, ó tharla go bhfuil an modh sin beacht agus iontaofa a dhóthain lena áirithiú nach mbeidh rómheastachán soiléir ar mhéid na gcaillteanas mar thoradh air.

Táthar ag súil anois go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú ar dhliteanas gach Ballstáit, agus cinneadh na cúirte agus ranníocaíochtaí OIN á gcur san áireamh. Go dtí seo ní bhfuair Éire aon chomhfhreagras breise ón gCoimisiún faoin ábhar. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur luaigh an Coimisiún ina litir an 7 Bealtaine 2021 go raibh i bhfad níos mó ná 0.69% de na cailteanas iomlána clúdaithe ag Éirinn trína ranníocaíochtaí

bunaithe ar OIN, rud a thug cúiteamh ar chaillteanais TOR a tabhaíodh i mBallstáit eile. Mar sin laghdófar na glan-ranníocaíochtaí ó Éirinn le buiséad an AE agus féadfar an caillteanas TOR seo a chlúdach cheana féin trínár ranníocaíochtaí OIN.

Tar éis cigireacht de chuid Choimisiún an AE ar Acmhainní Dílse Traidisiúnta (TOR) a rinneadh in Éirinn, dúirt an Coimisiún nach ráthaíonn an córas aisíocaíochta uathoibríthe go gcosnófar leas airgeadais an AE. Ar an 2 Márta 2022 chuir Seirbhísí an Choimisiúin in iúl d'Éirinn i scríbhinn go bhfuil an nós imeachta inmheánach seolta acu roimh imeachtaí sáraithe féideartha. Déanfar athbhreithniú ar an gcéad chomhfhreagras eile ón gCoimisiún, nuair a gheofar é.

An Breatimeacht

Ón 1 Eanáir 2021, tá trádáil leis an Ríocht Aontaithe, gan Tuaisceart Éireann san áireamh, á seoladh bunaithe ar Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an AE agus an Ríocht Aontaithe (TCA). Ciallaíonn sé seo go bhfuil gach earra a thagann ón mBreatain Mhór nó a théann chuig an mBreatain Mhór faoi réir fhoirmiúlachtaí Custam anois. Áirítear leis sin an ceanglas maidir le dearbhuithe Custaim, íocaíocht taraifí (i gcás inarb infheidhme) agus rialuithe doiciméadacha nó fisiceacha a d'fhéadfadh a bheith ann.

Bhí méadú suntasach ar ghníomhaíocht thar gach gné d'obair Chustaim mar thoradh air seo. In 2020, chuir 15,858 gnóthas nósanna imeachta imréitigh iompórtálacha i gcrích. Mhéadaigh sé seo go 46,256 gnó in 2021. Maidir le heaspórtálacha, tháinig méadú ó 5,487 in 2020 go 12,200 in 2021 ar líon na ngnóthas a thug faoi nósanna imeachta easpórtála. Bhí méadú freisin ar dhearbhuithé Custaim, ó thart ar 1m dearbhú iompórtála in 2020 go 27.1m in 2021. Mhéadaigh dearbhuithe easpórtála ó 900,000 in 2020 go 2.5m in 2021. Sa bhliain 2021 éascaíodh beagnach 397,000 iompórtáil agus 375,000 gluaiseacht lasta easpórtáil chuig an RA agus uaithi.

Cé go bhforálann CTC an AE–Ríocht Aontaithe do taraifí nialasacha ar gach iompórtáil de bhunadh na Ríochta Aontaithe chuig an AE, ní cháileoidh gach earra a thagann ón Ríocht Aontaithe mar earra de bhunadh na Ríochta Aontaithe. Ciallaíonn sé seo go bhfuil taraifí iníoctha i leith roinnt earraí a thagann ón Ríocht Aontaithe. Chuir sé seo leis an méadú 90% ar an méid Dleachta Custam a bailíodh, ó €273 milliún in 2020 go €520 milliún in 2021. B'éigean earcaíocht agus ath-imlonnú suntasach d'fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim de bharr na n-athruithe seo. Sa tréimhse ó 2017 go 2019, sannadh tuairim is 600 ball foirne breise do ról Chustaim, arna n-imscaradh thar raon feidhmeanna, agus sannadh a bhformhór do ghníomhaíochtaí éascaithe trádála iompórtáil agus easpórtáil. Oibríonn an fhoireann ag na príomhchalafoirt, aerfoirt agus ionaid beartán ar bhonn 24/7.



Niall Cody
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

21/04/2022



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste **Comptroller and Auditor General**

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Cuntas ar Fháltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim

Tuairim ar an gcuntas

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas ar fháltais ioncaim an Stáit a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain 2021 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Alt 3(7) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Tá an cuntas comhdheánta den mhéid seo a leanas

- an cuntas ar fháltas agus ar dhiúscairt an ioncaim a bailíodh
- an ráiteas ar iarmhéideanna, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta suntasacha.

Is é mo thuairim go dtugann an cuntas léargas ceart ar fháil agus ar dhiúscairt an ioncaim a bailíodh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 agus na hiarmhéideanna iarmharacha ar an dáta sin.

Bonn tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAs) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na bhForas Iniúchóireachta Uachtarach. Tá cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar na Coimisinéirí Ioncaim agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam chun bonn a chur le mo thuairim. Glacaim dearbhú freisin ó mo scrúduithe ar chórais bhailithe na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas an cuntas, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag na Coimisinéirí Ioncaim in éineacht leis an gcuntas. Cuimsíonn sé seo an tuarascáil bhliantúil agus an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais. Tá cur síos déanta san aguisín don tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí tuairisciú a dhéanamh i leith faisnéis den chineál sin, agus ar ábhair eile a ndéanaim tuairisciú orthu mar eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Aibreán 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá na Coimisinéirí Ioncaim freagrach as an méid seo a leanas:

- ullmhú an chuntais bhliantúil
- a chinntiú go dtugann an cuntas léiriú ceart ar fháil agus ar dhiúscairt an ioncaim a bhailítear
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chinneann siad is gá chun gur féidir cuntas a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Iarrtar orm, faoi Alt 3(7) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 (An tAcht) iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas ar fháltas ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim agus tuairisciú a dhéanamh ina leith do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a thabhairt i leith cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina iomláine saor ó mhíríteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na ISAs míráiteas ábhartha i gcónaí nuair atá sé ann. Féadfaidh sé go dtagann míraithe aníos de dheasca calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha, más rud é, ina n-aonair nó ina gcomh-iomláine, go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go n-imreodh siad tionchar ar chinntí eacnamaíocha arna ndéanamh ag úsáideoirí ar bhonn an chuntais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gcaighdeán ISA, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Aithníim agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha i leith an chuntais, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus cuirim i gcrích nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach ar na rioscaí sin; agus fianaise iniúcháireachta a fháil atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a chur le mo thuairim. Tá riosca níos airde i gceist le gan míráiteas ábhartha a bhrath nuair is de dheasca calaoise atá sé seachas de dheasca earráide, ar an ábhar go bhféadfaidh sé go bhfuil claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomh intinneach, mífhaisnéis, nó sárú rialaithe inmheánaigh i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá cuí don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach ní d'fhonn tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasafóchta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasafóchta agus na nochduithe gaolmhara.
- Déanaim meastóireacht ar an gcur i láthair foriomlán, struchtúr agus ábhar an chuntais, na nochduithe san áireamh, agus cibé acu an léirítear i gceart sa chuntas na hidirbhearta agus imeachtaí foluiteacha.

Déanaim teagmháil leo siúd a bhfuil freagracht rialachais orthu maidir le, i measc nithe eile, an scóip phleanáilte agus tráthúlacht an iniúchta agus na dtorthaí suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh suntasacha sa rialú inmheánach a aithníim le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó
- nach raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun go gceadófaí an cuntas a bheith iniúchta go réidh agus go cuí, nó
- níl an cuntas ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas an cuntas

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar an gcuntas an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis an gcuntas, agus ní thugaim aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas, iarrtar orm faoi na caighdeáin ISA an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus é sin á dhéanamh agam, machnamh a dhéanamh an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir leis an gcuntas nó le heolas eile a fhaightear le linn an iniúchta, nó ar bhealach eile an bhfuil an chuma air go bhfuil míráiteas ábhartha tugtha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtugaim de tháil as go bhfuil míráiteas ábhartha maidir leis an bhfaisnéis eile seo, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar nithe eile

Is le tagairt do na cúinsí speisialta i dtaca le bainistiú agus oibríochtaí comhlachtaí poiblí a dhéantar m'iniúchadh. Tugaim tuairisc má aithníim ábhair ábhartha ann a bhaineann leis an gcaoi a reáchtáiltear gnó poiblí.

Iarraim fianaise a fháil i leith rialtacht idirbhearta airgeadais le linn iniúchta. Tugaim tuairisc má thugaim faoi deara aon eachtra ábhartha nár feidhmíodh airgead poiblí chun na gcríocha a bheartaítear dó, nó sa chás nár chloigh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Córais bhailiúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim

Faoi Alt 3(7) den Acht, déanaim scrúduithe freisin ar bhonn timthriallach in ord

- fíorú cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na córais, nósanna imeachta agus cleachtais arna mbunú ag na Coimisinéirí Ioncaim leordhóthanach chun seiceáil éifeachtach a dhainiú ar mheasúnú, bailiú agus leithdháileadh cuí ioncaim an Stáit.
- d'fhonn mé féin a shásamh gur leordhóthanach an bealach a dhéantar na córais, nósanna imeachta agus cleachtais sin a fhostú agus a fheidhmiú.

Mar a fhoráiltear faoi Alt 3 (10) den Acht, tugaim tuairisc gach bliain ar thorthaí mo scrúduithe córais i mo Thuairisc ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí.

Beartais Chuntasaíochta

Réamhrá

Cuireann an Cuntas seo i láthair bailiú agus leithdháileadh cánacha agus dleachtanna ag na Coimisinéirí Ioncaim agus aistriú na bhfáltais chuig an Státchiste. Cuireann an Cuntas i láthair freisin fáltais neamh-státchiste a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh, nó a íocadh ar aghaidh chuig, Ranna eile Rialtais, Gníomhaireachtaí agus Ballstáit an AE mar atá sonraithe faoi Fháiltis agus Aisíocaíochtaí.

Níl aon chostais riaracháin nó oibriúcháin de chuid Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim san áireamh sa Chuntas seo. Déanann an tOireachtas cistí i gcomhair na gcostas seo a vótáil agus cuirtear san áireamh iad sa Chuntas Leithreasa bliantúil do Vóta 9 – Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ullmhaíodh an Cuntas de bhun Alt 3(7) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Bonn an Chuntais

Ullmhaíodh an Cuntas ar bhonn airgid thirim de réir phrionsabail Chuntasaíochta an Rialtais. Léiríonn an Cuntas na méideanna iarbhir a fuarthas agus a íocadh sa bhliain. Sa chás go bhfaightear méideanna breise sna blianta ina dhiaidh sin nó go n-aisíoctar méideanna a fuarthas sna blianta reatha nó sna blianta roimhe sin, déantar na míreanna sin a thaifeadadh sa bhliain ina bhfuarthas nó ina n-aisíoctar iad.

Fáltais agus Aisíocaíochtaí

Aithnítear fáltais agus aisíocaíochtaí ar bhonn airgid thirim seachas mar a shonraítear thíos;

- Áirítear sna figiúirí fáltais agus aisíocaíochta comhlán do gach ceannteideal cánach fritháirimh is é sin cásanna nach n-íoctar an aisíocaíocht go díreach leis an gcáiníocóir ach go ndéantar í a fhritháireamh i gcoinne cánacha eile atá amuigh.
- Chun fáltais Cánach Ioncaim áirithe a chionroinnt chuig an gceannnteideal cánach bainteach, cuirtear céatadán measta i bhfeidhm. Bíonn tionchar ag an gcionroinnt seo ar fháltais ÍMAT, ÁSPC, MSU agus CMÁ. Chomh luath agus a thíolactar na tuairisceáin ábhartha déantar athbhreithniú ar an meastachán agus athchionroinnt na hadmhálacha de réir mar is cuí.
- Bailítear dleachtanna custam ar bhonn gníomhaireachta thar ceann an AE agus aithnítear iad ar bhonn fáltais comhlán, ach amháin i gcás dleachtanna custam a bhailítear faoi Imreiteach Láraithe nós imeachta custam AE (ar ar tugadh Údarú Singil do Nósanna Imeachta Simplithe roimhe seo). Taispeántar na fáltais seo glan ó na costais bhailithe. Féach Nóta 1 *3.
- Cuirtear suimeanna a fhaightear i leith pionóis agus ús a ghearr na Coimisinéirí Ioncaim chun cuntais leis na socraíochtaí cánach agus dleachta gaolmhara. Tugtar fíneálacha agus pionóis chúirte chun cuntais mar Leithreasaí-i-gCabhair de Vóta 9.
- Coinnítear íocaíochtaí Custam agus Máil mar thaiscí, agus aithnítear mar fháltais iad nuair a thíolactar na tuairisceáin chuí, ach amháin i gcás Ceadúnas Máil, rud atá ar bhonn fáltais airgid. Tugtar cuntas ar éarlaisí a choinnítear sa Ráiteas Iarmhéideanna.
- Cuimsíonn na fáltais Mháil suimeanna a bhailigh na gníomhaireachtaí seo a leanas thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim:
 - An tSeirbhís Chúirteanna (Ceadúnais Mháil)
 - Seirbhís Tástála Gluaisteán Applus+ Teo (Cáin Chláraithe Feithicle).

Gearrann Seirbhís Tástála Gluaisteán Applus+ Teo táille as Cáin Chláraithe Feithicle a bhailiú. Maoinítear an muirear ó chaiteachas Vótáilte agus tugtar cuntas air sa Chuntas Leithreasa bliantúil de Vóta 9.

- g. Tháinig an scéim Mionionad Uileghnó CBL (CBL MIUG) i bhfeidhm an 1 Eanáir 2015 de réir rialacha áit soláthair CBL do ghnólachtaí a sholáthraíonn seirbhísí teileachumarsáide, craolacháin nó seirbhísí a sholáthraítear go leictreonach do thomhaltóirí.

Tugadh isteach ar an 1 Iúil 2021 CBL Ionad Uileghnó (IUG), ar síneadh agus leathnú ar an scéim MIUG é. Clúdaíonn an socrú nua seo anois earraí agus seirbhísí araon a soláthar do thomhaltóirí deiridh san AE agus na prionsabail chéanna á gcur i bhfeidhm. Éascaíonn an scéim Ionad Uileghnó Iompórtála (IUGI) ghnólachtaí atá ag iompórtáil isteach i stáit iolracha.

Is bearta simpliúcháin iad na hathruithe nua seo agus ceapadh iad chun cabhrú le ghnólachtaí. Tagraíonn an teideal Ionad Uileghnó CBL (IUG) sna cuntais do gach/cuid ar leith de na nochtadh cuntais ar scéimeanna Ionad Uileghnó.

Folaíonn na fáltais seo fáltais CBL Éireannaigh a nochtar i Nóta 1 agus suimeanna a bailíodh thar ceann Ballstáit eile an AE a nochtar i Nóta 2.

- h. Is mar seo a leanas atá fáltais neamh-Stáitchiste a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim do, nó a íocadh le Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Rialtais agus Ballstáit AE eile:

- An Ciste Árachais Shóisialaigh (Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa)
- An Roinn Sláinte (Tobhach Tobac)
- An Ciste Cothromaíochta Riosca (an Tobhach Árachais Sláinte)
- An Ciste Comhshaoil (an Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha)
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna)
- Coimisinéirí Soilse na hÉireann (Dleachtanna Tithe Solais)
- An Roinn Airgeadais (Íocaíochtaí Scéim Tacaíochta Tithe Altranais agus Ioncam Ilghnéitheach do Stampaí Táille i leith Chlárú na nGníomhas, Táillí Eadrána agus Táillí Clárúcháin Cuideachtaí)
- Ciste Cúitimh Árachais (tobhach an Chiste Cúitimh Árachais)
- Ballstáit AE (Scéim An Ionaid Uileghnó CBL)
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (an Cháin Maoine Áitiúil)

Gearrann na Coimisinéirí Ioncaim táille as Ranníocaíochtaí ÁSPC a bhailiú, an Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha, Dleachtanna Tithe Solais, íocaíochtaí Scéim Tacaíochta Tithe Altranais agus an tobhach Ciste Cúitimh Árachais. Gearrtar táillí ar chustaiméirí a dhéanann iarratas ar aisíocaíocht CCF faoin Scéim Aisíocaíochta Easpórtála. Cuirtear suimeanna a fhaightear i leith na muirear seo san áireamh mar Leithreasáí-i-gCabhair de Vóta 9.

Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh

Seasann airgead sa bhanc agus ar láimh don airgead iomlán i gcuntais thráchtála agus Bhanc Ceannais araon arna choigeartú chun seiceanna nach bhfuil curtha i láthair agus difríochtaí ama a chur san áireamh.

Suimeanna Ag Feitheadh le Fáil agus Leithdháileadh

- a. Íoctar Cánacha agus Dleachtanna den chuid is mó ar an gcéad dul síos i gcuntais atá i seilbh na gCoimisinéirí Ioncaim i mbainc thráchtála. I bhformhór na gcásanna bíonn treoracha iomlána cuntasáíochta ar eolas ag am na híocaíochta agus déantar íocaíochtaí a admháil ar thaifead custaiméara agus a aistriú chuig an Stáitchiste.
Folaíonn Éarlaisí Cánach Neamh-Leithdháilte (ÉCNL) íocaíochtaí a aistrítear chuig an Stáitchiste mar chuid d'Aistrithe Iomlána i Nóta 6 a bhfuil taifid custaiméirí fós le tabhairt cothrom le dáta ina leith. Folaíonn sé freisin, fáiltais nach bhféadtar a leithdháileadh chuig ceannteideal cánach nó taifead cáiníocóra ag deireadh na bliana. I gcásanna áirithe, mura bhfuil dóthain faisnéise faighte laistigh de 5 bliana, aithnítear na méideanna mar admháil cánach agus baintear iad den iarmhéid UTD a thuairiscítear sa Chuntas. Áiríonn UTD freisin íocaíochtaí a rinneadh ar chuntas le linn iniúchtóireachta cánach agus socraíochtaí iniúchta chomh maith le híocaíochtaí neamh-iniúchta nach bhfuil treoracha cuntasáíochta tugtha chun críche ina leith.
- b. Suimeanna faighte ag cuntais tráchtála ach nár aistríodh iad chuig an mBanc Ceannais ag deireadh na bliana is ea fáiltais chánach ag feitheamh ar aistriú agus leithdháileadh.
- c. Is iad na suimeanna atá le haistriú go Vóta 9, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ná suimeanna a fhaigheann na Coimisinéirí Ioncaim agus tabharfar chun cuntais iad mar Leithreasáí-i-gCabhair de Vóta 9, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Taisc a Coinnítear

- a. Baineann taiscí atá sealbhaithe faoin Acht um Cheartas Coiriúil, 1994 le hairgead a gabhadh faoin Acht agus atá coinnithe ar taisce go dtí go mbeidh na himeachtaí cúirte ann.
- b. Is ionann taiscí a choinnítear le bailitheoirí C&M agus suimeanna a fuarthas in ionad Ráthaíochtaí Bainc nó Ráthaíochtaí Bainc ar feitheamh.
- c. Is ionann taiscí a choinnítear le haghaidh dhliteanais C&M agus suimeanna faighte d'idirbhearta C&M sula bhfaightear na tuairisceáin cuí. Ainmnítear na suimeanna seo mar thaiscí i gcuntas rialaithe go dtí go dtíolactar an tuairisceán cuí agus ansin leithdháiltear iad mar fháiltais. Mar gheall ar an nádúr láimhe a bhaineann le gnéithe áirithe de na taiscí seo a bhainistiú, tá roinnt srianta ar an bhfáil ar shonraí bainteacha ag leibhéal na n-idirbheart. Géilltear aon taiscí ar lámh don Stáitchiste ar an 31 Nollaig mar chuid d'aistrithe Dleachta Máil i Nóta 6.

Iarmhéid dlite ón Stáitchiste

Is ionann an t-iarmhéid dlite ón Stáitchiste agus suimeanna a aistrítear chuig an Stáitchiste ach nach bhfuil taifeadta fós mar fháiltais agus suimeanna sa Stáitchiste atá dlite le híoc le ranna Rialtais ach nár íocadh faoi dheireadh na bliana.

Cuntas ar Fháiltas loncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí loncaim don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

Cuntas ar Fháiltas agus ar Dhiúscairt an loncaim a bailíodh

	Nótaí	2021 €000	2020 €000
Fáltais Chomhlána			
Fáltais an Stáitchiste	1	79,055,502	66,862,078
Fáltais Neamh-Stáitchiste	2	17,540,811	15,396,147
Fáltais Chomhlána loncaim iomlána a Bailíodh		96,596,313	82,258,225

Aisíocaíochtaí

Fáltais Stáitchiste a Aisíoc	3	(11,527,636)	(10,658,360)
Aisíocaíocht Fáltais Neamh-Stáitchiste	4	(142,687)	(129,379)
Aisíocaíochtaí iomlána		(11,670,323)	(10,787,739)

Glanfháltais

Fáltais Stáitchiste	5	67,527,866	56,203,718
Fáltais Neamh-Stáitchiste	7	17,398,124	15,266,768
Glanfháltais loncaim iomlána a Bailíodh		84,925,990	71,470,486

Diúscairt na nGlanfháltas

Fáltais aistrithe chuig an Stáitchiste	6	(67,502,847)	(56,225,688)
Fáltais aistrithe chuig Ranna/Gníomhaireachtaí eile/Ballstáit AE	7	(17,387,027)	(15,252,347)
Diúscairt iomlán na nGlanfháltas loncaim a Bailíodh		(84,889,874)	(71,478,035)

Gluaiseacht Ghlan sa bhliain	36116	(7,549)
Iarmhéid Tosaigh an Chuntais Fáltais agus Diúscartha loncaim ar an 1 Eanáir	(456,656)	(449,107)
Iarmhéid Deiridh an Chuntais Fáltais agus Diúscartha loncaim ar an 31 Nollaig	(420,540)	(456,656)

Is cuid den Chuntas seo iad na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 12.



Niall Cody
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí loncaim



Brian Boyle
Cuntasóir Ginearálta
Oifig na gCoimisinéirí loncaim


21/04/2022

Cuntas ar Fháiltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021


Ráiteas larmhéideanna

	Nótaí	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní			
Airgead Tirim sa Bhanc agus ar Láimh	8	122,655	99,985
Suimeanna dlite ó Ranna Rialtais	9	21	2,488
Iomlán na Sócmhainní		122,676	102,473
 Dlíteanais			
Suimeanna Ag Feitheadh le Fáil agus Leithdháileadh	10	(99,076)	(110,923)
Taiscí i Seilbh	11	(444,140)	(448,206)
Dlíteanais Iomlán		(543,216)	(559,129)
 Glan-Dhlíteanais		(420,540)	(456,656)
 Arna léiriú ag:			
Iarmhéid Deiridh an Chuntais Fáiltas agus Diúscartha Ioncaim			
Iarmhéid dlite ón Stáitchiste	6	(471,494)	(496,513)
Iarmhéid dlite do Ranna/Gníomhaireachtaí eile/Ballstáit AE	7	50,954	39,857
		(420,540)	(456,656)

Is cuid den Chuntas seo iad na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 12.



Niall Cody
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim



Brian Boyle
Cuntasóir Ginearálta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

21/04/2022

Cuntas ar Fháiltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

Nótaí leis an gCuntas

Nóta 1. Fáltais an Stáitchiste a bailíodh	2021 €000	2020 €000
Cáin Ioncaim	29,389,379	25,195,947
Cáin Bhreisluacha	21,556,664 ^{*1}	18,437,211
Cáin Chorporáide	17,517,022	13,896,120
Dleacht Mháil	5,852,591 ^{*2}	5,453,213
Dleachtanna Stampa	1,959,138	2,121,140
Cáin Gnóthachan Caipitiúil	1,674,275	971,506
Cáin Fáltais Caipitiúil	586,732	514,069
Dleacht Custam	519,701 ^{*3}	272,872
	79,055,502	66,862,078

*1 Áirítear leis an bhfigiúr seo na fáltais seo a leanas a bhaineann leis an scéim CBL Ionad Uileghnó;

	2021 €000	2020 €000
Íocaíochtaí CBL a bailíodh i gceart go hÉirinn sa Stát	55,406	12,150
CBL bailithe ag Ballstáit eile atá ceart d'Éirinn	144,458	89,166
Suimeanna coinneála ar CBL a bhailigh an Stát don bhliain 2018 do Bhallstáit an AE	-	15
	199,864	101,331

*2 Foilsítear miondealú ar na cánacha aonair atá san áireamh sa chatagóir Dleacht Mháil i dtuarascáil bhliantúil 2021 na gCoimisinéirí Ioncaim. Áireofar an miondealú seo i gCuntas Faighte Ioncaim an Stáit a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim do 2022.

*3 Tuairiscítear fáltais ó Dhleacht Custam glan ó chostais bhailiúcháin de €12m (€23m, 2020) ceadaithe faoi Imréiteach Láraithe (SASP roimhe seo). Aistríodh €6m (€11.5m, 2020) chuig Ballstáit eile AE agus aistríodh €6m (€11.5m, 2020) chuig Vóta 9 agus taifeadtar iad mar fáltais Leithreasaí-i-gCabhair.

Cuntas ar Fháiltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

Nótaí leis an gCuntas

Nóta 2. Fáltais Neamh-Stáitchiste a bailíodh thar ceann Ranna/Gníomhaireachtaí/Ballstáit eile AE

	2021 €000	2020 €000
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	12,727,495	11,456,328
Scéim An Ionaid Uileghnó CBL	3,130,681	2,367,479
An Ciste um Chothromú Fiontar (Tobhach Árachais Sláinte)	808,999	773,824
Cáin Mhaoine Áitiúil	555,046 ^{*1}	488,308
Fáltais Mháil Tobac	167,605 ^{*2}	167,605
Tobhach Ciste Cúitimh Árachais	96,883	99,359
Scéim Tacaíochta Tithe Altranais (lena n-áirítear fáltais Ilghnéitheacha)	43,214	32,225
Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha	3,513	4,161
Dleachtanna Teach Solais	7,350	6,828
Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna	25	30
	17,540,811	15,396,147

*1 Bristear an figiúr €551m (fáltais €555m lúide aisíocaíochtaí €4m) bailithe glan don Cháin Maoine Áitiúil (CMÁ) síos go €36m do riaráistí Muirir Teaghlaigh do 2012 agus dlíteanais CMÁ do na blianta 2013 go 2020 agus an dá bhliain sin san áireamh, €391m do dhlíteanais CMÁ i ndáil le 2021 agus €124m do dhlíteanais CMÁ i ndáil le 2022 (réamhíocaíochtaí). In 2020, bailíodh €72m i ndlíteanais CMÁ i ndáil le 2021.

*2 Cuirtear Fáltais Máil Tobac €167.6m i láthair mar fháltais neamh-Stáitchiste toisc go n-íoctar iad go díreach leis an Roinn Sláinte faoi Alt 3 den Acht um Leithreasú, 1999, arna leasú ag an Acht um Leithreasú, 2005.

Cuntas ar Fháiltas loncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí loncaim don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

Nótaí leis an gCuntas

Nóta 3. Fáiltas Stáitchiste a Aisíoc

	2021 €000	2020 €000
Cáin loncaim	(2,638,827) *1	(2,548,453)
Cáin Bhreisluacha	(6,166,431)	(5,962,905)
Cáin Chorpáraide	(2,193,904) *1	(2,063,264)
Dleacht Mháil	(29,549)	(26,024)
Dleachtanna Stampa	(464,500)	(26,571)
Cáin Gnóthachan Caipitiúil	(29,456)	(21,834)
Cáin Fáiltas Caipitiúil	(4,958)	(9,252)
Dleacht Custam	(11)	(57)
	(11,527,636)	(10,658,360)

*1 Tugadh an Scéim Tacaíochta Srianthaí Covid (STSC) isteach chun tacú le gnóthaí a raibh tionchar suntasach orthu de dheasca na srianta a thug an Rialtas isteach chun paindéim COVID-19 a throid. Cuireadh tús leis an scéim ar an 13 Deireadh Fómhair 2020 agus tá sé ar fáil do chomhlachtaí, daoine aonair féinfhostaithe agus comhpháirtíochtaí a bhfuil trádáil nó gníomhaíochtaí trádála á reáchtáil acu ó áitreabh gnó. Féadfaidh gnóthaí incháilithe éileamh a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí loncaim le haghaidh íocaíochtaí Réamh-Chreidmheas do Chostais Trádála (RCCT). Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021, eisíodh íocaíochtaí chuig 169,566 iarratasóirí (bhain 87,188 díobh le clárúcháin Cánach Corparáide agus 82,378 díobh le clárúcháin Cánach loncaim). Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, eisíodh íocaíochtaí chuig 14,867 iarratasóirí (bhain 7,554 díobh le clárúcháin Cánach Corparáide agus 7,313 díobh le clárúcháin Cánach loncaim). Tugadh isteach an Scéim Tacaíochta um Atosú Gnó (STAG) chun tacú le gnólaigh a raibh tionchar suntasach ag srianta a thug an Rialtas isteach chun dul i ngleic le héifeachtaí na paindéime Covid-19 agus, go háirithe, na gnólaigh sin a raibh tionchar suntasach acu go fóill fiú tar éis maolú ar shrianta sláinte poiblí. Cuireadh tús leis an scéim ar an 01 Meán Fómhair 2021 agus tá sé ar fáil do chomhlachtaí, daoine aonair féinfhostaithe agus comhpháirtíochtaí a bhfuil trádáil nó gníomhaíochtaí trádála á reáchtáil acu ó áitreabh gnó, is cuma má cháiligh siad roimhe seo do scéimeanna eile Rialtais a bhaineann le Covid-19. Féadfaidh gnóthaí incháilithe éileamh a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí loncaim le haghaidh íocaíochtaí Réamh-Chreidmheas do Chostais Trádála (RCCT). Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021, eisíodh íocaíochtaí chuig 1,915 iarratasóirí (bhain 1,109 díobh le clárúcháin Cánach Corparáide agus 806 díobh le clárúcháin Cánach loncaim). Áirítear leis an bhfigiúr Aisíocaíochtaí Cánach loncaim €84.8m (€22.3m, 2020) maidir le glaníocaíochtaí STSC agus €1.1m i leith glaníocaíochtaí STAG. Áirítear leis an bhfigiúr Aisíocaíochtaí Cánach Corparáide €465.8m (€120.8m, 2020) maidir le glaníocaíochtaí STSC agus €6.4m i leith glaníocaíochtaí STAG.

Nóta 4. Aisíocaíocht Fáiltas Neamh-Stáitchiste a bailíodh thar ceann Ranna/Gníomhaireachtaí/Ballstáit eile AE

	2021 €000	2020 €000
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	(123,088)	(120,933)
Cáin Maoine Áitiúil	(4,257)	(6,579)
Scéim An Ionaid Uileghnó CBL	(15,000)	(1,673)
Scéim Tacaíochta Tithe Altranais (lena n-áirítear fáiltas Ilghnéitheacha)	(337)	(190)
Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha	(5)	(4)
	(142,687)	(129,379)

Nóta 5. Glanfháiltas Stáitchiste

	Fáiltas Chomhlána 2021 €000	Aisíocaíochtaí 2021 €000	Glanfháiltas 2021 €000	Glanfháiltas 2020 €000
Cáin loncaim	29,389,379	(2,638,827)	26,750,552	22,647,494
Cáin Bhreisluacha	21,556,664	(6,166,431)	15,390,233	12,474,306
Cáin Chorpáraide	17,517,022	(2,193,904)	15,323,118	11,832,856
Dleacht Mháil	5,852,591	(29,549)	5,823,042	5,427,189
Dleachtanna Stampa	1,959,138	(464,500)	1,494,638	2,094,569
Cáin Gnóthachan Caipitiúil	1,674,275	(29,456)	1,644,819	949,672
Cáin Fáiltas Caipitiúil	586,732	(4,958)	581,774	504,817
Dleacht Custam	519,701	(11)	519,690	272,815
	79,055,502	(11,527,636)	67,527,866	56,203,718

Cuntas ar Fháiltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

Nótaí leis an gCuntas

Nóta 6. Fáiltas Aistrithe chuig an Stáitchiste

	larmhéid dlite chuig/(ón) Stáitchiste ar an 1.1.21 €000	Glanfháltais €000	Aistrithe lomlána €000	larmhéid dlite chuig/(ón) Stáitchiste ar an 31.12.21 €000
Cáin Ioncaim	(103,274)	26,750,552	(26,666,648)	(19,370)
Cáin Bhreisluacha	65,913	15,390,233	(15,441,097)	15,049
Cáin Chorpáraide	(791)	15,323,118	(15,324,426)	(2,099)
Dleacht Mháil	(420,817)	5,823,042	(5,838,708)	(436,483)
Dleachtanna Stampa	(17,956)	1,494,638	(1,482,820)	(6,138)
Cáin Gnóthachan Caipitiúil	(3,461)	1,644,819	(1,641,680)	(322)
Cáin Fáiltas Caipitiúil	(391)	581,774	(581,332)	51
Dleacht Custam	(15,736)	519,690	(526,136)	(22,182)
	(496,513)	67,527,866	(67,502,847)	(471,494)

Nóta 7. Fáiltas a aistríodh chuig Ranna/Gníomhaireachtaí/Ballstáit Eile AE

	An tlarmhéid Dlite ag 1.1.21 €000	Glan- Fáltais €000	Aistrithe lomlána €000	larmhéid dlite ar an 31.12.21 €000
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	34,578	12,604,407	(12,620,920)	18,065
Scéim An Ionaid Uileghnó CBL	1,872	3,115,681	(3,090,818)	26,735
An Ciste um Chothromú Fiontar (Tobhach Árachais Sláinte)	-	808,999	(808,999)	-
Cáin Maoine Áitiúil	2,989	550,789	(552,489)	1,289
Fáltais Mháil Tobac	-	167,605	(167,605) ^{*1}	-
Tobhach Ciste Cúitimh Árachais	487	96,883	(92,876)	4,494
Scéim Tacaíochta Tithe Altranais (lena n-áirítear fáltais Ilghnéitheacha)	(70)	42,877	(42,438)	369
Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha	1	3,508	(3,506)	3
Dleachtanna Teach Solais	(1)	7,350	(7,350)	(1)
Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna	1	25	(26)	-
	39,857	17,398,124	(17,387,027)	50,954

*1 An tsuim €167,605,000 a íocadh ó fháltais na bhFáltais Máil Tobac leis an Roinn Sláinte faoi Alt 3 den Acht um Leithreasú, 1999, arna leasú ag an Acht um Leithreasú, 2005.

Cuntas ar Fháiltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

Nótaí leis an gCuntas

Nóta 8. Airgead Tirim sa Bhanc agus ar Láimh

	2021 €000	2020 €000
Iarmhéid i gCuntas na gCoimisinéirí Ioncaim a choinnítear sa Bhanc Ceannais	106,023	82,099
Iarmhéid i gCuntas na gCoimisinéirí Ioncaim a choinnítear ag Bainc Thráchtála	36,177	37,175
Seiceanna nár tugadh i láthair	(19,620)	(19,361)
Airgead ar Láimh	75	72
	122,655	99,985

Nóta 9. Suimeanna dlite ó Ranna Rialtais

Sa chás go n-eascraíonn dliteanas mar thoradh ar iompórtáil earraí ag Ranna Rialtais, scaoiltear na hearraí gan dleachtanna ná cánacha a íoc láithreach agus gearrtar an méid atá dlite ar an Roinn ina dhiaidh sin.

Nóta 10. Suimeanna atá le Fáil agus le Leithdháileadh

	2021 €000	2020 €000
Taiscí Cánach Neamh-Leithdháilte	(85,413)	(102,317)
Fáltais chánach ag feitheamh ar aistriú agus leithdháileadh	(13,500)	(8,540)
Suimeanna ag feitheamh ar aistriú chuig Vóta 9, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	(163)	(66)
	(99,076)	(110,923)

Nóta 11. Taiscí i Seilbh

	2021 €000	2020 €000
Taiscí i seilbh faoin Acht um Cheartas Coiriúil 1994	(2,954)	(3,010)
Taiscí i seilbh Bailitheoirí C&M	(15,433)	(10,743)
Taiscí i seilbh i ndáil le dliteanais C&M dlite i ndiaidh 31 Nollaig	(425,753)	(434,453)
	(444,140)	(448,206)

Nóta 12. Calaois agus calaois amhrasta

	Líon na gcásanna		2021 €000	2020 €000
	2021	2020		
Calaois *1	-	1	0	3
Calaois Amhrasta *2	2	-	13	-
	2	1	13	3

* 1 Is ionann líon na gcásanna calaoise agus cásanna inar cuireadh imscrúdú inmheánach i gcrích, inar scoireadh an fostaí nó inar éirigh an fostaí as agus inar tuairiscíodh an chalaos don Gharda Síochána.

*2 Is ionann líon na gcásanna calaoise amhrasta agus cásanna atá faoi réir imscrúdú inmheánach agus go bhfuil cinneadh fós le déanamh maidir le cé acu an ionann na gníomhaíochtaí agus calaois.

Innéacs Tábla 2021

Tábla 1: Iomlán na bhFáltas Comhlán Státchiste agus Neamh-Státchiste	97
Tábla 2: Iomlán na nGlanfháltas	98
Tábla 3: Méid an Ghnó 2021	99
Tábla 4: Caighdeáin & Torthaí na Seirbhíse do Chustaiméirí	100
Tábla 5: Meánchéatadán Cánach a Bailíodh le linn na Míosa ina raibh sí Dlite (de réir Cánach)	100
Tábla 6: Comhlíontacht Tuairisceán/Íocaíochtaí de réir Mhéid an Cháis	101
Tábla 7: Cláir Forfheidhmithe Bailithe in 2021	101
Tábla 8: Seirbhís um Fiachais a Bhainistiú	101
Tábla 9: Maoirsiú ar Dhócmhainneacht Chorporáideach agus Phearsanta	101
Tábla 10: Tuairimí Cuí curtha ar fáil do Chomhlachtaí agus Eintitis Eile 2021	102
Tábla 11: Nósanna Imeachta um Chomhaontú Frithpháirteach (MAPs)	102
Tábla 12: Réamh-Chomhaontuithe Praghsála (RCP)	102
Tábla 13: Méid na nDearbhuithe Custam a Próiseáladh	103
Tábla 14: Gníomhaíochtaí Idirghabhálacha Iniúcháireachta agus Comhlíontachta 2021	103
Tábla 15: Achoimre ar Thorthaí na nIdirghabhálacha Earnála Roghnaithe	104
Tábla 16: Foilseacháin	104
Tábla 17: Foilseacháin de réir Earnála Roghnaithe	105
Tábla 18: Urghabhálacha Drugaí	105
Tábla 19: Táirgí Inmháil Urghafa	105
Tábla 20: Urghabhálacha Airgid Tirim	105
Tábla 21: Orduithe Forghéilleadh Airgid Tirim	106
Tábla 22: Ionchúisimh i leith Dian-Imghabháil	106
Tábla 23: Iarratais ar Chúnamh Frithpháirteach 2021	106
Tábla 24: Laethanta Oiliúna Seachadta	106
Tábla 25: Cáilíochtaí 3ú Leibhéal Ollscoil Luimnigh bronnta in 2021	107
Tábla 26: Foras Cánachais na hÉireann – Cáilíochtaí Gairmiúla bronnta in 2021	107
Tábla 27: Miondealú Céatadáin Foirne Mná i ngach Grád	107
Tábla 28: Iarratais Saorála Faisnéise 2021	107
Tábla 29: Athbhreithnithe Inmheánacha & Seachtracha 2021	108
Tábla 30: Gearáin a bhaineann leis na Coimisinéirí Ioncaim a thug an tOmbudsman chun críche	108
Tábla 31: Comhlíontacht leis an Acht um Íoc Pras Cuntas	108

Tábla 1: Iomlán na bhFáltas Comhlán Státhchiste agus Neamh-Státhchiste

Catagóir	2021 €m	2020 €m
Fáltais Státhchiste		
Cáin Ioncaim	29,389	25,196
Cáin Bhreisluacha	21,557	18,437
Cáin Chorporáide	17,517	13,896
Máil	5,852	5,453
Dleachtanna Stampa	1,959	2,121
Cáin Gnóthachan Caipitiúil	1,674	972
Cáin Fáltas Caipitiúil	587	514
Custaim	520	273
Fáltais Neamh-Státhchiste		
Bailiúchán Fáltas Comhlán thar ceann Rannóga / Gníomhaireachtaí* eile	17,541	15,396
Iomlán	96,596	82,258

Tabhair do d'aire: Is mar gheall ar shlánú i bhfigiúirí comhpháirteacha atá aon mhíréir follasacha sna figiúirí iomlána

* Áirítear i measc na bhFáltas Comhlán a bhailítear thar ceann Rannóga / Gníomhaireachtaí eile fáltais amhail Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) agus an Cháin Maoine Áitiúil (CMÁ).

Tábla 2: Iomlán na nGlanfháltas

Dleachtanna, Cánacha & Tobhaigh	Glanfháltais 2021 €m	Glanfháltais 2020 €m	Glanfháltais 2021 +/- 2020 €m
ÍMAT Cáin Ioncaim	18,737	15,576	3,161
ÍMAT MSU	3,742	3,260	482
Cáin Ioncaim Féinmheasúnaithe	1,949	1,828	121
MSU Féinmheasúnaithe	625	572	53
Cáin Scuchta ar Árachas Saoil	129	124	5
Cáin Choinneála ar Ús Taisce	20	37	-17
Cáin Iarchoimeáda ar Sheirbhísí Gairmiúla	902	759	143
Cáin Iarchoimeáda ar Dhíbhinní	582	487	95
Dleacht Siar/CCI	64	4	60
Iomlán na Cánach Ioncaim agus MSU	26,750	22,647	4,103
CBL ar Iompórtálacha	1,699	1,802	-103
CBL Inmheánach	13,691	10,672	3,019
Iomlán na Cánach Bhreisluacha	15,390	12,474	2,916
Cáin ar Tháirgí Tobac	1,150	1,034	116
Cáin ar Tháirgí Alcóil	1,176	1,204	-28
Cáin Ola Mianra	1,926	1,814	112
Cáin Charbóin	652	494	158
Cáin Chláraithe Feithiclí	786	751	35
Dleachtanna Máil Eile	133	130	3
Iomlán na nDleachtanna Máil	5,823	5,427	396
Cáin Chorporáide	15,323	11,833	3,490
Dleacht Stampa ar Scaireanna	372	506	-134
Dleacht Stampa ar Mhaoín	728	566	162
Dleacht Stampa eile	395	1,022	-627
Iomlán na nDleachtanna Stampa	1,495	2,094	-599
Cáin Gnóthachan Caipitiúil	1,645	950	695
Cáin Fáltas Caipitiúil	582	505	77
Custaim	520	273	247
IOMLÁN NA NGLANFHÁLTAS STÁTCHISTE	67,528	56,203	11,325
Cáin Mhaoine Áitiúil	551	482	69
IOMLÁN NA NGLANFHÁLTAS STÁTCHISTE AGUS CMÁ	68,079	56,685	11,394

Tabhair do d'aire: Is mar gheall ar shlánú i bhfigiúirí comhpháirteacha atá aon mhíreir fhollasacha sna figiúirí iomlána.
Déantar Dleacht Stampa do 2020 a athrangú chun a ailíniú le cur i láthair 2021.

Tábla 3: Méid an Ghnó 2021

Gníomhaíocht	Líon / €
Fostaithe ÍMAT i bhfostaíocht*	2,884,171
Tíolacthaí párolla	5,938,398
Clárúcháin Cánach Ioncaim Féinmheasúnaithe	829,859
Clárúcháin Chuideachta	235,637
Clárúcháin CBL	275,274
Maoine CMÁ Tuairiscithe	1,880,341
Conarthaí CCI curtha in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim	612,004
Íocaíochtaí CCI curtha in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim	1,509,187
Líon na n-íocaíochtaí leictreonacha déanta leis na Coimisinéirí Ioncaim	9,979,244
Luach na n-íocaíochtaí leictreonacha déanta leis na Coimisinéirí Ioncaim	€90.65bn
Líon na n-íocaíochtaí leictreonacha déanta le cáiníocóirí	1,581,028
Luach na n-íocaíochtaí leictreonacha déanta le cáiníocóirí	€9.8bn
Líon na dTuairisceán Leictreonach a fuarthas**	7,892,182
Glaonna Fóin a Freagraíodh***	2,039,818
Comhfhreagras a ndéileáladh leis (fiosruithe ar líne san áireamh)****	3,872,723

* Folaíonn sé seo fostaíochtaí iomadúla agus faighteoirí pinsean ceirde.

** Ní fholaíonn sé Dearbhuithe Custam a leagtar amach go leithleach i dTábla 13.

*** Folaíonn sé seo 180,221 glao freagartha ag seirbhís sheachtrach i ndáil leis an gCáin Mhaoine Áitiúil.

**** Cuireadh catagóirí breise le M'Fhiosruithe in 2021 chun an tseirbhís fiosrúcháin ar líne a leathnú.

Tábla 4: *Caighdeáin & Torthaí na Seirbhíse do Chustaiméirí*

Seirbhís	Gealltanas	Seachadadh
ROS le haghaidh Gnó	Próiseas fiordheimhnithe curtha i gcrích taobh istigh d'aon lá oibre	100%
moChúrsaí	100% de chlárúcháin ar líne críochnaithe laistigh de dheich lá oibre	90%
CI, CC, PREM	100% de chlárúcháin ar líne críochnaithe taobh istigh de 3 lá oibre	100%
CBL	100% de chlárúcháin ar líne críochnaithe taobh istigh de 10 lá oibre	83%
CCI	100% de chlárúcháin ar líne críochnaithe taobh istigh de 10 lá oibre	93%
Tuairisceáin agus Dearbhuithe ROS	100% próiseáilte taobh istigh de 2 lá oibre	100%
Aisíocaíochtaí ROS	100% próiseáilte taobh istigh de 5 lá oibre	100%
Tuairisceáin, dearbhuithe, iarratais neamh-ROS,	100% taobh istigh de 20 lá oibre.	55%
Aisíocaíochtaí nó fritháirimh neamh-ROS	100% taobh istigh de 20 lá oibre.	89%
Comhfhreagras	100% taobh istigh de 30 lá oibre.	92%
Seirbhís Fóin	100% freagartha taobh istigh de 5 nóiméad	49%
M'Fhiosruithe	100% próiseáilte taobh istigh de 20 lá oibre	91%
Seirbhís Theicniúil na gCoimisinéirí Ioncaim	Freagra ar iarratais bhailí a eisítear laistigh de 20 lá	30%
Gearáin	100% próiseáilte taobh istigh de 20 lá oibre	61%
Iarratas ar Dheimhnithe Imréitigh Cánach um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí	100% próiseáilte taobh istigh de 5 lá oibre	100%

Tábla 5: *Meánchéatadán Cánach a Bailíodh le linn na Míosa ina raibh sí Dlíte (de réir Cánach)*

Ceannteideal Cánach	2021
ÍMAT/ÁSPC	99%
CBL	97%
Cáin Ioncaim (Neamh-ÍMAT)	98%
Cáin Gnóthachan Caipitiúil	85%
Cáin Chorporáide	98%
Cáin Conarthaí Iomchuí	94%

Tábla 6: Comhlíontacht Tuairisceán/Íocaíochtaí de réir Mhéid an Cháis

Méid an Cháis	Mí Dlíte Comhlíontacht 2021	Mí Dlíte +1 Comhlíontacht 2021
Cásanna Móra	96%	98%
Cásanna Meánmhéide	94%	97%
Cásanna Eile	79%	88%

Tabhair do d'aire: Folaíonn rátaí comhlíontachta tuairisceáin thíolactha agus fiachas stórasaithe

Tábla 7: Cláir Forfheidhmithe Bailithe in 2021

Forfheidhmiú	Líon cásanna	Líon na n-atreoruithe	Luach na n-atreoruithe	Toradh €m
Aturrae	174	183	16.5	14.5
Sirriam	659	707	17.7	9.9
Astú	21	30	2.3	0.2
Iomlán	854	920	36.5	24.6

Tábla 8: Seirbhís um Fiachais a Bhainistiú

Gníomhaíocht	2021
Iarratais Íocaíochtaí / Meastacháin Eisithe	12,388
Éilimh Dheiridh Eisithe	5,707
Iarratais Cáiníocóirí ar Áiseanna Tráthíocaíochtaí Próiseáilte	3,843*
Atreoruithe le haghaidh Forfheidhmithe	920

* Iarratais dhiúltaithe san áireamh

Tábla 9: Maoirsiú ar Dhócmhainneacht Chorpáraideach agus Phearsanta

Gníomhaíocht	2021
Cuideachtaí a ndearnadh foirceannadh orthu trí Leachtú Toilteanach Creidiúnaithe	251
Cruinnithe Creidiúnaí ar Freastalaíodh orthu	280
Achainíocha na gCoimisinéirí loncaim chun na hArd-Chúirte chun Leachtaitheoir a Cheapadh	1
Glacadóireacht	61
Scrúdaitheoireacht	14
Achainíocha na gCoimisinéirí loncaim ar fhéimheachtaí	14

Tábla 10: Tuairimí Cuí curtha ar fáil do Chomhlachtaí agus Eintitis Eile 2021

Catagóir Tuairime	Líon
Trádáil	1
Athchóirithe agus cónascthaí	18
Díolúine ó cháin maidir le gnóthachain ar dhiúscairtí scaireanna áirithe	2
Roghanna chun na Scéime Cánach Tonnáiste	3
Fáil ar fhaoiseamh úis i leith iasachtaí a feidhmíodh chun scairchaipiteal a fháil nó maoiniú iasachta a chur ar fáil do chomhlacht trádála nó comhlacht a choinníonn scaireanna i gcomhlacht trádála	1
Cánacha larchoimeáda	26
Dleacht Stampa	31
Cáin Gnóthachan Caipitiúil	3
Formhuirir dlúthchuideachta	3
Cáin Chorporáide	7
Ilghnéitheach	2
Iomlán	97

Tábla 11: Nósanna Imeachta um Chomhaontú Frithpháirteach (MAPs)

	Fardal Tosaigh 01/01/2021	Tosaithe	Críochnaithe	Fardal Deiridh 31/12/2021
Cásanna praghsála aistrithe	80	23	17	86
Cásanna neamh-praghsála aistrithe eile	71*	148	155	64
Iomlán	151	171	172	150

* Ní hionann líon na gcásanna san fhardal tosaigh an 1 Eanáir 2021 agus líon na gcásanna san fhardal deiridh an 31 Nollaig 2020. Athbhreithníodh an uimhir seo le bheith comhsheasmhach leis na sonraí fardail a comhaontaíodh go foirmiúil le comhpháirtithe conartha na hÉireann mar chuid de phróiseas meaitseála staitisticí MAP de chuid an OECD.

Tábla 12: Réamh-Chomhaontuithe Praghsála (RCP)

Fardal Tosaigh 01/01/2021	Iarratais a Fuarthas in 2021	Tugtha chun críche in 2021	Tarraingthe siar ag an gcáiníocóir in 2021	Fardal Deiridh 31/12/2021	Réamh-Chomhaontuithe i bhfeidhm amhail ón 01/01/2021	Réamh-Chomhaontuithe i bhfeidhm amhail ón 31/12/2021
45	11	3	1	52	4	3

Tábla 13: Méid na nDearbhuithe Custam a Próiseáladh

Cineál Dearbhaithe	2021
Dearbhuithe iompórtála	27,166,233
Dearbhuithe easpórtála	2,490,068
Idirthuras - Isteach	52,690
Idirthuras - Amach	119,634
Iomlán	29,828,625

Tábla 14: Gníomhaíochtaí Idirghabhálacha Iniúcháireachta agus Comhlíontachta 2021

Idirghabháil	Líon Críochnaithe	Toradh €m
Iniúchtaí Cuimsitheacha/Imscrúduithe	494	388.2
Iniúchtaí Ilchánach/Dleachta	162	13.1
Cáin/Dleacht/Saincheist Shingil/Iniúchtaí Idirbheart	504	36.8
Líon Iomlán na nIniúcháireachta/Imscrúduithe	1160	388.1
Gnéfiosrú	55,302	951.3
Agallamh Próifíle	818	30.7
Breithiúnais (gan tuilleadh gnímh)	61,428	Ní bhaineann le hábhar
Seiceálacha Dearbhaithe	337,094	3.0
Seiceálacha ÍMAT	8,012	14.8
Iomlán Neamh-Iniúcháireachta/Imscrúduithe	462,654	999.8
Iomlán na nIdirghabhálacha	463,814	1,387.9

Tábla 15: Achoimre ar Thorthaí na nIdirghabhálacha Earnála Roghnaithe

Earnáil	Líon na nIníúchtaí/Imscrúduithe	Toradh €m	Idirghabhálacha Bainistíochta Riosca (IBR)	Toradh €m	Iomlán na nIdirghabhálacha	Toradh Iomlán €m
Gníomhaíochtaí Cuntasaíochta, Leabharchoimeáda agus Iniúchóireachta	16	0.7	362	2.9	378	3.6
Tógáil	119	7.1	7208	16.7	7327	23.8
Dochtúirí	31	5.6	205	2.7	236	8.3
Dlíodóirí, Abhcóidí agus Gníomhaíochtaí Eile Dlí	9	2.2	295	2.5	304	4.7
Teach tábhairne	21	0.5	840	2.7	861	3.2
Ar Cíos	47	5	1,815	15.9	1,862	20.9
Bialanna agus Ionaid Mhearbha	64	1.1	1,458	3.2	1,522	4.3
Miondíoltóirí	99	2.6	5,605	18.6	5,704	21.2
Mórdíoltóirí	101	5.4	4,944	16.7	5,045	22.1
Iomlán	507	30.2	22,732	81.9	23,239	112.1

Tabhair do d'aire: Tá na torthaí seo san áireamh sna torthaí foriomlána ar Thábla 14. Is éard atá sa tábla seo ná léiriú ar shampla d'earnálacha in ord aibíte.

Tábla 16: Foilseacháin

An Tréimhse	Líon agus Iomlán na Socraíochtaí in €m		Líon níos lú ná nó cothrom le €100k	Líon idir €100k agus €500k	Líon idir €500k agus €1 milliún	Líon níos mó ná €1 milliún	Líon agus Iomlán na bpionós arna gcinneadh ag Cúirt €k	
R1	30	21.30	14	11	2	3	0	0
R2	18	3.39	11	6	0	1	6	730,314
R3	15	2.80	6	8	0	1	1	35,801
R4	23	2.80	15	7	1	0	1	21,879
Iomlán	86	30.29	46	32	3	5	8	787,994

Tábla 17: Foilseacháin de réir Earnála Roghnaithe

Earnáil	Foilseacháin
Stiúrthóirí & Iar-Stiúrthóirí Cuideachta	5
Foirgníocht & Gnó Gaolmhar /Forbróirí Maoine	8
Feirmeoirí / Seirbhísí Talmhaíochta	9
Comhairleoirí TF / Ríomhaireachta / Gnó	2
Tiarnaí Talún / Cóiríocht ghearrthéarmach	3
Earnáil Déantúsaíochta	3
Comhairleoirí Leighis & Seirbhísí Gaolmhara	18
Díoltóirí Mótair / Trádálacha Gaolmhara	5
Gairmithe / Fostaithe ÍMAT	25
Tábhairneoirí / Bialanneoirí / Soláthraithe Bia Beir Leat	2
Miondíoltóirí	5

Tabhair do d'aire: Is éard atá sa tábla seo ná léiriú ar shampla d'earnálacha in ord aibítire. Féadfaidh cás singil foilsithe teacht faoi chuimsiú breis agus earnáil amháin, mar shampla, beidh duine ar a ndéantar cur síos mar Stiúrthóir Cuideachta/Tiarna Talún le sonrú sa tábla mar Stiúrthóir Cuideachta agus mar Thiarna Talún.

Tábla 18: Urghabhálacha Drugaí

Cineál Druga	Líon na nUrghabhálacha	Cainníocht (kg)	Luach (€m)
Cannabas (Luibh & Roisín)	5,393	1,746	32.4
Cócaon agus Hearóin	174	912	71.7
Amfataimíní, Eacstais & eile	15,596	3,083	10.7
Iomlán	21,163	5,741	114.8

Tábla 19: Táirgí Inmháil Urghafa

Táirge	Líon na nUrghabhálacha	Cainníocht	Luach €m
Toitíní	4,889	60.7m	43.5
Tobac	1,692	38,246 kgs	24.1
Alcól (Beoir, Biotáille & Fíon)	3,507	429,478 lítear	2.7
Ola Mianra Aindleathach	10	31,650 lítear	-
Ionaid Sciúrtha Ola	3	12,433 lítear	-
Feithiclí*	601	601	8.5

* Feithiclí a urghabhadh mar gheall ar chionta i ndáil le hola mianraí marcáilte, cionta ó thaobh na Cánach Cláraithe Feithiclí agus mar thoradh ar úsáid i dtaca le cionta líomhnaithe faoin dlí Custam nó Máil

Tábla 20: Urghabhálacha Airgid Tirim

	2021
Líon na nUrghabhálacha	51
Luach (€)	805,948

Tábla 21: Orduithe Forghéilleadh Airgid Tirim

	2021
Líon Orduithe Forghéilleadh	30
Luach (€)	250,620

Tábla 22: Ionchúisimh i leith Dian-Imghabháil

Le linn 2021	Iomlán
Líon na n-Imscrúduithe leanúnacha	57
Líon na gcásanna a tarchuireadh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí	6
Líon na gcásanna ar eisigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí treoracha ina dtaobh	6
Líon na gcásanna os comhair na gCúirteanna	49
Líon na gciontuithe a fuarthas	9
Líon na gciontuithe coiriúla achoimre	231
Iomlán Fíneálacha a gearradh	€599,699

Tábla 23: Iarratais ar Chúnamh Frithpháirteach 2021

Iarratais ar Chúnamh Frithpháirteach	A fuarthas	A seoladh	A dúnadh	Idir Lámha Deireadh 2021
Ó / Chuig Bhallstáit AE	959	270	986	572
Ó/Chuig Tíortha Eile	247	91	284	64
Iomlán	1,206	361	1,270	636
Iarratas ó Europol	410	115	525	0

Tábla 24: Laethanta Oiliúna Seachadta

Catagóir Oiliúna	Laethanta Oiliúna Seachadta
Oiliúint Clár Iniúchta	7,597
Seirbhísí do Chustaiméirí/Cánacha Teicniúla	5,493
Custaim agus Mál Teicniúil	7,318
Ríomhaire/TF/Córais	559
Bainistíocht/Scileanna Bog/Cúrsaí ar líne	737
Bailiú & Comhlíontacht	371
Sláinte & Sábháilteacht	232
Laethanta Oiliúna Céime OL	2,674
Forbairt Leanúnach Pearsanta Gairmiúla	75
Oiliúint OneLearning	1,122
Iomlán	26,178

Tabhair do d'aire: tá na figiúirí slánaithe aníos, nuair is cuí

Tábla 25: Cáilíochtaí 3ú Leibhéal Ollscoil Luimnigh bronnta in 2021

Catagóir Bronnadh	Líon na ndámhachtainí
Dioplóma i gCánachas Feidhmeach	64
BA (Onóracha) i gCánachas Feidhmeach	46
Teastais Chustaim*	62
MBA	3
Iomlán	175

* Tabhair do d'aire: In 2021, bronnadh teastais chustaim ar 23 mac léinn a chríochnaigh an clár in 2020 agus ar 39 mac léinn a chríochnaigh an clár in 2021.

Tábla 26: Foras Cánachais na hÉireann – Cáilíochtaí Gairmiúla bronnta in 2021

Catagóir Bronnadh	Líon na ndámhachtainí
Teastais	108
Teicneoir Cánach	131*
Dioplóma i gCánachas	8
Comhairleoir Cánach Cairte	5
Iomlán	252

* Tabhair do d'aire: Soláthraíonn athrú ar an gcaoi a léirítear na sonraí i gcomparáid le blianta roimhe seo léiriú níos cruinne ar na dámhachtainí iarbhir a eisíodh. Is ionann 131 dámhachtain do Theicneoir Cánach agus 457 Teastais

Tábla 27: Miondealú Céatadán Foirne Mná i ngach Grád

Grád	2021 - Baineann %	2015 - Baineann %
Rúnaí Cúnta	56%	13%
Príomhoifigeach	58%	35%
Príomhoifigeach Cúnta	55%	43%
Oifigeach Riaracháin/Ardoifigeach Feidhmiúcháin	55%	52%
Oifigeach Feidhmiúcháin/Oifigeach Foirne	64%	71%
Oifigeach Cléireachais	69%	73%
Oifigeach Seirbhísí	36%	38%
Iomlán	62%	63%

Tábla 28: Iarratais Saorála Faisnéise 2021

Catagóir	2021
A fuarthas	205
Scaoileadh Iomlán	32
Scaoileadh Páirteach	102
Diúltaithe	59
Déileáiltear leis lasmuigh de Shaoráil Faisnéise/Tarraingthe Siar/Aistrithe	5
Iarratas ar Athbhreithniú Inmheánach	20
Achomharc leis an gCoimisinéir Faisnéise	8

Tábla 29: Athbhreithnithe Inmheánacha & Seachtracha 2021

Sonraí an Cháis	Inmheánach	Seachtrach	Iomlán
Iarratais tugtha ar aghaidh	0	6	6
Cásanna a ceadaíodh sa bhliain	5	17	22
Iomlán	5	23	28
Líon tugtha chun críche sa bhliain	3	17	20
Cinneadh i bhfabhar an chustaiméara	0	3	3
Cinneadh i gcoinne an chustaiméara	2	13	15
Cinneadh athbhreithnithe/ athbhreithnithe go páirteach	0	1	1
Scortha	1	0	1
Ar láimh ag deireadh na bliana	2	6	8

Tábla 30: Gearáin a bhaineann leis na Coimisinéirí Ioncaim a thug an tOmbudsman chun críche

Toradh	Líon na nGearán
Seasadh le	4
Seasadh le go páirteach	2
Níor seasadh le	12
Cúnamh curtha ar fáil	6
Scortha/Tarraingt Siar	1
Scortha roimh am	0
Lasmuigh de shainchúram	0
Iomlán	25

Tábla 31: Comhlíontacht leis an Acht um Íoc Pras Cuntas

Íocaíocht Déanta	Líon	Luach €	% de Líon Iomlán na nÍocaíochtaí a rinneadh
Taobh istigh de 15 lá	10,496	127,579,314	93.02
Laistigh de 16-30 Lá	752	8,840,422	6.66
Níos mó ná 30 Lá	36	158,804	0.32
Iomlán	11,284	136,578,540	100.00
Eolas Breise	Líon	Luach €	
Ús ar íocaíocht dhéanach íoctha in 2021	24	1,389	
Costais cúitimh a íocadh in 2021	24	1,560	
Meánlaethanta a thógtar chun íocaíocht a dhéanamh	9	—	

Aguisín 1 - Míreanna Oidhreachta a Thabhairt

Míreanna Oidhreachta a Thabhairt

Forálann Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 do chreidmheas i gcoinne dliteanais chánach nuair a bhronnann cáiníocóir míreanna oidhreachta áirithe ar na bailiúcháin náisiúnta. Bronnadh na míreanna seo a leanas in 2021.

- The Installation of Captain Rock, ar luach €1,000,000.
- Port of Cork Collection, ar luach €891,000.
- Dhá bhailiúchán ar leith d'airgead na hÉireann ón 17^ú haois go dtí an 20^ú haois, ar luach €875,000 agus €750,000 faoi seach.

Is é an luach a léirítear ná luach margaidh na míreanna.

Maoín Oidhreachta a bhronnadh ar lontaobhas Oidhreachta na hÉireann/ Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn

Déantar foráil in Alt 1003A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 chun creidmheas a fháil i gcoinne dliteanas cánach nuair a bhronnann cáiníocóir maoín oidhreachta áirithe ar lontaobhas Oidhreachta na hÉireann nó ar Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn.

Níor bronnadh aon tabhartas faoin scéim sin in 2021.

Ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim

www.revenue.ie

ISSN 16495292

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Bealtaine 2022